

Socruithe Rialtais Áitiúil i nGaillimh

Tuarascáil Choiste Rialtais Áitiúil na Gaillimhe

Samhain 2015

Clár na nÁbhar

Réamhfocal an Chathaoirligh	5
Achoimre Fheidhmeach	7
Comhdhéanamh an Choiste agus téarmaí tagartha	7
Comhairliúchán	7
Imscrúdú ar roghanna	8
Conclúidí, moltaí agus na chéad chéimeanna eile	9
‘Mórúdarás na Gaillimhe’	10
An Fhís le haghaidh Mórúdarás na Gaillimhe a Chur i gCrích	11
1. Réamhrá	14
1.1 Bunú an Choiste	14
1.2 Obair an Choiste	15
2. An Comhthéacs a Leagan Síos	17
2.1 An comhthéacs áitiúil	17
Contae na Gaillimhe	17
Cathair na Gaillimhe	18
Socruithe reatha don rialtas áitiúil	19
2.2 An comhthéacs náisiúnta	20
2.3 An comhthéacs idirnáisiúnta	21
3. Achoimre ar na Saincheisteanna a hArdaíodh in Aighneachtaí	23
4. Imscrúdú ar na Roghanna	26
4.1 Gan athrú	27
4.2 Leathnú teorann	29
4.3 Seirbhísí comhroinnte	31
4.4 Cónascadh	33
5. Conclúidí, moltaí agus na chéad chéimeanna eile	35

'Mórúdarás na Gaillimhe'	36
An Fhís le haghaidh Mórúdarás na Gaillimhe a Chur i gCrích	39
Conclúid	42
Aguisín 1 Athbhreithniú ar an Rialtas Áitiúil i nGaillimh, Téarmaí Tagartha	43
Aguisín 2 An próiseas comhairliúcháin.....	47
Aguisín 3 An comhthéacs náisiúnta.....	49
Athchóiriú an rialtais áitiúil.....	49
Cumasc ar Chomhairlí Luimnigh, Phort Láirge agus Thiobraid Árann	53
Forbairtí beartais eile go náisiúnta	54
An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta	54
Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí	55
Ár gCathracha: Tiománaithe an Iomaíochais Náisiúnta	55
Aguisín 4 Forbhreathnú ar thaithí roghnaithe idirnáisiúnta maidir le hatheagrú, cumasc agus cónascaí rialtais áitiúil.....	57
Aguisín 5 Anailís bunaithe ar ilchritéir de na roghanna le haghaidh socruithe rialtais áitiúil i nGaillimh 77	
Cúlra	78
Fís / acmhainn straitéiseach / forbairt gheilleagrach agus shóisialta	80
Gan athrú.....	81
Leathnú teorann do chathair na Gaillimhe.....	81
Seirbhísí radacacha comhroinnte.....	81
Cumasc iomlán	82
Rialachas agus cuntasacht	83
Gan athrú.....	83

Leathnú teorann do chathair na Gaillimhe	84
Seirbhísí radacacha comhroinnte	84
Cumasc iomlán.....	84
Soláthar seirbhíse	85
Gan athrú	85
Leathnú teorann do chathair na Gaillimhe	86
Seirbhísí radacacha comhroinnte	86
Cumasc iomlán.....	86
Bainistíocht acmhainní daonna.....	87
Gan athrú	87
Leathnú teorann do chathair na Gaillimhe	87
Seirbhísí radacacha comhroinnte	88
Cumasc iomlán.....	88
Éifeachtúlacht.....	89
Gan athrú	90
Leathnú teorann do chathair na Gaillimhe	90
Seirbhísí radacacha comhroinnte	90
Cumasc iomlán.....	90
Inbhuanaitheacht airgeadais	91
Gan athrú	91
Leathnú teorann do chathair na Gaillimhe	91
Seirbhísí radacacha comhroinnte	92
Cumasc iomlán.....	92

Réamhfhocal an Chathaoirligh

A Aire, a chara,


Tá ríméad mór orm tuarascáil Choiste Rialtais Áitiúil na Gaillimhe a chur faoi do bhráid.

Molann an Coiste d'aon toil go ndéanfaí iniúchadh breise ar an rogha maidir leis an dá údarás reatha i nGaillimh a chumasc, agus tugaimid cuntas ar roinnt de na céimeanna a ghlacfar chun an cuspóir sin a bhaint amach faoin mbliain 2019.

Tríd is tríd, agus tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna difriúla chun rialtas áitiúil éifeachtach a sheachadadh do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe, bhain an Coiste de thátal as d'aon toil go dtabharfaí *Mórádarás na Gaillimhe* ar údarás áitiúil nua, aontaithe a dhéanfadh acmhainn an réigiúin a uasmhéadú d'fhonn a bhonn eacnamaíoch inbhuanaithe a choimeád, a thabhairt slán agus a fhás sa toadhchá. Chiuimseofaí ann láidreachtaí faoi seach an dá údarás reatha i dtéarmaí acmhainní, foirne agus saineolais. Leis an aistriú sin chuig an údarás nua, a bheadh á bhainistiú le haireard chuí agus urraim do gach páirtí leasmhar, d'fheabhsófaí an soláthar do chruthú post d'ardchaighdeán, chuirfí borradh faoin milieu beoga cultúrtha agus ealaíonta atá ann cheana, agus sholáthrófaí cur chuige maidir le forbairt shóisialta agus gheilleagrach a bheadh cothrom agus comhtháite ar bhonn tíreolaíoch ar fud *Mórádarás na Gaillimhe*.

Aithnímid go dteastóidh machnamh mionsonraithe agus pleanáil chúramach chun an fhís seo maidir le *Mórádarás na Gaillimhe* a bhaint amach, agus go dteastóidh rannpháirtíocht ghníomhach gach páirtí leasmhar d'fhonn comhdhearcadh a chinntiú, i roinnt fearann, d'fhonn a lánchumas a bhaint amach. Tógfaidh sé am é sin a dhéanamh, agus measaimid má bhunaítear fráma-ama bunaithe ar thoghcháin rialtais áitiúil 2019 go dtarlóidh an breithniúchán agus an phleanáil straitéiseach is gá.

Tá comhaltaí an Choiste go léir den tuairim gur chóir an deis atá ann pleanáil go cuimsitheach i gcomhair thodhchaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe a thapú, agus go bhfuil cur i gcrích *Mórádarás na Gaillimhe* faoi 2019 idir inmhianaithe agus indéanta. Tá gach dóchas ag an gCoiste go mbeifear in ann nuair a chuirfear a chuid moltaí i bhfeidhm contae rathúil a fhorbairt agus cathair láidir ina cheartlár. As sin, tiomáinfear chun cinn an contae agus an geilleagar réigiúnach agus go bunúsach soláthrófar caighdeán saoil níos fearr do mhuintir na Gaillimhe ar fad.



An tOllamh Eoin O'Sullivan, Samhain 2015

Achoimre Fheidhmeach

Comhdhéanamh an Choiste agus na téarmaí tagartha

I mí Eanáir 2015, d'fhógair an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Alan Kelly, athbhreithniú ar shocruithe rialtais áitiúil i nGaillimh. Cheap an tAire Kelly coiste neamhspleách reachtúil chun an t-athbhreithniú sin a dhéanamh. Bhí an tOllamh Eoin O'Sullivan, B.A., M.A., PH.D., F.T.C.D., ina chathaoirleach ar an ngrúpa, Ceann Scoil na hOibre Sóisialta agus an Bheartais Shóisialta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Ba iad seo a leanas comhaltaí eile an choiste: An tUasal Hannah Kiely, B.A., BAAD, Cert. IOD, Dip. IOD; An tUasal Ned Gleeson, M.B.A.; An tUasal Michael C. O'Connor, B.A., LL.B., B.L., LL.M. (Dlí Poiblí), Abhcóide sa Dlí; agus John D. Coyle, B.A., M.Econ.Sc., Dipl.Coll.Europe, F.IOD.

De réir na dtéarmaí tagartha don Choiste (féach Aguisín 1 le haghaidh na dtéarmaí tagartha iomlána), iarradh ar an gCoiste athbhreithniú oibiachtúil a dhéanamh ar shocruithe rialtais áitiúil i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, agus moltaí a ullmhú le haghaidh tuarascála chun feabhsúcháin a dhéanamh ar shocruithe den sórt sin i dtaca leo seo a leanas: -

- (a) cibé ar chóir athrú a dhéanamh ar theorainn Chathair na Gaillimhe agus, más cóir, moltaí maidir le hathrú na teorann; nó
- (b) cibé ar chóir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe a chónascadh

Comhairliúchán

I rith a chuid oibre, bhuail an Coiste le chéile cúig uair déag (lena n-áirítear cruinnithe le toscaireachtaí).

Bhí dian-chomhairliúchán ar bun ag an gCoiste. Seoladh cuireadh ginearálta amach i gcomhair aighneachtaí sna meáin áitiúla agus náisiúnta, agus socraíodh an spriocdháta ag deireadh mhí an Mhárta 2015, rud a d'fhág go bhfuarthas freagra forleathan ar ais. Fuarthas ceathracha is a hocht aighneacht (lena n-áirítear aighneachtaí ón gComhairle Cathrach agus ón gComhairle Contae) agus tá siad ar fáil le féachaint orthu ag <http://www.galwaylocalgovtreview.ie/submissions.html>.

I measc iarrachtaí comhairliúcháin an Choiste bhí cruinnithe le comhaltaí tofa agus le feidhmeannaigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chomhairle Contae na Gaillimhe. Rinne an Coiste a mhachnamh ar na haighneachtaí go léir a fuarthas, mar aon le roinnt tuarascálacha agus foilseacháin ábhartha a fháil a bhaineann leis an taithí náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaca le hathchóiriú an rialtais áitiúil.

Sular chuir siad bailchríoch ar a gcuid tuairimí, thug an Coiste faoin dara babhta comhairliúcháin chun tuilleadh cainte a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus le saoránaigh. Eisíodh tuarascáil breithniúcháin leis an gcuireadh chun comhairliúcháin, inar leagadh amach roinnt saincheisteanna ar theastaigh ón gCoiste tuilleadh oibre a dhéanamh orthu go háirithe. Fuarthas seacht gcinn d'aighneachtaí eile faoin spriocdháta i mí Mheán Fómhair. Bhí tuilleadh cruinnithe freisin ag an gCoiste le comhaltaí tofa agus le feidhmeannaigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chomhairle Contae na Gaillimhe agus le roinnt páirtithe leasmhara institiúideacha.

Tá liosta de na daoine a chuir aighneachtaí ar fáil mar fhreagra ar an gcomhairliúchán ar fáil ar <http://www.galwaylocalgovtreview.ie/submissions.html>. Tá sonraí maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin in Aguisín 2.

Imscrúdú ar na roghanna

Cé go n-éilíonn na téarmaí tagartha ar an gCoiste imscrúdú a dhéanamh ar roghanna eile ar chónascadh nó ar leathnú teorann, rinne an Coiste imscrúdú freisin ar rogha radacach maidir le seirbhísí comhroinnte i bhfianaise na saincheiste a bheith á tarraingt anuas i gcuid mhaith de na haighneachtaí. Ba iad seo a leanas mar sin na roghanna a shocraigh an Coiste lena measúnú:

- Gan athrú
- Leathnú teorann le haghaidh chathair na Gaillimhe
- Seirbhísí radacacha comhroinnte
- Cumasc iomlán

Rinne an Coiste measúnú ar na roghanna sin agus fuair siad cúnaimh ó shaineolaithe ó Institiúid an Riaracháin Phoiblí ag úsáid cur chuige measúnaithe

ilchritéir, mar atá in Aguisín 5. Bhí an measúnú bunaithe a bheag nó a mhór ar na haighneachtaí a fuarthas agus ar an athbhreithniú idirnáisiúnta ar athchóiriú an rialtais áitiúil.

Ar bhonn an mheasúnaithe sin, ar anailís ar na haighneachtaí a fuarthas, agus tar éis machnamh a dhéanamh ar thorthaí an phróisis comhairliúcháin in éineacht le páirtithe leasmhara, d'aithin an Coiste agus thug siad achoimre ar roinnt de na buntáistí agus míbhuntáistí a bhain le gach rogha. Tá cuntas orthu sin sa tuarascáil i gCaibidil 4.

Conclúidí, moltaí agus na chéad chéimeanna eile

Is é an cúram uileghabhálach atá ar an gCoiste an struchtúr ab fhearr chun rialtas áitiúil a chur ar fáil i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a mholadh don Aire - struchtúr a chuirfidh seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil agus a sheachadfaidh fás eacnamaíoch agus rathúnas sa todhchaí, ag uasmhéadú an chaipitil dhaonna a bheidh ar fáil chun na cuspóirí sin a thiomáint chun cinn. Pointe tosaigh don Choiste is ea aitheantas a thabhairt do sheachadadh rathúil leathan na seirbhísí agus forbairt gheilleagrach i gcumrú reatha an rialtais áitiúil i nGaillimh. Agus iad ag féachaint leis an rath sin a choinneáil sa todhchaí, dhírigh an Coiste ar leas a bhaint as an athbhreithniú seo mar dheis chun na struchtúir a chur i bhfeidhm trína gceadófaí seachadadh seirbhísí níos fearr.

An cheist is mó atá le breithniú maidir le roghanna sa chomhthéacs seo ná cén cumrú is dóigh is mó a mbeidh ról áit-chruthú feabhsaithe mar thoradh air le haghaidh Chathair agus Chontae na Gaillimhe *faoi cheann scór nó ilchritéir deich mbliana fichead eile*. Má táthar chun féinleas ceantair agus a phobail áitiúil a fheabhsú is gá don rialtas áitiúil freagracht a ghlacadh as cúrsaí mar aon leis na freagrachtaí atá orthu as soláthar seirbhíse, agus a aithint go n-éilíonn cuid mhaith d'fheidhmeanna reatha an údaráis áitiúil orthu peirspictíocht réigiúnach nó fo-réigiúnach níos mó a ghlacadh maidir le saincheisteanna.

Fuair an Coiste aighneachtaí smaointeacha inar tacaíodh go láidir gan aon athrú a dhéanamh ar chumrú reatha an rialtais áitiúil i nGaillimh. Cé go n-aithnímid go bhfuil an cumrú reatha mar atá sé ag obair go réasúnta maith, nílimid cinnte gurb é seo an cumrú is fearr ar fad chun seirbhísí agus forbairt gheilleagrach a thiomáint agus a sheachadadh sa todhchaí ar na cúiseanna atá leagtha amach sa tuarascáil. Rogha amháin a bhí á meas ag an gCoiste, ag glacadh lena thuairim go raibh na struchtúir reatha ag obair go maith, ná go ndéanfaimis athbhreithniú ar na struchtúir arís faoi cheann cúig bliana d'fhonn a gcuid éifeachta a

dheimhniú agus nár chóir aon mholadh a dhéanamh go dtí an pointe sin.
Shocraíomar gan gabháil den chúrsa sin.

Trí choigeartú a dhéanamh ar an teorainn reatha chun an fás daonra i gCathair na Gaillimhe a ghlacadh san áireamh agus mar léiriú ar leathadh tionscail, go háirithe sa Pháirc Mhór, bheadh buntáiste mór ann don Chathair, ach d'fhágfadh sé drochbhail ar an gcontae. Is féidir sásra cúitimh airgeadais a chur i bhfeidhm don chontae, toisc go gcuirfí isteach go tromchúiseach ar an mbonn rátaí mar gheall ar Chathair mhéadaithe i gceantar na Páirce Móire, ach is próiseas casta é sin a thógfadh go leor ama, agus is é tuairim an Choiste é gur féidir na deacrachtaí aitheanta reatha - áit a bhfuil, mar shampla, an cúram maidir le pleanáil etc. roinnte - a réiteach trí shocruithe struchtúracha eile.

Tugadh faoi deara i gcuid mhaith de na haighneachtaí a fuarthas go dtí seo na socruithe seirbhísí comhroinnte den scoth atá againn cheana féin idir an Chathair agus an Contae, agus moladh b'fhéidir iad sin a fheabhsú. Bhain an Coiste de thátal as go mbeadh roinnt buntáistí ag baint le feabhas radacach a chur ar sheirbhísí comhroinnte do shaoránaigh Chathair agus Chontae na Gaillimhe, ach go bhféadfaí ach an oiread leis an rogha maidir le leathnú na teorann, na buntáistí sin a bhaint amach freisin trí struchtúir mhalartacha eile.

[`Mórúdarás na Gaillimhe'](#)

Bhí an Coiste den tuairim tríd is tríd, go ndéanfadh bunú Údarás Áitiúil nua, aontaithe ar a dtabharfaí *Mórúdarás na Gaillimhe* acmhainneacht an réigiúin a uasmhéadú d'fhonn bonn eacnamaíoch inbhuanaithe a choimeád, a thabhairt slán agus a fhás sa todhchaí. Chuirfeadh ann láidreachtaí faoi seach an dá údarás reatha i dtéarmaí acmhainní, foirne agus saineolais. Leis an aistriú chuig an Údarás nua seo, a bheadh á bhainistiú le haird chúí agus urraim do gach páirtí leasmhar, chinnteofaí go gcruthófaí poist d'ardchaighdeán, go gcuirfí borradh faoin milieu beoga cultúrtha agus ealaíonta atá ann cheana, agus go soláthrófaí cur chuige maidir le forbairt shóisialta agus gheilleagrach a bheadh cothrom agus comhtháite ar bhonn tíreolaíoch ar fud *Mhórúdarás na Gaillimhe*, ón gClochán go Cluain Fearta, Gleann na Madadh go dtí an Gort agus ó Chathair na Gaillimhe idir eatarthu.

Chuirfeadh údarás aontaithe deireadh le dúbláil, shaorfaí acmhainní airgeadais agus daonna agus bheifí in ann daoine a mbeadh saineolas nua acu a earcú, rud a chiallódh go mbeadh an t-údarás sainchuspóireach i ré athraithe scileanna agus

teicneolaíochta nua.

Cuirfidh *Mórádarás na Gaillimhe* ar chumas buntáistí na seirbhísí radacacha comhroinnte agus leathnú teorann a chur i gcrích, agus ag an am céanna dhéanfaí na rioscaí a bhaineann leis na samhlacha sin nuair a thógtar astu féin iad a íoslaghdú.

Feicimid *Mórádarás na Gaillimhe* mar shamhail éiritheach den bhealach ar féidir leis an rialtas áitiúil freagairt do riachtanais saoránach i soláthar seirbhísí agus cruthú post. Samhlaímid go ndéanfar raon méadaithe seirbhísí a chineadh d'údarais áitiúla, agus go mbeidh cuntasacht agus freagrúlacht áitiúil agus dhaonlathach níos stuama ann. Go háirithe, molaimid go mbunófaí Roinn Pleanála Eacnamaíochta. Bheadh socruithe cuntasachta daonlathaí feabhsaithe freagrúil do riachtanais cheantair ar leith an Údarais nua - mar shampla, riachtanais shonracha atá ag an nGaeltacht agus ag Oirthear na Gaillimhe.

Mar bhonn thaca ag ár bhfís le haghaidh *Mórádarás na Gaillimhe* tá an chreidiúint nach mór na seirbhísí is fearr a sholáthar do shaoránaigh a bhíonn ag lorg seirbhísí ó údarais áitiúla agus go mbeadh cinntí beartais á ndéanamh bunaithe ar riachtanais na saoránach. Is bróicéirí tábhachtacha iad na comhaltaí tofa chun ionadaíocht a dhéanamh ar riachtanais shaoránaigh na Gaillimhe agus labhairt leo ag fóraim ionadaíochta éagsúla, agus sa phróiseas maidir le *Mórádarás na Gaillimhe* a bhunú, ní mór labhairt leis na comhaltaí tofa ag gach céim den phróiseas.

[An Fhís le haghaidh Mórádarás na Gaillimhe a Chur i gCrích](#)

Aithnímid go dteastóidh machnamh mionsonraithe agus pleanáil chúramach chun an fhís seo a bhaint amach, agus go dteastóidh rannpháirtíocht ghníomhach gach páirtí leasmhar d'fhonn comhdhearcadh a chinntiú, i roinnt fearann, d'fhonn lánchumas Mhórádarás na Gaillimhe a bhaint amach. Tógfaidh sé am é sin a dhéanamh, agus measaimid má bhunaítear fráma-ama bunaithe ar thoghcháin rialtais áitiúil 2019 go dtarlóidh an breithniúchán agus an phleanáil straitéiseach is gá.

Dá bhrí sin, tá sé socraithe againn moladh a dhéanamh go gcuirfí tús anois leis an bpróiseas chun ullmhú do Mhórádarás na Gaillimhe, d'fhonn a chinntiú go mbeidh am ann le haghaidh na pleanála, an chomhairliúcháin agus an bhreithniúcháin is gá.

Chun an fhís a cuireadh in iúl thuas a sheachadadh agus próiseas an trasdula a mhaoirsiú, molaimid go mbunófaí coiste comhairleach saineolaithe. Má bhíonn

an tAire sásta an moladh sin a ghlacadh, ba chóir do Stiúrthóir Trasdula agus Bainistiú Athruithe an próiseas trasdula a bhainistiú ó lá go lá. Faoi choimirce an choiste seo, ba chóir tabhairt faoi athbhreithnithe teicniúla mionsonraithe chun pleanáil ar bhealach mionsonraithe - ag baint leasa as an saineolas laistigh de *Mhórádarás na Gaillimhe* le haghaidh na nithe seo a leanas:

- *Rialachas – ionadaíocht dhaonlathach a neartú*

I *Mórádarás na Gaillimhe* atá beartaithe againn, teastaíonn smaoineamh go radacach arís ar conas is fearr ionadaíocht dhaonlathach a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach ról agus feidhm na gceantar bardais a neartú d'fhonn ionadaíocht dhaonlathach a chomhdhlúthú ar leibhéal áitiúil agus, go háirithe, lena chinntiú go léirítear riachtanais in áiteanna éagsúla i nGaillimh, cosúil leis an nGaeltacht.

- *Rialachas – ceannaireacht feidhmiúcháin a sholáthar*

Chiallódh cónascadh na gComhairlí go dtosódh an tÚdarás nua le foireann de thart ar 1,200 duine; acmhainn inmhaíte in aon eagraíocht. Chun an fhís atá leagtha amach thuas a sheachadadh, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí láidreachtaí na foirne reatha a chothú agus go n-aithneofaí aon bhearnaí sa saineolas. Teastóidh ceannaireacht láidir feidhmiúcháin agus plan soiléir straitéiseach maidir le cúrsaí foirne chun an trasdul nó an t-athrú a bhainistiú.

- *Eastát – ag úsáid an eastáit agus na bhfoirgneamh*

Teastaíonn iniúchadh ar eastát (lena n-áirítear foirgnimh, talamh, etc.) an dá údarás sula leagtar amach plan straitéiseach. Ba chóir go bhféachfaí san iniúchadh ar conas is fearr úsáid an spáis a uasmhéadú i dtéarmaí seirbhísí cineachta a sholáthar, talamh i gcomhair tithíochta, fónais phoiblí, oifigí i gcomhair foirne etc., mar aon leis an eastát trí chéile a úsáid chun spás bardasach breise a sholáthar chun tacú leis na hEalaíona agus le Cultúr.

- *Airgeadas – Mórádarás na Gaillimhe a mhaoiniú*

Chaith an dá údarás thart ar €180 milliún in 2015. Bhí soláthar ansin le haghaidh sraith leathan seirbhísí ar fud na Cathrach agus an Chontae, ach is léir go bhfuil roinnt réimsí, go háirithe i gcúrsaí turasóireachta mar earnáil ina ngintear poist, ina soláthródh infheistíocht bhreise buntáistí móra. Is gá

foinsí nua ioncaim a aithint, rud lena mbeifear in ann seirbhísí a mhaoiniú ar bhonn inbhuanaithe i Mórúdarás na Gaillimhe.

- *Forbairt chothrom – borradh a chur faoinár mbailte arís*

Agus Mórúdarás na Gaillimhe á phleanáil, ní mór straitéis shoiléir a bheidh teoranta ó thaobh ama a fhorbairt le haghaidh athbheochan na mbailte i gceantar reatha an chontae. Ní mór pleanáil chomhtháite le haghaidh na gceantar sin a ailíniú le beartas eacnamaíoch, go háirithe turasóireacht, lena chinntiú go mbeidh na bailte sin inmharthana agus go mbeidh saoránaigh in ann cónaí iontu.

- *Limistéar láidir cathrach – fás eacnamaíoch a thiomáint*

Agus údarás aonair á chruthú le haghaidh na Gaillimhe, tá sé thar a bheith tábhachtach go dtabharfaí aitheantas cuí do limistéar Cathrach ar leith laistigh den Údarás nua. Ba chóir d'athruithe i rialtas áitiúil na Gaillimhe aitheantas a thabhairt don tábhacht atá lena stair fhada agus lena traidisiúin luachmhara. Ba cheart na gnéithe seo den traidisiún agus oidhreacht a chaomhnú agus a chomhtháthú san eagraíocht nua ar bhealach a bheidh ar aon dul le hoibríochtaí chóras rialtais áitiúil nua, comhaimseartha agus éifeachtach.

Mar fhocal scoir, tá comhaltaí an Choiste go léir den tuairim gur chóir an deis atá ann pleanáil go cuimsitheach i gcomhair thodhchaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe a thapú, agus go bhfuil cur i gcrích Mórúdarás na Gaillimhe faoi 2019 idir inmhianaithe agus indéanta. Tá gach dóchas ag an gCoiste go mbeifear in ann nuair a chuirfear a chuid moltaí i bhfeidhm contae rathúil a fhorbairt agus cathair láidir ina cheartlár. As sin, tiomáinfear chun cinn an contae agus an geilleagar réigiúnach agus go bunúsach soláthrófar caighdeán saoil níos fearr do mhuintir na Gaillimhe ar fad.

1. Réamhrá

1.1 Bunú an Choiste

Is cathair ársa é Gaillimh le stair thaifeadta ag dul siar beagnach míle bliain. Tugadh Cairt Ríoga do Ghaillimh in 1484, rud a thug neamhspleáchas di ó smacht lasmuigh agus a thug cumhacht di a méara agus a corparáid féin a thoghadh. I ré an rialtais áitiúil níos déanaí anuas, bhí sí ina Comhairle Buirge i 1937 agus ar an 1 Eanáir 1986, bunaíodh Buirge na Gaillimhe mar Bhuirge Contae ag teacht le comóradh cúigbhliantúil na cathrach. Mar gheall ar an stádas feabhsaithe sin bhí sí ar comhchéim leis na ceithre Bhuirge Contae eile i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge. Bhí Gaillimh dá bharr sin mar údarás áitiúil a bhí féinrialaitheach go hiomlán ina ceart féin agus briseadh an nasc toghcháin leis an gcontae. Lean an Chomhairle Cathrach agus an Chomhairle Contae ag roinnt raon seirbhísí.

Ag an am céanna, comhaontaíodh go gcuirfí leathnú mór ar an teorainn buirge idir Comhairle Contae na Gaillimhe agus Contaebhuirg nua na Gaillimhe. Cuireadh socruithe trasdula i bhfeidhm trí bhíthin ordú ón aire ag an am, lena n-áirítear foráil i gcomhair cúitimh don Chomhairle Contae.

I mí Eanáir 2015, d'fhógair an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Alan Kelly, athbhreithniú ar shocruithe rialtais áitiúil i nGaillimh. Cheap an tAire Kelly coiste neamhspleách reachtúil chun an t-athbhreithniú sin a dhéanamh. Bhí an tOllamh Eoin O'Sullivan, B.A., M.A., PH.D., F.T.C.D., ina chathaoirleach ar an ngrúpa, Ceann Scoil na hOibre Sóisialta agus an Bheartais Shóisialta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Ba iad seo a leanas comhaltaí eile an choiste: An tUasal Hannah Kiely, B.A., BAAD, Cert. IOD, Dip. IOD; An tUasal Ned Gleeson, M.B.A.; An tUasal Michael C. O'Connor, B.A., LL.B., B.L., LL.M. (Dlí Poiblí), Abhcóide sa Dlí; agus John D. Coyle, B.A., M.Econ.Sc., Dipl.Coll.Europe, F.IOD.

De réir na dtéarmaí tagartha don Choiste (féach Aguisín 1 le haghaidh na dtéarmaí tagartha iomlána):

De réir alt 32 agus alt 33 den Acht Rialtais Áitiúil 1991, iarrtar leis seo ar an gCoiste athbhreithniú oibiachtúil a dhéanamh ar shocruithe rialtais áitiúil i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, lena n-áirítear

teorainn chathair na Gaillimhe, an limistéar rialtais áitiúil agus na húdaráis áitiúla sna limistéir sin, agus tuarascáil a ullmhú ag déanamh moltaí maidir le feabhsúcháin ar shocruithe den sórt sin i dtaca le:-

- (c) cibé ar chóir athrú a dhéanamh ar theorainn Chathair na Gaillimhe agus, más cóir, moltaí maidir le hathrú na teorann; nó
- (d) cibé ar chóir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe a chónascadh; agus
- (e) aon ábhar gaolmhar eile ar a bhféadfaidh an tAire iarraidh ar an gCoiste moltaí a dhéanamh i rith an athbhreithnithe.

Nuair a rinneadh an fógra, dúirt an tAire Kelly: "Is é an uailmhian atá leis seo ná Gaillimh níos láidre a chruthú. Tá na mórlimistéir uirbigh ríthábhachtach do rath eacnamaíoch a gcríocha réigiúnacha i gcoitinne. Tugadh aghaidh ar laigí i ngeall ar rialachas deighilte i Luimneach agus i bPort Láirge." Dúirt an tAire ansin "is rud loighciúil é machnamh a dhéanamh ar an rogha maidir le struchtúir na cathrach agus an chontae a aontú i nGaillimh, ní hamháin mar gheall ar an gcumas atá ann le haghaidh údarás níos láidre i nGaillimh ach freisin chun an próiseas maidir le téarnamh agus fás geilleagrach a atreisiú, ní hamháin i nGaillimh ach san iarthar tríd is tríd."

1.2 Obair an Choiste

I rith a chuid oibre, bhuail an Coiste le chéile cúig uair déag (lena n-áirítear cruinnithe le toscaireachtaí).

Bhí dian-chomhairliúchán ar bun ag an gCoiste, próiseas a chuidigh leis cuspóirí agus dúshláin a aithint, rudaí a dtugtar aghaidh orthu ina chuid moltaí. Bhí an Coiste rannpháirteach sa chéad bhabhta comhairliúcháin, a cuireadh i gcrích in Aibreán 2015. Seoladh cuireadh ginearálta amach i gcomhair aighneachtaí sna meáin áitiúla agus náisiúnta, rud a d'fhág go bhfuarthas freagra forleathan ar ais. Fuarthas ceathracha is a hocht aighneacht (lena n-áirítear aighneachtaí ón gComhairle Cathrach agus ón gComhairle Contae) agus tá siad ar fáil le féachaint orthu ag <http://www.galwaylocalgovtreview.ie/submissions.html>.

I measc iarrachtaí comhairliúcháin an Choiste bhí cruinnithe le comhaltaí tofa agus le feidhmeannaigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chomhairle Contae na Gaillimhe.

Rinne an Coiste a mhachnamh ar na haighneachtaí go léir a fuarthas, mar aon le roinnt tuarascálacha agus foilseacháin ábhartha a fháil a bhaineann leis an taithí náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaca le hathchóiriú an rialtais áitiúil.

Sular chuir siad bailchríoch ar a gcuid tuairimí, thug an Coiste faoin dara babhta comhairliúcháin chun tuilleadh cainte a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus le saoránaigh. Eisíodh tuarascáil breithniúcháin leis an gcuireadh chun comhairliúcháin, inar leagadh amach roinnt saincheisteanna ar theastaigh ón gCoiste tuilleadh oibre a dhéanamh orthu go háirithe. Tá cóip den tuarascáil sin ar fáil ar <http://www.galwaylocalgovtreview.ie/index.html>.

Fuarthas seacht gcinn d'aighneachtaí eile faoin spriocdháta i mí Mheán Fómhair. Bhí tuilleadh cruinnithe freisin ag an gCoiste le comhaltaí tofa agus le feidhmeannaigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chomhairle Contae na Gaillimhe agus le roinnt páirtithe leasmhara institiúideacha.

Tá liosta de na daoine a chuir aighneachtaí ar fáil mar fhreagra ar an gcomhairliúchán ar fáil ar <http://www.galwaylocalgovtreview.ie/submissions.html>. Tá sonraí maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin in Aguisín 2.

Ba mhaith leis an gCoiste buíochas a ghlacadh leis na comhaltaí tofa, leis na príomhfheidhmeannaigh agus lena bhfoirne bainistíochta, agus le foireann na gComhairlí Cathrach agus Contae as a gcuid tacaíochta. Go háirithe, is mian leis an gCoiste aitheantas a thabhairt don tacaíocht riaracháin agus theicniúil a thug Laura Sharkey. Is mian leis an gCoiste aitheantas a thabhairt don chúnamh a fuair sé ó oifigigh na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ba mhaith leis an gCoiste buíochas a ghabháil freisin leis na daoine agus leis na heagraíochtaí a roghnaigh aighneacht a dhéanamh, agus leis an Dr Richard Boyle ón bhForas Riaracháin, a thug tacaíocht taighde don Choiste.

2. An Comhthéacs a Leagan Síos

2.1 An comhthéacs áitiúil

Contae na Gaillimhe ¹

Tá limistéar tíreolaíoch 453 ciliméadar cearnach i gcontae na Gaillimhe, agus 689 ciliméadar cósta, ceithre Oileán a bhfuil cónaí orthu agus é ar an teorainn le cúig chontae eile: Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Tiobraid Árann, An Clár agus Maigh Eo. Tá an limistéar Gaeltachta is mó sa tír i gContae na Gaillimhe, le daonra Gaeltachta de 33,608 as daonra foriomlán 175,000 duine. Tá 6,300km de bhóithre sa chontae.

Ba é 175,000 daonra an chontae i ndaonáireamh 2011. Cé go raibh réamh-mheastacháin daonra de 185,860 le haghaidh 2016 agus 198,500 le haghaidh 2022 sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta agus, ina dhiaidh sin, sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí, tugtar le fios in anailís níos déanaí go mbeidh na hathruithe daonra sa Chathair agus sa Chontae i bhfad níos measartha sna blianta beaga amach romhainn.

Aithníodh 135 lonnócht i gcontae na Gaillimhe ina phlean forbartha contae, idir shráidbhailte beaga go dtí bailte níos mó. Tá 8,242 duine ina gcónaí i molbhaile Thuama agus tá daonra 7,674 ag cur fúthu i mbaile contae Bhéal Átha na Sluaighe. Tá daonraí i bhfad níos measartha ag na bailte móra eile sa chontae; ina measc Baile Locha Riach (5,062), Órán Mór (4,799), Baile Átha an Rí (3,905), An Gort (2,644), An Clochán (2,056), Maigh Cuilinn (1,559), Port Omna (1,530 agus Bearna (1,878).

Tá cúig limistéar cathrach i gComhairle Contae na Gaillimhe agus daonra suntasach i ngach ceann díobh:

- Conamara - 35,113
- Tuaim - 40,494
- Baile Átha an Rí/Órán Mór - 33,415
- Baile Locha Riach - 37,416
- Béal Átha na Sluaighe - 24,651

¹ Eascraíonn an chuid seo ó aighneacht na Comhairle Contae chuig an gCoiste

Cathair na Gaillimhe 2

Bhí daonra 75,414 i gCathair na Gaillimhe nuair a rinneadh daonáireamh 2011. Tá os cionn 27,000 teach cónaithe i gCathair na Gaillimhe, agus 10,390 teach acu sin i gcóiríocht ar cíós. Tá 3,724 eagraíocht thráchtála scaipthe ar fud na cathrach. Cumhdaíonn an chathair 50.57 ciliméadar cearnach.

Is é Gaillimh príomhchathair ealaíon agus croí cultúrtha na hÉireann, agus tugtar Croí Cultúrach na hÉireann air. Tá Gaillimh istigh ar an gcomórtas le bheith mar Phríomhchathair Cultúrtha na hEorpa, 2020 i láthair na huaire. In 2014, ainmníodh Gaillimh mar Chathair Scannán UNESCO, agus é ar an gcéad chathair Éireannach a bhain an stádas sin amach.

Mar cheann scríbe, is go Gaillimh a tháinig 15.8 faoin gcéad de na cuairteoirí go léir a tháinig go hÉirinn in 2014. Is tionscal an-tábhachtach í an turasóireacht i nGaillimh agus rannchuidíonn sí go mór leis an ngeilleagar, ag giniúint gnó d'óstáin, leaba & bricfeasta, bialanna agus siopaí, rud a chruthaíonn fostaíocht mhór don réigiún.

Tá ceithre institiúid tríú leibhéal i gCathair na Gaillimhe:

- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG)
- Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT)
- Institiúid Teicniúil na Gaillimhe (GTI)
- Scoil Ghnó na Gaillimhe

Cuireann na saoráidí sin go mór le Cathair na Gaillimhe agus léiríonn siad méadú daonra de thart ar 25,000 mac léinn sa bhliain acadúil. Is rud mór é go bhfuil institiúidí tríú leibhéal mór le rá i gCathair na Gaillimhe do chuideachtaí a roghnaíonn lonnú i nGaillimh, toisc go bhfuil rochtain acu ar lucht saothair an-oilte a bhfuil oideachas orthu ar a dtairseach.

In 2014, d'ainmnigh an *Financial Times* Gaillimh mar Mhícrea-Chathair na Toghcháin, 2014/2015. Tugadh an rátáil mar an Mícrea-Chathair is fearr san Eoraip do Ghailimh freisin san fhoilseachán.

Tá cnuasaigh den scoth i gCathair na Gaillimhe d'earnálacha fearas leighis agus earnálacha faisnéise agus teicneolaíochta. Tá ocht gcinn de na cuideachtaí fearas leighis is mó ar domhan

2 Eascraíonn an chuid seo ó aighneacht na Comhairle Cathrach chuig an gCoiste

lonnaithe in Éirinn, agus príomh-chnuasach chuideachtaí fearas leighis na hEorpa lonnaithe i nGaillimh. Is mol í Cathair na Gaillimhe freisin atá aitheanta go hidirnáisiúnta mar gheall ar earnáil na meán digiteach agus an earnáil chruthaitheach sa chathair; léirítear é sin sna cláir oideachais a sholáthraítear trí na hinstiúidí tríú leibhéal agus tá a lorg le feiceáil mar gheall ar an tábhacht atá leis an earnáil chruthaitheach do rath na Gaillimhe.

In athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, measadh go bhfearr a chruthaigh Gaillimh ná aon chathair Éireannach eile ó thaobh fostaíocht a ghiniúint tríd infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) sa tréimhse faoi athbhreithniú - i.e., 2001 – 2011, tráth a bhfacthas méadú 20 faoin gcéad ar FDI. D'éirigh le Gaillimh fostaíocht a chruthú sa tréimhse sin mar gheall ar a speisialtacht sa chnuasach d'earnáil na bhfearas leighis.

Socruithe reatha maidir leis an rialtas áitiúil

Bhí Gaillimh ina Comhairle Buirge i 1937 agus ar an 1 Eanáir 1986, bunaíodh Buirg na Gaillimhe mar Bhuirg Contae ag teacht le comóradh cúigbhliantúil na cathrach. Mar gheall ar an stádas feabhsaithe sin bhí sí ar comhchéim leis na ceithre Bhuirge Contae eile i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge. Bhí Cathair na Gaillimhe dá bharr sin mar údarás áitiúil a bhí féinrialaitheach go hiomlán ina ceart féin agus briseadh an nasc toghcháin leis an gcontae. Lean an Chomhairle Cathrach agus an Chomhairle Contae ag roinnt raon seirbhísí.

Ag an am céanna, comhaontaíodh go gcuirfí leathnú mór ar an teorainn buirge idir Comhairle Contae na Gaillimhe agus Contae Bhuirg na Gaillimhe. Cuireadh socruithe trasdula i bhfeidhm trí bhithin ordú ón aire, lena n-áirítear foráil i gcomhair cúitimh don Chomhairle Contae. Níor cuireadh aon athrú ar an teorainn ó 1986 i leith.

Tábla 2.1 Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe - Próifíl Staitistiúil

Cathair/ Contae	Daon 2011	Limistéar km cearn.	Caiteachas 2015 €m	Ráta Trácht. 2015	Líon na Foirn e deir.	Líon na gComhairleoirí	
						2013	2014

Cathair/ Contae	Daon 2011	Limistéar km cearn.	Caiteachas 2015 €m	Ráta Trácht. 2015	Líon n a Foirn e deir.	Líon na gComhairleoirí	
						2013	2014
Cathair na Gaillimhe	75,414	50.57	75.84	65.46	420	15	18
Contae na Gaillim he	175,127	453.09	105.3	66.59	746	30	39
Ceantair Bhardasach a							7
Baile Átha an Rí/Órán Mór							6
Béal Átha na Sluaighe							9
							8
							9

2.2 An comhthéacs náisiúnta

Tá achoimre mhionsonraithe d'fhorbairtí le déanaí ar an leibhéal náisiúnta a raibh tionchar acu ar an rialtas áitiúil in Éirinn leagtha amach in Aguisín 3. Faoi phleananna athchóirithe reatha an rialtais áitiúil, tá sé beartaithe go mbeidh an rialtas áitiúil ar an bpríomh-fheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ar an leibhéal áitiúil – i mbun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus phobail, ag seachadadh seirbhísí éifeachtúla a bhfuil luach ar airgead ag baint leo, agus ag déanamh ionadaíochta ar shaoránaigh agus ar phobail áitiúla go héifeachtach agus go freagrach.

Agus na feidhmeanna sin á gcomhlíonadh, aithnítear anois níos mó ná riamh nach mór d'údaráis áitiúla oibriú leis an bpobal agus le heagraíochtaí eile chun dul i ngleic le saincheisteanna agus fadhbanna go háitiúil. Chuige sin, tá siad mar cheannairí agus mar éascaitheoirí d'athrú. Ní mór d'údaráis áitiúla a ról ceannaireachta i bhforbairt eacnamaíoch agus pobail a fhorbairt tuilleadh. Tá an ról sin níos leithne ná an ról soláthar seirbhíse díri agus aithnítear ann an gá atá go ngníomhófaí i gcomhpháirt le daoine eile ar mhaithe le forbairt an chontae nó na cathrach. Ar go leor bealaí, sa chruth seo is féidir breathnú ar an údarás áitiúil mar chatalaíoch don athrú agus don fhorbairt, ag tabhairt spéiseanna áitiúla agus náisiúnta le chéile agus ag cur rudaí ag obair. Is samplaí iad forbairt eacnamaíoch, iompar inbhuanaithe, 'cathracha cliste' agus bainistíocht chomhshaoil de na réimsí ina bhfuil ról ceannaireachta ag údaráis áitiúla.

Rud a bhfuil ceangal mór acu leis an tsaincheist ceannaireachta is ea an t-údarás áitiúil mar chomhordaitheoir ar na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí éagsúla (poiblí, deonach agus príobháideach) ar leibhéal áitiúil. Is fadhbanna casta, a bhfuil gnéithe go leor ag baint leo cuid mhaith de na saincheisteanna atá le sárú ag an rialtas áitiúil, ach an oiread le gach seirbhís phoiblí eile (forbairt eacnamaíoch, comhshaoil, tithíocht, etc.) agus ní féidir iad a réiteach le réitigh shimplí, mar a bhíodh riamh. Go minic teastaíonn cumas ceannaireachta agus nuálaíochta uathu ina ndírítear ar chomhoibriú agus ar chomhordú ar leibhéal áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ní mór don rialtas áitiúil caidrimh éifeachtacha oibre a bhunú ag na leibhéil sin go léir agus bealaí nua oibre a aithint agus a éascú lena chinntiú go mbeidh comhordú éifeachtach idir na príomh-imreoirí. Baineann cuid mhaith den obair sin le hiarracht cur ar chumas údaráis áitiúla daoine a chur ag obair le chéile ar thionscadail go háitiúil.

Aithnítear freisin go n-éilíonn go leor d'fheidhmeanna reatha an údaráis áitiúil orthu peirspictíocht i bhfad níos réigiúnaí nó fo-réigiúnaí fiú a ghlacadh maidir le saincheisteanna. Mar shampla, i dtaca le bainistíocht dramhaíola agus cosaint an chomhshaoil, táthar ag bogadh i dtreo struchtúir agus socruithe réigiúnacha, ó thaobh pleanáil agus forfheidhmiú de.

2.3 An comhthéacs idirnáisiúnta

Tá achoimre mhionsonraithe ar an taithí idirnáisiúnta maidir le hatheagrú roghnaithe an rialtais áitiúil áirithe in Aguisín 4. Mar achoimre, tá treocht

ghinearálta i dtreo líon níos lú údarás áitiúil níos mó i roinnt tíortha de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta ar leibhéal bardais agus réigiúnach araon. Is minic nach mbíonn coigiltí, barainneachtaí scála, nó feabhsú feidhmíochta mar mhórghné de chumaisc agus cónascaí den sórt sin. Tá an bonn cirt i dtéarmaí saincheisteanna atá níos deacra a mheas cosúil le feabhsúcháin i gcumas straitéiseach eagraíochtaí, na teorainneacha atá leis na buntáistí maidir le seirbhísí comhroinnte agus comhoibriú, agus an deis bonn scileanna líon beag údarás áitiúil a fheabhsú mar gheall ar níos lú iomaíochta eatarthu.

3. Achoimre ar na Saincheisteanna a hArdáíodh in Aighneachtaí

Fuarthas tríocha a cúig aighneacht ar an iomlán, lena n-áirítear na haighneachtaí a rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe (chun na haighneachtaí a fheiceáil téigh chuig <http://www.galwaylocalgovtreview.ie/submissions.html>). Thug an Coiste aird faoi leith ar líon mór aighneachtaí na Comhairle Cathrach agus na Comhairle Contae, ina gceart féin agus sa léiriú a thug siad ar chuid mhaith de na saincheisteanna a hardáíodh sna haighneachtaí eile.

As na haighneachtaí a fuarthas:

- Ní raibh i 10 gcinn acu ach admhálacha, lena n-áirítear admháil den chuireadh chun aighneacht a dhéanamh
- Léiríodh sainrogha leathan in 23 acu chun an stádas reatha a choinneáil
- Léiríodh sainrogha in 14 acu chun cumasc a dhéanamh
- Níor léiríodh aon sainrogha i 6 cinn
- Léiríodh sainrogha chun teorainn na cathrach a leathnú i 2 cheann (cé gur glacadh leis i gcúpla aighneacht inar léiríodh sainrogha chun an stádas reatha a choimeád go mbeadh leathnú teoranta teorann, go háirithe i gcás na nArdán, inghlactha)

Léiríodh sainrogha i bhformhór na n-aighneachtaí go gcoinneofaí an stádas reatha nó, lena rá ar bhealach níos cruinne, níor thacaigh siad le cumasc ná le leathnú forleathan ar an teorainn. Moladh i gcúpla aighneacht gur rogha inmharthana a bheadh ann na hArdáin go léir laistigh de theorainn na cathrach a áireamh, agus d'fhéadfaí é sin a dhéanamh gan mórán cur isteach. Ar an gcaoi chéanna, rinneadh an pointe i roinnt aighneachtaí inar moladh gan aon athrú a dhéanamh ar na teorainneacha go bhfáilteoidís roimh chomhroinnt feabhsaithe seirbhísí idir an dá chomhairle. Go hachomair, i measc na bpríomhphointí a rinne siad siúd a bhí i bhfabhar gan aon athrú suntasach a dhéanamh bhí siad seo a leanas:

- Tá na tosaíochtaí, agus na dúshláin atá os comhair, na cathrach agus an chontae difriúil. Díritear sa chontae ar shaincheisteanna cosúil leis an nGaeltacht, talmhaíocht, forbairt tuaithe, agraibhia, iascaigh agus turasóireacht. Díritear níos mó sa chathair ar shaincheisteanna cosúil le seirbhísí uirbí, iompar, miondíol, tráchtáil agus cuimsiú sóisialta.

- Taispeántar go n-oibríonn comhoibriú idir na comhairlí agus go leanfar dó ó thaobh pleanáil agus infheistíocht a chomhordú ar leibhéal réigiúnach.
- Tá an limistéar rómhór, ar bhonn tíreolaíoch, le bheith ina údarás aonair agus chuirfeadh sé dúshlán i láthair freisin ó thaobh ionadaíocht dhaonlathach.
- Taispeántar go hidirnáisiúnta agus i bhfianaise eile gur beag a shábháiltear nó nach sábháiltear aon rud trí chumasc nó athrú teorann ó thaobh barainneachtaí scála de. Is féidir coigiltí a dhéanamh ach úsáid níos mó a bhaint as seirbhísí comhroinnte.

Bhí thart ar aon trian de na haighneachtaí a léirigh sainrogha (ceathrú de na haighneachtaí ar an iomlán) i bhfabhar na gcomhairlí cathrach agus contae a chónascadh. Mar achomair, ba iad na príomhphointí a rinne siad siúd a bhí i bhfabhar cumaisc ná:

- Tá údarás cumaisc in ann glór níos láidre a thabhairt do Ghailimh, agus infheistíocht, forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, pleanáil agus turasóireacht a chur chun cinn. Tá sé in ann freisin comhlachtaí réigiúnacha agus náisiúnta a láimhseáil, cosúil leis an NRA, IDA, EPA agus Uisce Éireann.
- Chruthódh cumasc aonad a bheadh sách mór chun cóimheáchan a thabhairt do limistéar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus chun forbairt Gheata na Gaillimhe agus Bealach an Iarthair a éascú.
- Ciallaíonn cumasc go seachnaítear na fadhbanna a bhaineann le leathnú teorann nuair a chaitear cothromaíocht a bhaint amach in athuir idir airgead na cathrach agus an chontae, sócmhainní agus dliteanais a aistriú, agus foireann a aistriú. Bhainfeadh an ceanglas don chathair cúiteamh airgid a thabhairt don chontae an mhaith as na buntáistí a bheadh le leathnú ar an teorainn.
- Cuirfidh cumasc coigiltí ar fáil le príomhshruthú agus dúbailt feidhmeanna a laghdú.
- Déireodh níos fearr le húdarás aonadach dul i ngleic le fadhbanna a chuireann isteach ar an gcathair agus ar an gcontae, cosúil le tranglam tráchta agus leibhéal ard spleáchais ar charranna.
- Cinntítear go leanfar ag díriú ar riachtanais limistéir tuaithe agus imeallacha agus ar limistéir faoi mhíbhuntáiste uirbeach i gcomhthéacs

údarás cumaiscthe a mbeidh rochtain aige ar acmhainní agus ar scileanna/leibhéal cumais atá ar mhéid agus ar chaighdeán leormhaith.

Déantar an cás le haghaidh leathnú teorann don chathair in aighneacht na Comhairle Cathrach den chuid is mó, rud ina ndéantar cás le haghaidh leathnú teoranta agus spriocdhírthe ar theorainn na cathrach/an chontae, go sonrach i limistéir na nArdán agus na Páirce Móire.

4. Imscrúdú ar na Roghanna

Cé go n-éilíonn na téarmaí tagartha ar an gCoiste imscrúdú a dhéanamh ar roghanna eile ar chónascadh nó ar leathnú teorann, rinne an Coiste imscrúdú freisin ar rogha radacach maidir le seirbhísí comhroinnte i bhfianaise na saincheiste a bheith á tarraingt anuas i gcuid mhaith de na haighneachtaí. Ba iad seo a leanas mar sin na roghanna a shocraigh an Coiste lena measúnú:

- *Gan athrú* – sa chás seo, leanfadh na comhairlí cathrach agus contae orthu mar aonáin ar leithligh leis an teorainn reatha.
- *Síneadh teorann le haghaidh chathair na Gaillimhe* – sa rogha seo, breithníodh fo-roghanna áit a mbeadh teorainn na cathrach ina leathnú níos teoranta chun na hArdáin agus an Pháirc Mhór a chuimsiú nó ceann níos leithne ag cuimsiú ceantar lena n-áirítear Bearna, Órán Mór, Maigh Cuilinn agus Baile Átha an Rí.
- *Seirbhísí radacacha comhroinnte*– comhairlí cathrach agus contae ar leithligh a choimeád, agus a struchtúir bainistíochta agus gaolmhara féin ag gach ceann díobh, ach iad ag soláthar seirbhísí riaracháin comhroinnt don dá chomhairle. D’áireofaí leis sin seirbhísí cúloifige mar AD, TF, etc.; seirbhísí speisialaithe cosúil le soláthar, seirbhísí iniúchóireachta agus teicniúla; agus roinnt seirbhísí líne tosaigh, cosúil le forbairt eacnamaíoch agus roinnt seirbhísí tithíochta.
- *Cumasc iomlán*– comhtháthú na cathrach agus an chontae i gcomhairle amháin, ar bhonn polaitiúil agus riaracháin araon.

Rinne an Coiste measúnú ar na roghanna sin agus fuair siad cúnamh ó shaineolaithe ó Institiúid an Riaracháin Phoiblí ag úsáid cur chuige measúnaithe ilchritéir, mar atá in Aguisín 5. Tá an measúnú bunaithe a bheag nó a mhór ar na haighneachtaí a fuarthas agus ar an athbhreithniú idirnáisiúnta ar athchóiriú an rialtais áitiúil. Is iad na critéir faoina ndearnadh measúnú ar na roghanna seo, mar a chomhaontaigh an Coiste, ná:

- *Fís / acmhainn straitéiseach / forbairt gheilleagrach agus shóisialta*
- an cumas atá ag an rogha fís shoiléir a éascú do Ghailimh agus freastal ar riachtanais na cathrach agus an chontae faoi cheann 20/30 bliain eile.

Na himpleachtaí d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus 'glór' rialtas áitiúil na Gaillimhe ar leibhéal réigiúnacha agus náisiúnta. Saincheisteanna cosúil le

cén cumrú is dóigh a mbeidh ról feabhsaithe do Ghailimh mar thoradh air i dtéarmaí suíomh tarraingteach a bheith ann le haghaidh forbairt eacnamaíoch agus shóisialta.

- *Rialachas agus cuntasacht*– na himpleachtaí le haghaidh rialachas polaitiúil agus feidhmiú an daonlathais go háitiúil. Áirítear leis sin saincheisteanna cosúil le maoirseacht agus cuntasacht polaitiúil go háitiúil, agus ról agus socrú na limistéar cathrach agus bardasach.
- *Seachadadh seirbhísí*– an tionchar ar sheachadadh seirbhísí. An phríomhcheist anseo ná tionchar na roghanna ar chaighdeán agus ar rochtain ar sheirbhísí, agus seachadadh éifeachtúil ar an talamh.
- *Bainistíocht acmhainní daonna*– na himpleachtaí do chúrsaí foirne. I measc na saincheisteanna a bheidh le plé anseo tá na himpleachtaí le haghaidh acmhainne agus nuálaíochta, spreagadh agus feidhmíocht na foirne.
- *Éifeachtúlacht*– an costas féideartha nó coigiltí eile a bhainfeadh leis an rogha sin a ghlacadh. Tá saincheisteanna cosúil le forchostais chorparáideacha agus costais aonaid chun seirbhísí a sheachadadh tábhachtach anseo.
- *Inbhuanaitheacht airgeadais*– téann sé i ngleic leis an riachtanas nach bhfuil aon chostais bhreise leanúnacha ar an rialtas láir trí fhóirdheontas méadaithe.

Ar bhonn an mheasúnaithe sin, ar anailís ar na haighneachtaí a fuarthas, agus tar éis machnamh a dhéanamh ar thorthaí an phróisis comhairliúcháin in éineacht le páirtithe leasmhara, thug an Coiste achoimre ar roinnt de na buntáistí agus míbhuntáistí a bhain le gach rogha. Tá siad sin leagtha amach thíos.

4.1 Gan athrú

Na buntáistí

- Tá tacaíocht pholaitiúil fhorleathan ag an rogha gan aon athrú a dhéanamh ó chomhaltaí tofa an dá chomhairle. Is é an rogha is fearr le daoine é freisin i measc na n-aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra ar an gcomhairliúchán.
- Ceadaítear leis an stádas reatha nó an status quo go mbeadh ionadaíocht dhaonlathach áitiúil ag comhaltaí tofa agus cinntítear go mbeidh nasc dlúth idir cinnteoirí agus an pobal.
- Níl aon fhadhbanna práinneacha le réiteach agus, dá bhrí, 'mura bhfuil sé briste ná deisigh é'. Léiríodh go minic sna haighneachtaí nach bhfuil na fadhbanna/dúshlán i bPort Láirge agus Luimneach, a chuir dlús faoi chumaisc sna cásanna sin, ábhartha do Ghailimh.
- Is cosúil go bhfuil an méid comhoibriú atá ar bun idir an dá chomhairle sásúil go leor, agus comhoibriú maith eatarthu tríd is tríd.
- Láimhseáiltear saincheistanna atá ábhartha d'áitritheoirí na cathrach agus an chontae ar bhealach a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanais. Léirítear riachtanais an dá údarás i gcuid mhaith aighneachtaí mar chinn an-difriúil, agus an chathair dírithe den chuid is mó ar saincheistanna uirbeacha agus dhírigh an contae den chuid is mó ar shaincheistanna cosúil leis an nGaeltacht, na riachtanais i gConamara, agus forbairt na tuaithe agus na n-oileán.
- Is le gairid anuas a rinneadh atheagrú ar an rialtas áitiúil tráth ar cuireadh deireadh leis na comhairlí baile, agus cruthaíodh limistéir chathrach etc. Ní gá aon athrú eile a dhéanamh ag an tráth seo toisc go bhfearr deis a thabhairt do na hathruithe sin socrú síos ar dtús.

Na míbhuntáistí

- Is rud dúshlánach a bheidh ann i gcónaí fíis aonair, fhadtéarmach a fhorbairt don réigiún áit a bhfuil dhá chomhairle le réimsí spéise difriúla, in ainneoin go mbíonn comhoibriú maith eatarthu. Mar atá cúrsaí faoi láthair, ní mór comhstraitéisí a chur faoi bhráid an dá chomhairle, atá neamhspleách agus a d'fhéadfadh aontú nó gan aontú.

- Mura ndéanfar aon athrú ní cuirfear feabhas ar ghlór na Gaillimhe maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, agus d'fhéadfadh iomaíocht nach bhfuil gá léi tarlú maidir le gníomhaíochtaí an dá chomhairle.
- Mura ndéanfar aon athrú leanfaidh an chathair agus an contae ag obair leo go neamhspleách, ach ar bhonn comhoibríoch, chun dea-leasanna a gcuid limistéar faoi seach a bhaint amach agus don réigiún trí chéile. Ní bheadh aon bhuntáistí suntasacha ann de thoradh athruithe rialachais, seachadadh seirbhíse, foirne nó éifeachtúlachtaí.
- Ní fhéadfaí dul i ngleic le seirbhís níos comhordaithe agus le pleanáil foirne trí, mar shampla, an dúbailt a tharlaíonn de bharr seirbhísí agus foireann a bheith in dhá fhoirgneamh gar dá chéile (ceanncheathrú na cathrach agus an chontae) a laghdú. Ní dócha dá bharr sin go mbeidh an fhoireann fostaithe ar an mbealach is éifeachtaí chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag saoránaigh.

4.2 Síneadh teorann

Na buntáistí

- D'fhéadfadh cathair leathnaithe 'glór' agus láithreach na cathrach a neartú i dtéarmaí an cumas atá aici forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn. D'fhéadfadh sé an aidhm maidir le pleanáil go comhsheasmhach don chathair sa todhchaí a fhorbairt agus léireodh sé an cás i ndáiríre maidir le fás agus leathnú na cathrach.
- Ní fheictear go bhfuil aon deacracht mhór le leathnú chun na hArdáin a chur san áireamh agus déantar an pointe in aighneacht Chomhairle Contae na Gaillimhe, i dtéarmaí aon leathnú beartaithe ar theorainn na cathrach chun na hArdáin a áireamh, gur chóir a rá gur oibrigh an dá chomhairle go héifeachtach air sin le blianta fada, tá cuspóirí a théann chun tairbhe gach taobh áirithe acu ina bpleananna forbartha faoi seach agus d'oibrigh siad le chéile go dlúth chun fíis fhoriomlán amháin a chur le chéile faoin gcaoi a bhféadfadh forbairt tarlú sa limistéar seo.
- Tá na hArdáin aitheanta mar limistéar iomchuí le haghaidh fás inbhuanaithe don chathair. Déanann sé ciall go ndéanfaidh údarás amháin maoirsiú ar an bhforbairt seo.

- Tá an Pháirc Mhór roinnte ag teorainn na cathrach/an chontae agus leis sin caithfear a bheith ag déileáil le dhá údarás ar leithligh agus eatarthu nuair a thagann saincheisteanna ábhartha chun cinn. D'fhéadfaí a rá go bhfuil ceangal nádúrtha ag an bPáirc Mhór leis an gcathair, mar gheall ar chomh gar is atá sé don chathair agus ceann de na príomhchúiseanna go lonnaíonn cuideachtaí ansin. D'fhéadfadh comhdhlúthú limistéar iomlán na Páirce Móire isteach i dteorainn na cathrach cinnteoireacht níos éifeachtaí maidir leis an gceantar a éascú.

Na míbhuntáistí

- Feictear leathnú ina n-áirítear an Pháirc Mhór mar rud a chruthódh deacrachtaí don chontae, lena gcaillfí na rátaí móra tráchtála a bhaineann leis an bPáirc Mhór.
- Má shamhlaítear leathnú níos leithne chun Bearna, Órán Mór, Maigh Cuilinn agus Baile Átha an Rí a áireamh, chaillfeadh an contae gné mhór dá bhonn ioncaim agus dá dhaonra. Ceist eile, i gcás na cathrach, ná cibé an leor í an cháin mhaoine áitiúil ó limistéir cosúil le Bearna agus Órán Mór chun na seirbhísí atá le soláthar ag an gcathair a chumhdach.
- Ag brath ar scála an tsínidh teorann, d'fhéadfaí cur isteach go tromchúiseach ar an gcontae sa mhéid is go bhféadfaí a rá go mbeadh a sheasamh agus a láithreacha a íosghrádú. D'fhéadfadh níos lú ualú a bheith ag glór an chontae agus ag a chomhdhamhnaí i gcinntí maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta sa todhchaí. Nuair a dhéanfaí an méid tionchair a bheadh ag an gcathair a mhéadú d'fhéadfadh breis daoine agus breis infheistíochta á bheith á dtarraingt ón méid talún atá fágtha sa chontae agus é sin chun dochair d'ínmharthanacht na limistéar is imeallaí den chontae.
- D'fhéadfadh leathnú teorann an chontae a lagú agus d'fhéadfadh sé tionchar tromchúiseach a bheith aige ar mheánma agus ar an spreagadh áit a bhféadfaí féachaint ar an gcontae mar chontae a bhfuil íslíú céime faighte aige.
- Is deacair coigiltí éifeachtúlachta stuama a bhaineann leis an leathnú teorann a shamhlú, toisc go mbaineann sé go príomha le hathchumrú ar

theorainneacha agus ar aistriú gaolmhar acmhainní. Níl aon amhras ach go mbeadh costais trasdula ag baint leis an rogha sin freisin.

- Bunaithe ar thaithí roimhe seo i dtaca le hathruithe teorann, chaithfí socruithe a chur i bhfeidhm (a) a chinneadh an méid cúitimh a chaithfeadh an chathair a thabhairt don chontae (saincheisteanna maidir leis an méid ioncaim a chaillfí agus a gheofaí a chomhaontú), talamh agus aistrithe fiach, etc.) agus (b) a chinnteodh córas láidir, comhaontaithe le haghaidh aistrithe idir na comhairlí. Déantar an cás in aighneacht an chontae le haghaidh socrú buan in ionad aistriú a gcuirtear deireadh leis de réir a chéile, toisc go laghdódh an luach de réir a chéile chun dochair an chontae. Bheadh scóip ann le haghaidh easaontú idir an chathair agus an contae faoi cad ba chóir a chur san áireamh, agus seans go dtógfadh sé roinnt ama é sin a réiteach. Is dóigh go mbeadh gá le próiseas neamhspleách eadrána de chineál éigin.

4.3 Seirbhísí comhroinnte

Na buntáistí

- Gach seans go mbeidh tionchar teoranta ach dearfach ag an rogha seirbhísí comhroinnte ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Beadh cur chuige níos comhordaithe maidir le forbairt indéanta ar leibhéal riaracháin.
- Trí bhainistíocht chomhaontaithe, pleanáil agus seachadadh seirbhísí níos comhordaithe, agus trí dhea-chleachtais agus nuálaíochtaí a chomhroinnt, tá sé de chumas ag an rogha seirbhísí comhroinnte éifeachtúlacht agus éifeachtacht seirbhísí a fheabhsú má chuirtear i bhfeidhm iad go críochnúil agus go héifeachtach, agus seirbhísí deartha ar bhealach a fhágfaidh go bhfreastalóidh siad go hiomchuí ar riachtanais na cathrach agus an chontae.
- D'fhéadfaí líon foriomlán na foirne a laghdú, nó d'fhéadfaí foireann a athfhostú i réimsí eile, faoin rogha seirbhísí comhroinnte. Thabharfadh comhordú phleanáil an lucht oibre a gheobhadh spreagadh ó sheirbhísí comhroinnte comhthéacs ina bhféadfaí leibhéil foirne, forbairt scileanna agus mar sin de a phleanáil ar bhealach níos seasmhaí ná dá dtabharfadh dhá aonán fúthu astu féin. Seans go méadófaí an cumas cumraíochtaí foirne a phleanáil ar bhealach comhordaithe don dá chomhairle.

- Gan amhras bheadh éifeachtúlacht éigin mhéadaithe ann toisc go laghdófaí dúbailt oibre.
- Toisc nach dteastódh aon chúiteamh, ní bhaineann aon saincheisteanna inbhuanaitheachta airgeadais leis an rogha seo.

Na míbhuntáistí

- Bheadh an dá chomhairle fós mar aonáin ar leithligh lena riachtanais a bheadh ag comhlánú a chéile ach b'fhéidir a bheadh in iomaíocht lena chéile ag amanna freisin. Ní laghdaíonn sé seo dúbailt nuair a fhéachtar, mar shampla, le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh.
- Bíonn costais mhóra rialachais agus idirbheartaíochta mar thoradh ar chás Seirbhísí comhroinnte idir an dá chomhairle i dtéarmaí saincheisteanna cosúil le comhaontuithe seirbhíse a fhorbairt agus a fhaire. Tá scóip ann i gcónaí le haghaidh easaontú faoi éifeachtacht na socruithe seirbhíse comhroinnte idir na comhairlí.
- Dúshlán mór amháin a d'fhéadfadh a bheith ag lucht bainistíochta agus ag an bhfoireann faoin socrú seo ná dul i ngleic le riachtanais agus le ceanglais chuntasachta an dá chomhairle. Go háirithe i gcás ina bhfuil dhá thuairim dhifriúla idir na comhairlí cathrach agus contae ar cheisteanna, d'fhéadfaí deacrachtaí a chruthú mar gheall ar an mbrú a chuirtear ar lucht bainistíochta.
- Rud amháin a d'fhéadfadh teorainn a chur le seirbhísí comhroinnte ó thaobh seachadadh seirbhíse a fheabhsú is ea an pointe a rinne na daoine a bhí i gcoinne cumaisc go mbíonn na riachtanais seachadta seirbhíse i gceantair uirbeacha agus thuaithe difriúil ar go leor bealaí, agus go mbíonn gá le samhlacha agus le cur chuigí seachadta seirbhíse difriúla. D'fhéadfaí argóint den chineál céanna a dhéanamh i gcás seirbhísí comhroinnte.
- Nuair a thugtar aghaidh ar riachtanais an dá chomhairle cruthaítear dúshlán maidir le cumrú foirne níos comhtháite.
- Ag glacadh le scála na gcoigiltí éifeachtúlachta a baineadh amach sa rialtas áitiúil le roinnt blianta anuas, ní dóigh go mbainfear amach aon

choigiltí móra éifeachtúlachta.

4.4 Cónascadh

Na buntáistí

- Tá údarás cumaiscthe in ann glór níos láidre a chur ar fáil do Gaillimh, d'fhonn infheistíocht, forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, pleanáil agus turasóireacht a chur chun cinn i nGaillimh agus in Iarthar na hÉireann.
- Tá sé in ann freisin déileáil go stuama le comhlachtaí réigiúnacha agus náisiúnta cosúil leis an NRA, IDA, EPA agus Uisce Éireann, agus infheistíocht choigríche eachtrach indéanta b'fhéidir.
- Chruthódh cumasc comhairle a bheadh sách mór chun cóimheáchan inchreidte a thabhairt do limistéar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus chun forbairt Gheata na Gaillimhe agus Bealach Fiontraíochta an Iarthair a thiomáint.
- Seachnaítear le cumasc na fadhbanna a bhaineann le leathnú teorann nuair a chaitear cothromaíocht a bhaint amach in athuair idir airgead na cathrach agus an chontae, sócmhainní agus dliteanais a aistriú, agus foireann a aistriú. Cuirfidh cumasc roinnt coigiltí ar fáil i bhfoirm príomhshruthú agus dúbailt feidhmeanna a laghdú. D'fhéadfadh sé sin athfhostú foirne a éascú chun tacú le spriocanna tosaíochta. Cé go mbeidh costais idirthrémhseacha i gceist, ní bheidh aon chostais idirbheartaíochta a bhaineann leis an ngá a bhíonn le comhaontuithe seirbhíse a bhíonn de dhíth i gcás seirbhísí comhroinnte.
- D'éireodh níos fearr le húdarás aonadach, mar gheall ar a mhéid agus mar gheall ar réimsí saineolais a leagan síos, dul i ngleic le fadhbanna a chuireann isteach ar an gcathair agus ar an gcontae araon, cosúil le forbairt eacnamaíoch, turasóireacht, tranglam tráchta agus leibhéal ard spleáchais ar charranna.

Na míbhuntáistí

- Ní bheadh smacht neamhspleách, díreach ag an gcathair ar a buiséad, ná an cumas airgead a bhailiú nó, níos ginearálta, an méid neamhspleáchais ba chóir a bheith ag cathair chomh tábhachtach le Gaillimh.
- Tá na tosaíochtaí, agus na dúshláin atá os comhair, na cathrach agus an

chontae difriúil. Dírítear sa chontae ar saincheisteanna tuaithe den chuid is mó. Dírítear sa chathair ar saincheisteanna uirbeacha den chuid is mó.

- Measann go leor daoine go bhfuil an limistéar rómhór, ar bhonn tíreolaíoch, le bheith ina údarás aonair agus chuirfeadh sé dúshlán i láthair freisin ó thaobh ionadaíocht dhaonlathach. D'fhéadfadh sé a bheith deacair comhairle iomlán 57 comhalta (bunaithe ar na huimhreacha reatha) a bhainistiú d'uireasa ceannaireacht láidir feidhmiúcháin. Bheadh sé deacair ag comhairleoirí éisteacht chóir a fháil dá dtoghthóirí - idir uirbeach agus thuaithe - in údarás aonair.
- San aistriú chuig údarás cumaiscthe, mura ndéantar é a bhainistiú le haird chuí, dúthracht agus leochaileacht, bheadh sé in ann, go gearrthéarmach, tionchar tromchúiseach a bheith aige ar sheachadadh seirbhísí agus ar threo straitéiseach na Gaillimhe.

5. Conclúidí, Moltaí agus na Chéad Chéimeanna Eile

Is é an cúram uileghabhálach atá ar an gCoiste moladh a dhéanamh leis an Aire maidir leis an struchtúr ab fhearr chun rialtas áitiúil a chur ar fáil i gCathair agus i gContae na Gaillimhe; struchtúr a chuirfidh seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil agus a sheachadfaidh fás eacnamaíoch agus rathúnas amach sa todhchaí, ag uasmhéadú an chaipitil dhaonna a bheidh ar fáil chun na cuspóirí sin a thiomáint chun cinn. Pointe tosaigh don Choiste is ea aitheantas a thabhairt do sheachadadh rathúil leathan na seirbhísí agus forbairt gheilleagrach i gcumrú reatha an rialtais áitiúil i nGaillimh. Agus iad ag féachaint leis an rath sin a choinneáil sa todhchaí, dhírigh an Coiste ar leas a bhaint as an athbhreithniú seo mar dheis chun na struchtúir a chur i bhfeidhm trína gceadófaí seachadadh seirbhísí níos fearr.

An cheist is mó atá le breithniú maidir le roghanna sa chomhthéacs seo ná cén cumrú is dóigh is mó a mbeidh ról áit-chruthú feabhsaithe mar thoradh air le haghaidh Chathair agus Chontae na Gaillimhe *faoi cheann scór nó deich mbliana fichead eile*. Má táthar chun féinleas ceantair agus a phobail áitiúla a fheabhsú is gá don rialtas áitiúil freagracht a ghlacadh as cúrsaí mar aon leis na freagrachtaí atá orthu as soláthar seirbhíse, agus aithnítear go n-éilíonn cuid mhaith d'fheidhmeanna reatha an údaráis áitiúil orthu peirspictíocht réigiúnach nó fo-réigiúnach níos mó a ghlacadh maidir le saincheisteanna.

Fuair an Coiste aighneachtaí inar tacaíodh go láidir gan aon athrú a dhéanamh ar chumrú reatha an rialtais áitiúil i nGaillimh. Cé go n-aithnímid go bhfuil an cumrú reatha mar atá sé ag obair go réasúnta maith, nílimid cinnte gurb é seo an cumrú is fearr ar fad chun seirbhísí agus forbairt gheilleagrach a thiomáint agus a sheachadadh sa todhchaí ar na cúiseanna atá leagtha amach thíos. Rogha amháin a bhí á meas ag an gCoiste, ag glacadh lena thuairim go raibh na struchtúir reatha ag obair go maith, ná go ndéanfaimis athbhreithniú ar na struchtúir arís faoi cheann cúig bliana d'fhonn a gcuid éifeachta a dheimhniú agus nár chóir aon mholadh a dhéanamh go dtí an pointe sin. Ar na cúiseanna thíos, shocraíomar gan gabháil den chúrsa sin.

Trí choigeartú a dhéanamh ar an teorainn reatha chun an fás daonra i gCathair na Gaillimhe a ghlacadh san áireamh agus mar léiriú ar leathadh tionscail, go háirithe sa Pháirc Mhór, bheadh buntáiste mór ann don chathair, ach d'fhágfadh sé drochbhail ar an gcontae. Is féidir sásra i gcomhair cúiteamh airgeadais a chur

i bhfeidhm don

chontae, toisc go gcuirfí isteach go tromchúiseach ar an mbonn rátaí mar gheall ar Chathair mhéadaithe i gceantar na Páirce Móire, ach is próiseas casta é sin a thógfadh go leor ama, agus is é tuairim an Choiste é gur féidir na deacrachtaí aitheanta reatha - áit a bhfuil, mar shampla, an cúram maidir le planáil etc. roinnte - a réiteach trí shocruithe struchtúracha eile.

Tugadh faoi deara i gcuid mhaith de na haighneachtaí a fuarthas go dtí seo na socruithe seirbhísí comhroinnte den scoth atá ann cheana féin - i dtaca le seirbhísí leabharlainne, mar shampla, idir an Chathair agus an Contae, agus moladh b'fhéidir iad sin a fheabhsú. Go deimhin, luaitear in *Putting People First An Action Plan for Effective Local Government*: "I roinnt cásanna tá leibhéal ard comhoibriú agus socruithe i gcomhair comhsheirbhísí cheana féin, mar shampla, idir Cathair na Gaillimhe agus na Comhairlí Contae, a leagadh síos ina stádas reatha chomh gairid le 1985." Cuireadh formhór na seirbhísí comhroinnte i bhfeidhm i 1985 agus ní dhearnadh aon leathnú suntasach ar sheirbhísí comhroinnte ó shin i leith. Bhain an Coiste de thátal as go mbeadh roinnt buntáistí ag baint le feabhas radacach a chur ar sheirbhísí comhroinnte do shaoránaigh Chathair agus Chontae na Gaillimhe, ach go bhféadfaí ach an oiread leis an rogha maidir le leathnú na teorann thuas, na buntáistí sin a bhaint amach freisin trí struchtúir mhalartacha eile.

'Mórúdarás na Gaillimhe'

Bhí an Coiste den tuairim d'aon ghuth, go ndéanfadh bunú Údarás Áitiúil nua, aontaithe ar a dtabharfaí *Mórúdarás na Gaillimhe* acmhainneacht an réigiúin a uasmhéadú d'fhonn bonn eacnamaíoch inbhuanaithe a choimeád, a thabhairt slán agus a fhás sa todhchaí. Chuireadh ann láidreachtaí faoi seach an dá údarás reatha i dtéarmaí acmhainní, foirne agus saineolais. Leis an aistriú sin chuig an údarás nua, a bheadh á bhainistiú le haird chuí agus urraim do gach páirtí leasmhar, d'fheabhsófaí an soláthar ar chruthú post d'ardchaighdeán, chuirfí borradh faoin milieu beoga cultúrtha agus ealaíonta atá ann cheana, agus sholáthrófaí cur chuige maidir le forbairt shóisialta agus gheilleagrach a bheidh cothrom agus comhtháite ar bhonn tíreolaíoch ar fud *Mórúdarás na Gaillimhe*, ón gClochán go Cluain Feart, Gleann na Madadh go dtí an Gort agus Cathair na Gaillimhe idir eatarthu.

Chuirfeadh Údarás aontaithe deireadh le dúbláil, shaorfaí acmhainní airgeadais agus daonna agus bheifí in ann daoine a mbeadh saineolas nua acu a earcú, rud a chiallódh go mbeadh an t-údarás sainchuspóireach i ré athraithe scileanna agus teicneolaíochta nua.

Cuirfidh *Mórúdarás na Gaillimhe* ar chumas buntáistí na seirbhísí comhroinnte radacacha agus leathnú teorann a chur i gcrích, agus ag an am céanna dhéanfaí na rioscaí a bhaineann leis na samhlacha sin nuair a thógtar astu féin iad a íoslaghdú.

Cuireadh béim in aighneachtaí ó Cheannairí gnó agus oideachais i nGaillimh don Choiste nach raibh srian ar a bhfís don todhchaí mar gheall ar theorainneacha údarás áitiúil reatha, agus, mar shampla, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe ag lorg stádais mar Ollscoil Theicniúil le hInstitiúid Teicneolaíochta Shligigh agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, agus an Comhlachas Tráchtála ag obair i dtreo Bealach an Atlantaigh maidir le forbairt eacnamaíoch. Tugann na tionscnaimh sin le fios don Choiste go dtugtar le fios inár bhfís le haghaidh an rialtais áitiúil i mórcheantar na Gaillimhe, agus go deimhin in Iarthar na hÉireann, go bhfuil ról níos mó ann le haghaidh comhordú níos fearr ar leibhéal réigiúnach agus le haghaidh struchtúir a éascaíonn an comhoibriú sin.

Feicimid *Mórúdarás na Gaillimhe* mar shamhail éiritheach den bhealach ar féidir leis an rialtas áitiúil freagairt do riachtanais saoránach i soláthar seirbhísí agus cruthú post. Samhlaímid go ndéanfar raon méadaithe seirbhísí a chineadh d'údaráis áitiúla, agus go mbeidh cuntasacht agus freagrúlacht áitiúil agus dhaonlathach níos stuama ann. Go háirithe, molaimid go mbunófaí Roinn Pleanála Eacnamaíochta. Bheadh cuntasachta dhaonlathach fheabhsaithe freagrúil do riachtanais cheantair ar leith an Údaráis nua - mar shampla, riachtanais shonracha atá ag an nGaeltacht agus ag Oirthear na Gaillimhe.

Is féidir le *Mór-Údarás na Gaillimhe* seirbhísí reatha a sholáthar ar bhealach níos leanúnaí agus freagrúla, agus an cumas atá aige freagracht a ghlacadh as seirbhísí atá á soláthar faoi láthair ag an rialtas láir agus ag gníomhaireachtaí stáit eile.

Mar shampla, maidir leis an bpointe roimhe seo, tá sé mar phríomhchúram ar údaráis áitiúla tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar. Sa chumrú reatha soláthair, bíonn feidhm le rialacha agus critéir difriúla chun rochtain a fháil

ar sheirbhísí tithíochta agus chun íoc astu. Chuirfeadh Údarás Tithíochta aontaithe deireadh leis na

aimhrialtachtaí sin, bheifí in ann tithíocht shóisialta a sholáthar go straitéiseach gan aon srian de bharr teorainneacha reatha, bheadh cumhacht mhargaidh níos mó á chur i bhfeidhm maidir leis an scéim Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta chun costais a ghearradh, agus bheifí in ann saineolas reatha a thabhairt le chéile maidir le forbairt tithíochta agus pleanáil, bainistíocht, cothabháil agus soláthar.

Maidir leis an bpointe deiridh sin, creidimid nuair a sholáthraítear seirbhísí sóisialta agus leasa go bhfuil ról acu i rialtas áitiúil agus go bhféadfadh *Mórúdarás na Gaillimhe* a bheith mar shamhail ina bhféadfaí trialacha radacacha ó thaobh seirbhísí sóisialta agus leasa a sheachadadh, rud a sheachnódh an scoilt reatha i seachadadh seirbhísí den sórt sin.

Rinneadh an pointe i go leor aighneachtaí faoin gcaoi a bhfuil an dá údarás dírithe ar rudaí difriúla, an chathair dírithe ar shaincheisteanna uirbeacha agus an contae ar shaincheisteanna tuaithe, Gaeltachta agus ar na hOileáin. Ach feiceann an Coiste go bhfuil idirnasc agus idirspleáchas mór idir an dá cheann. Feictear le saincheisteanna cosúil le turasóireacht, forbairt slabhraí bia áitiúla, saoráidí oidhreachta agus fóillíochta, agus gan iontu ach cúpla sampla, go bhfuil idirnasc láidre idir limistéir uirbigh agus tuaithe agus go dtugann siad le fios leanúntas leasanna seachas leasanna ar leithligh is féidir a idirdhealú óna chéile.

Cumhdaíonn Gaeltacht Chonamara píosa mór d'Iarthar na Gaillimhe agus é ar an réigiún is mó agus is mó daonra ina labhraítear Gaeilge ann. Tá beagnach leath den daonra Gaeltachta in Éirinn ag cur fúthu i gConamara. Is iomaí gné de shaol traidisiúnta agus cultúrtha Iarthar na hÉireann atá le tabhairt faoi deara sa cheantar seo. Léirítear na traidisiúin ar leith sin sa Ghaeilge a labhraítear go fairsing ann.

Ní mór in aon athbhreithniú a dhéanfar ar an rialtas áitiúil caomhnú traidisiún mar sin a chaomhnú agus fás inbhuanaithe a chur chun cinn don toadhchá ag an am céanna. Tugann an Ghaeltacht an timpeallacht inar féidir le pobal dátheangach teacht chun cinn i socrú nua-aimseartha laistigh de shaol an réigiúin. Ní mór d'údarás áitiúil a bhfuil an acmhainn sin aige tacú go gníomhach le Beartas Náisiúnta agus le hiarrachtaí gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear Údarás na Gaeltachta. Molaimid go láidir gur chóir don údarás nua aontaithe i nGaillimh sainiú soiléir a dhéanamh ar bheartais straitéiseacha agus iad a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin, rud a thabharfaidh spreagadh as an nua don

Ghaeltacht agus do chur chun cinn pobal inbhuanaithe ar bhonn eacnamaíoch sa cheantar speisialta sin i gContae na Gaillimhe.

Mar bhonn thaca ag ár bhfís le haghaidh *Mórúdarás na Gaillimhe* tá an chreidiúint nach mór na seirbhísí is fearr a sholáthar do shaoránaigh a bhíonn ag lorg seirbhísí ó údaráis áitiúla agus go mbeadh cinntí beartais á ndéanamh bunaithe ar riachtanais na saoránach. Is bróicéirí tábhachtacha iad na comhaltaí tofa chun ionadaíocht a dhéanamh ar riachtanais shaoránaigh na Gaillimhe agus labhairt leo ag fóraim ionadaíocha éagsúla, agus sa phróiseas maidir le *Mórúdarás na Gaillimhe* a bhunú, ní mór labhairt leis na comhaltaí tofa ag gach céim den phróiseas.

An Fhís le haghaidh *Mórúdarás na Gaillimhe* a Chur i gCrích

Thugamar faoi deara níos túisce gur smaoiníomar ‘gan athrú’ a mholadh ag an gcéim seo i bhforbairt an rialtais áitiúil i nGaillimh, ag glacadh leis an tuairim go raibh na struchtúir ag obair sách maith mar a bhí siad don chathair agus don chontae, agus go molfaimis athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir arís faoi cheann cúig bliana d’fhonn éifeachtacht a chinntiú an uair sin; mura mbeadh na struchtúir éifeachtach níos mó, ansin mholfaí athrú éigin a dhéanamh.

Aithnímid go dteastóidh machnamh mionsonraithe agus pleanáil chúramach chun an fhís seo maidir le *Mórúdarás na Gaillimhe* a bhaint amach, agus go dteastóidh rannpháirtíocht ghníomhach gach páirtí leasmhar d’fhonn comhdhearcadh a chinntiú, i roinnt fearann, d’fhonn a lánchumas a bhaint amach. Tógfaidh sé am é sin a dhéanamh, agus measaimid má bhunaítear fráma-ama bunaithe ar thoghcháin rialtais áitiúil 2019 go dtarlóidh an breithniúchán agus an phleanáil straitéiseach is gá.

Dá bhrí sin, tá sé socraithe againn moladh a dhéanamh go gcuirfí tús anois leis an bpróiseas chun ullmhú do *Mhórúdarás na Gaillimhe*, d’fhonn a chinntiú go bhfuil am ann le haghaidh na pleanála, an chomhairliúcháin agus an bhreithniúcháin is gá.

Chun an fhís a cuireadh in iúl thuas a sheachadadh agus próiseas an trasdula a mhaoirsiú, molaimid go mbunófaí coiste comhairleach saineolaithe. Má bhíonn an tAire sásta an moladh sin a ghlacadh, ba chóir do Stiúrthóir Trasdula agus Bainistiú Athruithe an próiseas trasdula a bhainistiú ó lá go lá. Faoi choimirce an choiste seo, ba chóir tabhairt faoi athbhreithnithe teicniúla mionsonraithe chun pleanáil ar bhealach mionsonraithe - ag baint leasa as an saineolas laistigh de

Mhórádarás na Gaillimhe le haghaidh na nithe seo a leanas:

- *Rialachas – ionadaíocht dhaonlathach a neartú*

I *Mórúdarás na Gaillimhe* atá beartaithe againn, teastaíonn smaoineamh go radacach arís ar conas is fearr ionadaíocht dhaonlathach a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach ról agus feidhm na gceantar bardais a neartú d'fhonn ionadaíocht dhaonlathach a chomhdhlúthú ar leibhéal áitiúil agus, go háirithe, lena chinntiú go léirítear riachtanais in áiteanna éagsúla i nGaillimh, cosúil leis an nGaeltacht.

- *Rialachas – ceannaireacht feidhmiúcháin a sholáthar*

Chiallódh cónascadh na gComhairlí go dtosódh an tÚdarás nua le foireann de thart ar 1,200 duine; acmhainn inmhaíthe in aon eagraíocht. Chun an fhís atá leagtha amach thuas a sheachadadh, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí láidreachtaí na foirne reatha a chothú agus go n-aithneofaí aon bhearnaí sa saineolas. Teastóidh ceannaireacht láidir feidhmiúcháin agus plan soiléir straitéiseach maidir le cúrsaí foirne chun an trasdul nó an t-athrú a bhainistiú.

- *Eastát – ag úsáid an eastáit agus na bhfoirgneamh*

Teastaíonn iniúchadh ar eastát (lena n-áirítear foirgnimh, talamh, etc.) an dá údarás sula leagtar amach plan straitéiseach. Ba chóir go bhféachfaí san iniúchadh ar conas is fearr úsáid an spáis a uasmhéadú i dtéarmaí seirbhísí cineachta a sholáthar, talamh i gcomhair tithíochta, fónais phoiblí, oifigí i gcomhair foirne etc., mar aon leis an eastát trí chéile a úsáid chun spás bardasach breise a sholáthar chun tacú leis na hEalaíona agus le Cultúr.

- *Airgeadas – Mórúdarás na Gaillimhe a mhaoiniú*

Chaith an dá údarás thart ar €180 milliún in 2015. Bhí soláthar ansin le haghaidh sraith leathan seirbhísí ar fud na Cathrach agus an Chontae, ach is léir go bhfuil roinnt réimsí, go háirithe i gcúrsaí turasóireachta mar earnáil ina ngintear poist, ina soláthródh infheistíocht bhreise buntáistí móra. Foinsí nua ioncaim a aithint, rud lena mbeifear in ann seirbhísí a mhaoiniú ar bhonn inbhuanaithe i *Mórúdarás na Gaillimhe*.

- *Forbairt chothrom – borradh a chur faoinár mbailte arís*

Agus *Mórúdarás na Gaillimhe* á phleanáil, ní mór straitéis shoiléir a bheidh teoranta ó thaobh ama a fhorbairt le haghaidh athbheochan na mbailte i gceantar reatha an chontae.

Ní mór pleanáil chomhtháite le haghaidh na gceantar sin a ailíniú le beartas eacnamaíoch, go háirithe turasóireacht, lena chinntiú go mbeidh na bailte sin inmharthana agus go mbeidh saoránaigh in ann cónaí iontu.

Ón tús ar fad, thug an Coiste easpa físe follasach, leithdháileadh pleanála agus acmhainní ó phríomhpháirtithe leasmhara faoi deara, i dtaca leis an ngá bailte a athbheochan ar fud an chontae. Tá inní ar an gCoiste faoi chríochdheighilt mheabhrach na cathrach agus an chontae ar cheist ar cheart don dá thaobh a bheith gafa leis. Teastaíonn acmhainní, agus pleanáil agus straitéis, d'fhonn bailte láidre a chinntiú.

Tá an Coiste cinnte go mbeidh an struchtúr rialachais chorparáidigh sruthlínithe atá á mholadh againn ina ardán níos fearr do Ghaillimh chun a acmhainn a leathnú amach agus go mbeidh sé mar inneall d'fhás eacnamaíoch san Iarthar. Mar chuid den phróiseas forfheidhmithe, molaimid go n-ullmhófaí Plean Straitéiseach don chontae ar fad, inar chóir na deiseanna, na dúshláin agus na réitigh le haghaidh riachtanais éagsúla agus sonracha na gceantar éagsúil a leagan amach go soiléir.

- *Limistéar láidir cathrach – fás eacnamaíoch a thiomáint*

Agus údarás aonair á chruthú le haghaidh na Gaillimhe, tá sé thar a bheith tábhachtach go dtabharfaí aitheantas cuí do limistéar Cathrach ar leith laistigh den Údarás nua. Ba chóir d'athruithe i rialtas áitiúil na Gaillimhe aitheantas a thabhairt don tábhacht atá lena stair fhada agus lena traidisiúin luachmhara. Ba cheart na gnéithe seo den traidisiún agus oidhreacht a chaomhnú agus a chomhtháthú san eagraíocht nua ar bhealach a bheidh ar aon dul le hoibríochtaí chóras rialtais áitiúil nua, comhaimseartha agus éifeachtach.

Bailítear faisnéis staitistiúil, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag úsáid teorainneacha údarás áitiúil. Tá sé tábhachtach sa chomhthéacs seo an ceantar ina gcuimsítear an chathair laistigh den údarás a shainiú ionas go gcuirtear a limistéar uirbeach iomlán san áireamh i bpróifíl staitistiúil Chathair na Gaillimhe agus go n-uasmhéadaítear a cumas maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach nuair a dhéantar cinntí náisiúnta.

Conclúid

Mar fhocal scoir, tá comhaltaí an Choiste go léir den tuairim gur chóir an deis atá ann pleanáil go cuimsitheach i gcomhair thodhchaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe a thapú, agus go bhfuil cur i gcrích *Mórúdarás na Gaillimhe* faoi 2019 idir inmhianaithe agus indéanta. Tá gach dóchas ag an gCoiste go mbeifear in ann nuair a chuirfear a chuid moltaí i bhfeidhm contae rathúil a fhorbairt agus cathair láidir ina cheartlár. As sin, tiomáinfear chun cinn an contae agus an geilleagar réigiúnach agus go bunúsach soláthrófar caighdeán saoil níos fearr do mhuintir na Gaillimhe ar fad.

Aguisín 1 Athbhreithniú ar an Rialtas Áitiúil i nGaillimh, Téarmaí Tagartha

1. Bunaíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leis seo Coiste Rialtais Áitiúil na Gaillimhe faoi alt 28 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, dá dtagraítear as seo amach “an Coiste”.

2. Tá na daoine seo a leanas leis seo ceaptha mar chomhaltaí den Choiste: - an

Dr Eoin O’Sullivan (Cathaoirleach);

An tUasal John

Coyle An tUasal

Ned Gleeson An

tUasal Hannah

Kiely

An tUasal Michael O Connor

3. Beidh an Coiste neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid feidhmeanna agus beidh seasamh díscailte aige ar chur isteach a thuarascáil deiridh chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

4. De réir alt 32 agus alt 33 den Acht Rialtais Áitiúil 1991, iarrtar leis seo ar an gCoiste athbhreithniú oibiachtúil a dhéanamh ar shocruithe rialtas áitiúil i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, lena n-áirítear teorainn chathair na Gaillimhe, na limistéir rialtais áitiúil agus na húdaráis áitiúla sna limistéir sin, agus tuarascáil a ullmhú ag déanamh moltaí maidir le feabhsúcháin ar shocruithe den sórt sin i dtaca le:

(a) cibé ar chóir athrú a dhéanamh ar theorainn Chathair na Gaillimhe agus, más cóir, moltaí maidir le hathrú na teorann; nó (b) cibé ar chóir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe a aontú; agus (c) aon ábhar gaolmhar eile ar a bhféadfaidh an tAire iarraidh ar an gCoiste moltaí a dhéanamh i rith an athbhreithnithe.

5. I gcás ina ndéanfar moladh gur chóir teorainn chathair na Gaillimhe a athrú nó gur chóir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe a chónascadh, beidh faisnéis thacaíochta ábhartha sa tuarascáil, mar aon le hanailís agus an réasúnaíocht a bhaineann le moladh den sórt sin, nó ag éirí as moladh den sórt sin, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: -

(a) Na himpleachtaí airgeadais agus impleachtaí ábhartha eile na roghanna ag 4(a) agus 4(b), lena n-áirítear na torthaí a d’fhéadfaí a bhaint amach, agus na tairbhí agus costais is dóigh a bheidh i gceist.

(b) Na gníomhartha agus na socruithe ba chóir a chur i bhfeidhm d'fhonn coigiltí, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a uasmhéadú agus chun tacú le riachtanais lárnacha

an rialtais áitiúil, go háirithe ionadaíocht agus rialachas a bheidh éifeachtach agus freagrach go háirithe, agus feidhmiú éifeachtúil feidhmeanna agus seachadadh seirbhísí. (c) Aon saincheisteannta suntasacha a cheaptar a thiocfaidh chun cinn i gcur i bhfeidhm na socruithe athbhreithnithe agus conas dul i ngleic leo sin. (d) Bearta ba cheart a ghlacadh mar thoradh ar na socruithe molta nó i gcomhthéacs na moltaí sin, lena n-áirítear aon bhearta maidir le socruithe airgeadais. (e) I gcás ina ndéantar moladh go gcónascfaí Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe, an socrú is oiriúnaí de cheantair bhordais laistigh den chathair agus den chontae aontaithe, lena n-áirítear ceantar bardasach a ainmniú maidir le cathair na Gaillimhe. (f) I gcás ina moltar gur chóir teorainn chathair na Gaillimhe a athrú, aon nithe maidir lena cheart foráil a dhéanamh in ordú príomha nó in ordú forlíontach (dá bhforáiltear do nithe ag eascairt ó, mar iarmhairt ar, nó bainteach le, leathnú na teorann) de réir bhrí alt 34 den Acht Rialtais Áitiúil 1991, lena n-áirítear aon choigeartuithe airgeadais atá riachtanach. (g) Aon bhearta idirlinne ba chóir a ghlacadh roimh chur i bhfeidhm iomlán na moltaí, nó mar ullmhú ar a gcur i bhfeidhm. (h) An scála ama iomchuí chun na moltaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear aon bhearta idirlinne.

6. Agus é i mbun a athbhreithnithe agus ag leagan amach a chuid moltaí, rachaidh an Coiste i ngleic leis na nithe seo a leanas go háirithe:-

(a) An gá na rudaí seo a leanas a chur san áireamh go hiomlán: - (i) taithí go dtí de chumasc údarais áitiúil i Luimneach, Tiobraid Árann agus Port Láirge, lena n-áirítear an cineál sruthlíniú riaracháin atá ag tarlú, na héifeachtúlachtaí agus na barainneachtaí scála atá bainte amach, agus tairbhí neamhairgeadais de bharr cónascadh; (ii) imthosca déimeagrafacha agus spásúlachta agus socheacnamaíocha ábhartha i láthair na huaire, lena n-áirítear patrúin lonnaithe agus fostaíochta; (iii) faisnéis mhionsonraithe le cur ar fáil ag na húdarais áitiúla iomchuí maidir lena struchtúr, seirbhísí, airgead agus oibríochtaí nó nithe eile atá ábhartha d'fheidhmeanna an Choiste; (iv) beartas an Rialtais maidir le rialtas áitiúil mar atá leagtha amach sa Chlár Gníomhaíochtaí le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach, Putting People First, agus maidir leis an tseirbhís phoiblí agus airgeadas poiblí; (v) aon anailís nó moltaí ábhartha i dtuarascálacha nó i staidéir a bhaineann le rialtas áitiúil, le limistéar na Gaillimhe, nó le haon cheann d'fheidhmeanna an Choiste.

(b) Chomh casta is a d'fhéadfadh cúrsaí a bheith i ngnéithe eagraíochta, airgeadais nó riaracháin eile de na roghanna nó socruithe difriúla a bhreithnítear, nó ina gcur i bhfeidhm, nó san aistriú chuig, socruithe den sórt sin.

(c) An gá atá éifeachtúlacht agus luach ar airgead a uasmhéadú sa rialtas áitiúil.

(d) An gá atá ann a chinntiú go bhfreastalaíonn rialtas áitiúil inmharthana agus éifeachtach ar chathair agus ar chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear aon socruithe a mheastar is gá chun an rialtas áitiúil a neartú agus éifeachtacht na hionadaíochta agus na cuntasachta daonlathaí a fheabhsú.

(e) An gá atá ann a chinntiú go mbeidh na socruithe rialtais áitiúil a mholfar sa todhchaí inbhuanaithe ar bhonn airgeadais agus nach mbeidh costas breise leanúnach ar an Rialtas láir dá mbarr trí fhóirdheontas méadaithe.

(f) Riachtanais foirne, eagraíochta, ionadaíochta, airgeadais, seachadadh seirbhíse agus riachtanais ábhartha eile.

(g) An gá atá ann cumas an rialtais áitiúil a uasmhéadú d'fhonn forbairt eacnamaíoch agus shóisialta chathair agus chontae na Gaillimhe a chur chun cinn agus an réigiún i gcoitinne i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta agus na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnaí, agus na Straitéise Eacnamaíche agus Spásúlachta Réigiúnaí agus an Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil, a bheidh le dréachtú faoi na hAchtanna um Phleanáil agus Rialtais Áitiúil, faoi seach.

(h) An gá atá ann cumas cheantar cathrach na Gaillimhe a uasmhéadú, go háirithe, gníomhú mar fhócas láidir agus dinimiciúil agus mar ghineadóir fáis don chúlchríoch i gcoitinne, agus do limistéir uirbeacha agus tuaithe eile chun rannchuidiú chuige sin i gcomhthéacs fhorbairt chothrom.

(i) Aon laigí i socruithe nó in oibríochtaí reatha na n-údarás áitiúil ar gá dul i ngleic leo.

(j) Aon nithe breise eile a shonróidh an tAire.

7. Déanfaidh an Coiste moltaí den sórt sin i dtaca leis na riachtanais ag (4) agus (5) agus (6) de réir mar a mheasfaidh an Coiste go bhfuil gá leis ar mhaithe le rialtas áitiúil éifeachtach, éifeachtúil agus nuálach. Ullmhóidh sé agus tabharfaidh sé don Aire, tráth nach déanaí ná naoi mí tar éis thús an athbhreithnithe, tuarascáil, i scríbhinn, maidir lena athbhreithniú agus moltaí, agus foilseoidh an tAire an tuarascáil sin.

Aguisín 2 An próiseas comhairliúcháin

Cuireadh fógra poiblí ag lorg aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara i gcló an tseachtain dar chríoch Dé hAoine 20 Feabhra sna páipéir seo a leanas:

- Galway Independent
- Galway Advertiser
- City Tribune
- Connacht Tribune
- Tuam Herald
- Irish Independent
- Irish Times

Scríobhadh chuig roinnt comhlachtaí forordaithe agus eagraíochtaí ábhartha á gcur ar an eolas go raibh tús á chur leis an athbhreithniú.

Ghlac an Coiste le haighneachtaí suas go dtí Dé hAoine 27 Márta, 2015 agus an dáta sin san áireamh.

Bhuail an Coiste leis an bpríomhfheidhmeannach agus le comhaltaí tofa fhoirne bainistíochta na gcomhairlí cathrach agus contae an 6 Márta.

Bhí cruinniú ar siúl le comhaltaí tofa Chomhairle Contae na Gaillimhe an 27 Márta, agus bhí cruinniú le comhaltaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an 20 Aibreán.

Bhuail an Coiste le príomhfheidhmeannaigh gach ceann de Chomhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh agus Phort Láirge, agus Comhairle Contae Thiobraid Árann, chun an taithí go dtí seo maidir le cumaisc na n-údarás áitiúil sin a chloisteáil an 15 Aibreán.

Chuaigh an Coiste i mbun dara babhta comhairliúcháin ina dhiaidh sin agus iad ag tnúth le tuarascáil breithniúcháin a eisiúint ag deireadh Lúnasa. Eisíodh an tuarascáil breithniúcháin do na príomhfheidhmeannaigh, comhaltaí tofa agus na daoine go léir a chuir aighneacht isteach ar an Déardaoin an 20 Lúnasa 2015. Eisíodh preaseisiúint do na meáin áitiúla ar an Luan an 24 Lúnasa. Ba é an spriocdháta i gcomhair aighneachtaí breise an 25 Meán Fómhair.

Bhí cruinnithe breise ag an gCoiste le comhaltaí tofa an dá chomhairle (an 11 Meán Fómhair) agus le príomhfheidhmeannaigh na gcomhairlí cathrach agus contae (an 29 Meán Fómhair).

Bhuail an Coiste le hionadaithe an Chumainn Tráchtála agus ó Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Maigh Eo an 13 Deireadh Fómhair.

Fuarthas 55 aighneacht ar an iomlán (48 sa chéad bhabhta comhairliúcháin agus 7 gcinn sa dara babhta comhairliúcháin) lena n-áirítear iad sin a chuir an dá údarás áitiúil isteach.

Aguisín 3 An comhthéacs náisiúnta

Athchóiriú an rialtais áitiúil

Is iad príomhfheidhmeanna an rialtais áitiúil go traidisiúnta ná réimsí tithíochta; pleanáil; bóithre; soláthar uisce agus séarachais; cosaint an chomhshaoil; agus saoráidí agus áiseanna caitheamh aimsire.

Bhí tionchar ag roinnt forbairtí beartais suntasacha le blianta beaga anuas ar na socruithe traidisiúnta sin sa rialtas áitiúil, agus soláthraíonn siad comhthéacs do chinntí an Choiste maidir leis na socruithe is fearr don rialtas áitiúil i nGaillimh. Mar shampla *Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht sa Rialtas Áitiúil* (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2010a), inar aithníodh réimsí ina bhféadfaí coigiltí caiteachais a dhéanamh lena n-áirítear trí fhoirne a roinnt idir údaráis áitiúla agus i roinnt cásanna cumasc iomlán a dhéanamh orthu. Agus *Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha chun Rialtas Áitiúil agus Forbairt Áitiúil a Ailíniú* (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012a) a d'fheabhsaigh ról na n-údarás áitiúil i bhforbairt áitiúil agus pobail.

Tharla an fhorbairt beartais ba mhó tionchar agus ab ábhartha i nDeireadh Fómhair 2012, nuair a d'fhoilsigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil *Putting People First: An Action Plan for Effective Local Government* (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012b). Cumhdaíonn an plan gníomhaíochta feidhmeanna, struchtúir, maoiniú, socruithe oibríochta, rialachas, ról na feidhmeannachta agus na comhairle tofa, agus rannpháirtíocht le pobail áitiúla. I measc roinnt de na buaicphointí:

- Athchóiriú struchtúrach na n-údarás áitiúil, lena n-áirítear deireadh a chur leis an 80 comhairle baile ar fad agus cumasc Chomhairlí Cathrach agus Contae Phort Láirge, Chomhairlí Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas, agus Chomhairlí Contae agus Cathrach Luimnigh. Laghdaíodh líon iomlán na gcomhairleoirí áitiúla tofa ina dhiaidh sin ó 1627 go dtí thart ar 950. Tugadh isteach samhail nua rialachais do na cathracha bunaithe ar ceantair bhardais laistigh de chontaetha. Cuireadh trí thionól réigiúnacha in ionad na n-ocht údarás réigiúnacha agus dhá thionól réigiúnacha.

- Tugadh socruithe nua maoinithe, cuntasachta agus rialachais isteach lena n-áirítear cáin mhaoine áitiúil chun seirbhísí áitiúla a mhaoiniú, agus bhí na húdaráis áitiúla in ann táillí éagsúla a ghearradh. Tugadh isteach monatóireacht feidhmíochta níos láidre ar na húdaráis áitiúla trí Choimisiún nua Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta a bhunú. Láidríodh feidhmeanna coimeádta na gcomhaltaí tofa agus athainmníodh bainisteoirí na n-údarás áitiúil mar phríomhfheidhmeannaigh.
- Bhí ról leathnaithe d'údaráis áitiúla i bhforbairt eacnamaíoch agus i gcruithú post, agus rinneadh ailíniú níos géire ar thacaíochtaí forbartha áitiúla agus pobail leis an rialtas áitiúil. Cruthaíodh coiste forbartha pobail áitiúil (LCDC) i ngach cathair agus contae chun pleanáil agus maoirseacht a dhéanamh ar gach clár forbartha áitiúil agus pobail. Oifigí fiontair áitiúla nua, comhtháite le haonaid tacaíochta gnó na n-údarás áitiúil, chun ionad ilfhreastail a chruthú le haghaidh tacaíocht ghnó.
- Tugadh socruithe éifeachtúlachta seirbhíse nua isteach lena n-áirítear pleanáil lucht oibre, tuilleadh úsáide as faisnéis feidhmíochta, agus forbraíodh comhaontuithe seirbhíse idir ranna rialtais agus údaráis áitiúla.

Go sonrach maidir le Gaillimh, i scrúdú a rinneadh ar an gcás ginearálta chun socruithe cathrach agus contae a athbhreithniú, luaitear in *Putting People First: An Action Plan for Effective Local Government* :

I roinnt cásanna tá leibhéal ard comhoibriú agus socruithe i gcomhair comhsheirbhísí cheana féin, mar shampla, idir Cathair na Gaillimhe agus na Comhairlí Contae, a leagadh síos ina stádas reatha chomh gairid le 1985. Tá an cóimheas foirne le daonra sa dá údarás i nGaillimh sách íseal agus níl aon éagothroime mór idir leibhéil na rátaí tráchtála. Mar thoradh ar chónascadh údaráis na Gaillimhe chruthófaí daonra de bhreis is 250,000, níos airde ná aon limistéar lasmuigh de Chorcaigh agus Baile Átha Cliath agus i bhfad níos mó ná aon cheann de na húdaráis aontaithe nua atá beartaithe. Cé go bhfuil ceantair in aice Chathair na Gaillimhe ceangailte go dlúth leis an gCathair agus tionchar ag an gcathair orthu agus seans ann go ndéanfar forbairt orthu sa todhchaí, níor tharla aon "sceitheadh" d'fhorbairt bruachbhaile agus daonra thar theorainn na cathrach chomh mór is atá feicthe i Luimneach agus Port Láirge.

Seachas na tuarascálacha agus na cláir seo i gcomhair athchóiriú, bhí tionchar ag roinnt forbairt ar fud na seirbhíse poiblí ar an rialtas áitiúil lena n-áirítear an moratóir ginearálta ar earcaíocht agus ardú céime, agus scéimeanna dreasaithe luathscoir agus sos gairme a chur i bhfeidhm. Tugadh athruithe ar théarmaí agus coinníollacha foirne, lena n-áirítear laghduithe pá agus breis uaireanta oibre isteach i *gComhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-14* (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) agus i *gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016* (Comhaontú Bhóthar Haddington) (An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, 2013).

Go ginearálta, d'fhág na hathruithe sin go bhfuil athrú thar cuimse tagtha ar fheidhmeanna agus ar ról na n-údarás áitiúil. Tá seirbhísí comhroinnte níos fairsinge anois. I measc na réimsí sonracha ina bhfuil dearcadh maidir le príomhúdarás ag feidhmiú tá siad seo a leanas:

- Tá Comhairle Contae Laoise ag soláthar seirbhísí párolla agus aoisliúntais do gach údarás áitiúil
- Is í Comhairle Contae Chiarraí an príomhúdarás d'Oifig Soláthair Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil.
- Tá comhdhlúthú rialuithe chun dramhaíl ghuaiseach a bhogadh go himmheánach á bhainistiú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar bhonn náisiúnta.
- Is í Comhairle Contae Uíbh Fhailí an príomhúdarás ainmnithe atá i gceannas ar cheadú bailiúchán dramhaíola d'údaráis áitiúla.

Tá roinnt de na gnéithe maidir le soláthar seirbhíse a bhíodh á ndéanamh ag an rialtas áitiúil tráth den saol tugtha do dhream éigin eile anois. Sna 1990idí, thóg an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta ar lámh soláthar agus cothabháil an ghréasáin bóithre náisiúnta, ghlac an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil roinnt freagrachta as bainistiú dramhaíola, agus tugadh faoi phleanáil bainistíochta dramhaíola faoi struchtúr réigiúnach inar ionchorpraíodh grúpaí údarás áitiúil. Tá freagracht glactha ag Uisce Éireann as uisce (agus seirbhísí á soláthar ag údaráis áitiúla faoi chomhaontuithe seirbhíse a aontaíodh le Uisce Éireann) Tá iarratais ar dheontais do mhic léinn aistrithe chuig Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI), agus eisiúint agus athnuachan na gceadúnas tiomána tugtha

don tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána. Nuair atá sé sin ceangailte leis an úsáid mhéadaithe ar seachfhoinsiú agus seirbhísí comhroinnte, feictear nach bhfuil údaráis áitiúla ag gabháil chomh mór do sheachadadh seirbhíse díri do shaoránaigh áitiúla.

Sa timpeallacht athraithe seo aithnítear go gcaithfidh údaráis áitiúla athrú agus ról ceannaireachta agus comhordaithe níos fearr a ghlacadh ar leibhéal áitiúil. Tá fíis don rialtas áitiúil leagtha amach in *Putting People First*:

Beidh an rialtas áitiúil ar an bpríomh-fheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ar an leibhéal áitiúil – i mbun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus phobail, ag seachadadh seirbhísí éifeachtúla a bhfuil luach ar airgead ag baint leo, agus ag déanamh ionadaíochta ar shaoránaigh agus ar phobail áitiúla go héifeachtach agus go freagrach (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012b: iii)

Agus na feidhmeanna sin á gcomhlíonadh, aithnítear anois níos mó ná riamh nach mór d'údaráis áitiúla oibriú leis an bpobal agus le heagraíochtaí eile chun dul i ngleic le saincheisteanna agus fadhbanna. Chuige sin, tá siad mar cheannairí agus mar éascaitheoirí d'athrú. Ní mór d'údaráis áitiúla a ról ceannaireachta i bhforbairt eacnamaíoch agus pobail a fhorbairt tuilleadh. Tá an ról sin níos leithne ná an ról soláthar seirbhíse díri agus aithnítear ann an gá go ngníomhófaí i gcomhpháirt le daoine eile ar mhaithe le forbairt an chontae nó na cathrach. Ar go leor bealaí, sa chruth seo is féidir breathnú ar an údarás áitiúil mar *chatalaíoch* don athrú agus don fhorbairt, ag tabhairt spéiseanna áitiúla agus náisiúnta le chéile agus ag cur rudaí ag obair. Is samplaí iad forbairt eacnamaíoch, iompar inbhuanaithe, 'cathracha cliste' agus bainistíocht chomhshaoil de na réimsí ina bhfuil ról ceannaireachta ag údaráis áitiúla.

Rud a bhfuil ceangal mór aige leis an tsaincheist ceannaireachta is ea an t-údarás áitiúil mar chomhordaitheoir ar na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí éagsúla (poiblí, deonach agus príobháideach) ar leibhéal áitiúil. Is fadhbanna casta, a bhfuil gnéithe go leor ag baint leo cuid mhaith de na saincheisteanna atá le sárú ag an rialtas áitiúil, ach an oiread le gach seirbhís phoiblí eile (forbairt eacnamaíoch, comhshaoil, tithíocht, etc.) agus ní féidir iad a réiteach le réitigh simplí, mar a bhíodh riamh. Go minic teastaíonn cumas ceannaireachta agus nuálaíochta atá dírithe ar chomhoibriú agus ar chomhordú ar leibhéal áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ní mór don rialtas áitiúil caidrimh éifeachtacha oibre a bhunú ag na leibhéil sin go léir agus bealaí nua oibre a aithint agus a éascú

lena chinntiú go mbeidh comhordú éifeachtach idir na príomh-imreoirí. Baineann cuid mhaith den obair sin le hiarracht cur ar chumas údaráis áitiúla daoine atá aonraithe go dtí seo a chur ag obair le chéile ar thionscadail go háitiúil.

Aithnítear freisin go n-éilíonn go leor d'fheidhmeanna reatha an údaráis áitiúil orthu peirspictíocht i bhfad níos réigiúnaí nó fo-réigiúnaí fiú a ghlacadh ar shaincheistean. Mar shampla, i dtaca le bainistíocht dramhaíola agus cosaint an chomhshaoil, táthar ag bogadh i dtreo struchtúir agus socruithe réigiúnacha, ó thaobh pleanáil agus forfheidhmiú de.

[Cónascadh ar Chomhairlí i Luimneach, i bPort Láirge agus i dTiobraid Árann](#)

Tagraíonn téarmaí tagartha an Choiste don ghá atá ann taithí ar chónascadh údarás áitiúil i Luimneach, i dTiobraid Árann agus i bPort Láirge a chur san áireamh. Tuigeadh i ndiaidh na dtoghchán áitiúil in 2014 go mbeifí ag cónascadh Cathair agus Contae Luimnigh, Cathair agus Contae Phort Láirge, agus Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas. Mar gheall air sin bhuaill an Coiste le hionadaithe na bainistíochta sinsearaí ó na trí údarás sin chun imscrúdú agus measúnú a dhéanamh ar na cumaisc agus ar a ndul chun cinn. Braitheadh go láidir gurb í an fhorbairt eacnamaíoch an príomhrud a thiomáinfidh athrú chun cinn i dtaca leis na cumaisc. Chomh maith leis sin, i gcás Luimnigh agus Phort Láirge, tugadh faoi deara príomhról na cathrach mar thiománaí forbartha don chathair agus don chontae, agus an tábhacht a bhain le hacmhainní a choinneáil le haghaidh an cheantair bhardsaigh agus formhór chomhaltaí na comhairle agus an daonra ag cur fúthu sa cheantar bardasach.

Dealraíonn sé gurb é tuairim ghinearálta na bhfeidhmeannach in údarás Luimnigh, Thiobraid Árann agus Phort Láirge ná go raibh tairbhe ag baint le haontú, in ainneoin go raibh roinnt imní ar dhaoine faoi ar dtús báire. Ní hé sin le rá nach raibh dúshláin ná deacrachtaí ag baint leis, go háirithe i dtéarmaí foirne agus athruithe cultúrtha a bhainistiú, ach tá an tuairim dearfach tríd is tríd.

Níl aon chuntas suntasach tugtha ar an méid coigiltí a rinneadh i Luimneach, Port Láirge agus Tiobraid Árann, mar sin ní féidir coigiltí agus an méid éifeachtúlachta atá bainte amach a dheimhniú, ach i ngach cás dar leo go bhfuil roinnt coigiltí á ndéanamh. I dTiobraid Árann, mar shampla, faoi Fheabhra 2015, tugadh faoi deara coigiltí párolla de bhreis is €3 milliún. Tá an figiúr sin bunaithe ar athruithe a tharla ó fógraíodh an cumasc, lúide na poist a líonadh arís le cead ón Roinn

Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Áiríodh le costais an chumaisc caiteachas aonuaire ar chomhchuibhiú TF, feabhsuithe oifige agus brandáil chorparáideach agus meastar iad ag €1.7 milliún, beagán níos ísle ná an figiúr réamh-mheasta. Beidh costais athfhillteacha, mar gheall ar chomhchuibhiú rátaí corparáideacha i limistéar iar-Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh chuig an leibhéal a bhí i bhfeidhm i gComhairle Contae Thiobraid Árann Theas €330,000 in aghaidh na bliana. Baineadh amach éifeachtúlachtaí agus saoradh am foirne le haghaidh tosaíochtaí eile a bhain le deireadh a chur le dúbailt roinnt gníomhaíochtaí, cosúil leis an ngá atá anois le díreach plean forbartha amháin, tuarascáil bhliantúil amháin, sraith cuntas amháin, iniúchadh amháin etc.

Forbairtí beartais eile go náisiúnta

An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta

Tá an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta (Rialtas na hÉireann, 2002) fós ar an bpríomhdhoiciméad beartais náisiúnta maidir le forbairt inbhuanaithe in Éirinn sa mhéid is go dtugtar aghaidh ann ar an gcothromaíocht, ar leibhéal náisiúnta, idir forbairt shóisialta, fhisiciúil agus, go háirithe, fás daonra. Maidir le Gaillimh, aithnítear Gaillimh sa Straitéis mar cheann de na cúig príomhchathair agus mar gheata nó inneall fáis go réigiúnach agus go náisiúnta, agus mar frithmheáchan don chlaonadh a bhíonn ag daoine dul soir i dtreo réigiún Bhaile Átha Cliath. Tugtar ar aird sa Straitéis:

Leanfaidh Gaillimh, lena dhobharcheantar daonra, an tarraingt atá aige de bharr an chaighdeáin saoil atá an, naisc iompair agus cumas nuálaíochta le tacaíocht óna cuid institiúidí tríú leibhéal, ag imirt ról ríthábhachtach a bhí riachtanach go dtí seo chun acmhainn an réigiúin a chur i ngníomh. Is é an dúshlán anois an ról sin a leathnú agus a choinneáil chun limistéir eile a neartú. Nuair atáthar ag iarraidh ról na Gaillimhe a fheabhsú ní mór a aithint go bhfuil gá oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha Ghaeltacht na Gaillimhe a neartú agus a chosaint.

Tugtar ar aird in *Implementing the National Spatial Strategy (INSS)* (An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2010b) go bhfuil cathracha ag teacht chun cinn anois níos mó ná riamh mar príomhthiománaithe na forbartha náisiúnta agus eacnamaíche, agus mar lárionaid nuálaíochta, fiontraíochta agus infheistíochta. Aithnítear sa tuarascáil go dteastaíonn cathracha rathúla ó thíortha

agus ó réigiúin rathúla ina gcroílár, agus luaitear go bhfuil Gaillimh, ach an oiread le Corcaigh, Luimneach, agus

Port Láirge mar gheataí cathrach réigiúnacha ina n-innill den fhorbairt eacnamaíoch laistigh dá réigiúin ach go gcaithfidh siad mais chriticiúil níos mó a bhaint amach lena n-áirítear a bhforbairt mar líonra cathracha mar a shamhlaítear sa tuarascáil Atlantic Gateways ó 2006. Beidh struchtúir rialachais láidre ag teastáil má tá siad chun feidhmiú ag leibhéal feidhmíochta níos airde.

Treoirínte Pleanála Réigiúnaí

Tugadh isteach na Treoirínte Pleanála Réigiúnaí in 2004 agus rinneadh athbhreithniú orthu in 2009/2010. Is é aidhm na dTreoirínte Pleanála Réigiúnaí beartais pleanála spásúlachta straitéisí náisiúnta a nascadh leis an bpróiseas pleanála ag leibhéal áitiúil na cathrach agus an chontae trí gach ceann de na pleananna forbartha a chomhordú tríd na treoirínte. Soláthraíonn na Treoirínte Pleanála Réigiúnaí, 2010 – 2022 an creat le haghaidh róil agus cumais forbartha faoi leith gach ionad uirbeach i nGeata na Gaillimhe agus i réigiún an iarthair i gcoitinne.

Ár gCathracha: Tiománaithe an Iomaíochais Náisiúnta

Díríodh sa tuarascáil Our Cities (Forfás / An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, 2009) ar an iomaíocht dhomhanda idir cathracha agus toisc go bhfeictear cathracha anois mar thiománaithe an iomaíochais náisiúnta agus na forbartha eacnamaíche agus sóisialta. Maidir le rialachas cathrach, tugtar ar aird sa tuarascáil (Forfás / An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, 2009: 9): 'Ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar bhealaí nuálacha chun comhoibriú a spreagadh idir údaráis áitiúla ... Nuair nach féidir comhoibriú a dhéanamh, beidh sé tábhachtach a chinntiú nach gcuirtear isteach ar iomaíochas cathrach. Leis sin b'fhéidir go gcaithfí measúnú a dhéanamh ar thairbhí na sásraí malartacha le haghaidh rialachas comhtháite, lena n-áirítear an fhéidearthacht línte teorann a athrú nó údaráis áitiúla a chumasc'.

Tagairtí

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. (2010a). *Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht sa Rialtas Áitiúil*. Baile Átha Cliath: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. (2010b). *An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta a chur i bhfeidhm: Nuashonrú agus Dearcadh 2010*. Baile Átha Cliath: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. (2012a). *Tuarascáil Deiridh Ghrúpa Stiúrtha um Ailíniú an Rialtais Áitiúil/Forbartha Áitiúla*. Baile Átha Cliath: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. (2012b). *Putting People First: Action Programme for Effective Local Government*. Baile Átha Cliath: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Forfás / An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais. (2009). *Our Cities: Drivers of National Competitiveness*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

Rialtas na hÉireann (2002). *An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta d'Éirinn 2002-2020*. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais. (2013). *Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016*. Baile Átha Cliath: An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Aguisín 4 Forbhreathnú ar thaithí roghnaithe idirnáisiúnta maidir le
hatheagrú, cumaisc agus cónascaí rialtais áitiúil

An Dr Richard Boyle
An Rannán Taighde
An Foras Riaracháin Lúnasa 2015



Forbhreathnú ar thaithí roghnaithe idirnáisiúnta maidir le hatheagrú, cumaisc agus cónascaí rialtais áitiúil

1. Réamhrá

Is deacair ceachtanna a tharraingt as an taithí idirnáisiúnta maidir le rialtas áitiúil. Bronnann riaracháin difriúla feidhmeanna difriúla ar an rialtas áitiúil, agus bíonn difríocht i gcórais agus i gcleachtais rialtais.

Saintréith ar leith den rialtas áitiúil in Éirinn is ea an raon sách teoranta feidhmeanna a dtugann údaráis áitiúla fúthu. Tá go leor de na húdaráis áitiúla i dtíortha eile OECD freagrach as raon i bhfad níos leithne seirbhísí sóisialta, ina measc oideachas bunscoile agus meánscoile, sláinte, leas sóisialach, cúram do dhaoine scothaosta agus seirbhísí cúram leanaí, iompar poiblí, agus póilíneacht.

Tá an daonra mór go leor freisin ag na húdaráis áitiúla in Éirinn, in éineacht leis an Ríocht Aontaithe (ag 148,000 in aghaidh an údaráis ar an meán) i gcomparáid le go leor tíortha eile san OECD. Tá daonra 54,000 duine in aghaidh an údaráis áitiúil sa Danmhairg, mar shampla, agus meán 40,000 ar an meán san Ísiltír. Ach arís ba cheart féachaint go cúramach ar na sonraí seo agus ciallaíonn éagsúlachtaí agus feidhmeanna agus sraitheanna den rialtas comparáidí simplí a dhéanamh ar uimhreacha agus bíonn na daonraí sin míthreorach. Bíonn níos mó ná sraith amháin rialtais áitiúil i roinnt tíortha agus láimhseálann an tsraith feidhmeanna oibríochta measartha go leor agus glactar cinntí níos straitéisí ar leibhéal réigiúnach. Dá dtarlódh sé mar shampla, go gcuirfí ceantair bhardasacha i bhfigiúirí na hÉireann (toisc go seachtar roinnt feidhmeanna trí cheantair bhardasacha, cé go foirmiúil gur cuid den chomhairle contae nó cathrach iad) bheadh an daonra thart ar 36,000. Tá éagsúlachtaí móra faoi cheilt sa mheán-figiúr freisin. Mar shampla san Ísiltír tá daonraí níos mó ná 250,000 ag ceithre bhardas.

Rud tábhachtach do chathracha ar nós Chathair Chorcaí agus na Gaillimhe, ná go mbíonn údaráis réigiúin na cathrach níos mó, fiú i dtíortha a bhfuil líon beag údarás níos lú. Is sampla maith í an Fhionlainn, áit ina bhfuil ceithre bhardas i bPríomhchathair Réigiún na Fionlainne

agus stádas cathrach acu (Heilsincí, Vantaa, Espoo agus Kauniainen) a bhfuil daonra iomlán 1.1 milliún acu, agus daonra bardas Heilsincí thart ar 620,000.

2. Treochtaí idirnáisiúnta

Tá treocht ghinearálta i gcuid mhaith tíortha OECD líon na n-údarás áitiúil a laghdú (Chatry, 2015). San Fhionlainn, laghdaigh siad ó 452 go dtí 339 údarás sna 2000idí agus táthar ag beartú faoi láthair an líon a ghearradh go dtí thart ar 70 bardas. In 2007 thug rialtas na Danmhairge faoi athchóiriú ollmhór, agus laghdaíodh líon na n-údarás áitiúil ó 272 go dtí 98, agus cuireadh deireadh leis an tsraith láithreach 13 údarás. Táthar ag smaoineamh iad a laghdú ó 428 go dtí thart ar 100 san Iorua. San Astráil, deir Aulich et al (2011: 8):

Díríonn an fhianaise atá ar fáil ar gá faoi leith atá le comhdhlúthú leanúnach gníomhaíochtaí rialtais áitiúil i gceantair bardasacha. Mar gheall ar imní atá ag dul i méid maidir le cumas na hAstráile fás agus athrú tobann a bhainistiú i gcathracha, agus ar bheart an rialtais fheidearálaigh beartas náisiúnta uirbeach a fhorbairt agus pleanáil chathrach níos fearr a chur chun cinn, iarrtar go dtabharfaí léiriú ar chumas an rialtais áitiúil rannchuidiú go láidir thar ceann phobail áitiúla agus ar mhaithe leis an leas réigiúnach agus náisiúnta i gcoitinne. Tá tuairim fhorleathan ann go n-éilítear aonaid rialtais áitiúil i bhfad níos mó leis sin chomh maith le pleanáil chomhoibritheach agus comhroinnt acmhainní.

Bhí freagairtí tromchúiseacha ar roinnt cónascaí, agus tograí i gcomhair dí-chónascadh agus roinnt dí-chónascthaí, go mór mhór in Queensland, agus i roinnt codanna de Cheanada go háirithe Quebec.

Is iad na cúiseanna is mó a thugtar maidir le cumasc agus cónascadh ná gur bealach éifeachtach é chun éifeachtúlacht oibríochta na gcomhairlí áitiúla a fheabhsú, feabhsaítear a gcumas riaracháin agus teicniúil, gintear coigiltí costais, neartaítear cinnteoireacht straitéiseach agus cothaítear cumhacht pholaitiúil níos mó. I gcodarsnacht leis sin, cuireann daoine atá i gcoinne comhdhlúthú béim go hiondúil ar chomh conspóideach le cónascaí, gan aon fhianaise impiriúil thacúil ann, na torthaí débhríocha a chonacthas i gcás-staidéir, agus laghdú an daonlathais áitiúil (Dollery and Kortt, 2013: 74).

Sainaithníonn Dollery (2014) cúig phríomhcheacht beartais a d'éascair as samplaí d'fhíor-chónascadh:

- Ní mór aonáin a ainmnítear i gcomhair cónascadh a dhearadh go cúramach
- Ní mór do thograí cónasctha íosleibhéil tacaíochta pobail a chomhlíonadh
- Ní mór d'aonáin chónasctha a bheith inmharthana
- Ní mór do chostais idirbheartaíochta agus costais bunathraithe an chónasctha a íoslaghdú
- Ní mór d'fhoinsí coinbhleachta féideartha a íoslaghdú

3. Cás-staidéir

Auckland

In 2010, rinneadh cónascadh in Auckland ar seacht n-údarás áitiúil agus ar údarás comhshaoil réigiúnach amháin agus rinneadh údarás bardasach amháin comhdhlúite díobh – Comhairle Auckland. Soláthraíonn sé seo rialtas áitiúil aontaithe ina gcumhdaítear aon trian de dhaonra na Nua Shéalainne, ag caitheamh thart ar \$3 billiún in aghaidh na bliana agus ag fostú níos mó ná 5000 ball foirne.

Dar le Mouat and Dodson (2014) taispeánann cás Auckland dúinn go bhfuil loighic ag teacht chun cinn maidir le sár-chónascadh áit a bhfuil athchríochantacht agus athbhunú an rialachais uirbigh mar údarás bardasach 'ollmhór' atá deartha chun éifeachtúlacht chomhordaithe a chur ar fáil. Thug siad faoi deara go bhfuil an méadú ollmhór sin ag teacht chun cinn mar straitéis rialachais (nualioibrálach) a bhfuil sé mar aidhm leo éifeachtúlacht bhordasach, spriocanna eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaint amach agus rialachas pobail a chur i ngníomh (I138).

Tá comhairleoirí tofa ar an gcomhairle, an méara agus boird áitiúla go léir ag obair le chéile le raon eagraíochtaí faoi smacht na comhairle, a sholáthraíonn príomhsheirbhísí (soláthraíonn an comhairlí sin seirbhísí cosúil le bainistíocht réadmhaoine, turasóireacht agus iompar). Bhunaigh an Local Government (Auckland Council) Act 2009 (an tAcht) struchtúr rialachais dhá leibhéal, ina

bhfuil

an

comhlacht

rialaithe

agus

21 bord áitiúil. Toghann trí bharda déag 20 comhairleoir ar an mbord rialaithe. Láimhseálann an bord rialaithe cinnteoireacht ar leibhéal straitéiseach agus réigiúnach. Láimhseálann an 21 bord áitiúil leis na nithe seo a leanas:

- rannpháirtíocht pobalbhunaithe
- seirbhísí áitiúla a chruthú agus a fhaire
- peirspictíochtaí áitiúla a thabhairt do bheartais agus do phleananna ar fud an réigiúin

Tá na boird áitiúla ceaptha chun cur ar chumas an bhoird rialaithe díriú ar bhealach níos éifeachtaí ar shaincheistanna réigiúnacha. Comhroinntear freagrachtaí cinnteoireachta idir an dá leibhéal. Tá an dá leibhéal freagrach agus cuntasach go daonlathach as cinnteoireacht na comhairle.

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (2012) athbhreithniú ar ghnéithe den chumasc. Maidir le rialachas fuair sí amach:

- ní raibh a ról rialaithe straitéiseach agus réigiúnach glactha ag an mbord rialaithe go dtí sin ach bhí sé ag feidhmiú i gcónaí mar chomhairle ar an 'sean stíl'; agus
- ní raibh boird áitiúla ag comhlíonadh a bhfreagracht choiteann go fóill maidir le cinnteoireacht na comhairle, agus ba ghnách leo ina ionad sin ról tacaíochta pobail níos teoranta a ghlacadh.

Bhí imní faoi leith uirthi freisin faoin lear ollmhór léitheoireachta a rabhthas ag súil leis ó chomhaltaí choiste agus bhoird áitiúla an bhoird rialaithe.

Maidir le coigiltí, fuair sí amach nach chun costais a laghdú a cuireadh na leasuithe i bhfeidhm in Auckland, mar sin féin bhíothas ag súil le barainneachtaí scála agus le deiseanna chun cumhacht cheannaigh a ghíaráil ó chomhairle níos mó. Bhí \$81 milliún in éifeachtúlachtaí tuairiscithe ag an gcomhairle sa chéad bhliain agus tá \$1.7 billiún de choigiltí éifeachtúlachta réamh-mheasta aige sna 10 mbliana seo amach romhainn. Baineadh éifeachtúlachtaí amach tríd an gcumhacht margála a tugadh isteach mar gheall ar mhéid soláthair na comhairle. Rinne an chomhairle comhdhlúthú ar go leor conarthaí leis an soláthróir céanna le haghaidh seirbhísí den chineál céanna ar fud an réigiúin, agus rinne comhchuibhiú ar líon na soláthróirí a bhí ag tairiscint seirbhísí den chineál céanna, d'fhonn luach ar airgead a fheabhsú. Mar shampla, rinneadh cónascadh le déanaí anuas ar chonarthaí cothabhála páirceanna sa réigiún ó 78 go dtí 12

conradh, agus coigiltí dá bharr i gcomparáid le costais chonartha roimhe sin.

B'fhéidir gurb é an buntáiste is mó a chonaic sí ná go bhfuil treoir aontaithe agus chomhtháite bainte amach tríd an bhfís agus an bplean le haghaidh réigiún Auckland. Bhain an chomhairle agus réigiún Auckland tairbhe as pleanáil chomhtháite:

Chualamar ó gach duine ar labhair muid leo faoi aontú Phlean Auckland agus buntáistí an phlean a spriocdhíriú. Soláthraíodh treoir réigiúnach straitéiseach chomhtháite leis an bPlean, lena n-áirítear díocas éigin, braistint féiniúlachta réigiúnaí, agus aitheantas do thábhacht náisiúnta Auckland. Tá neart tacaíochta ag an treoir sin ó eagraíochtaí, ó pháirtithe leasmhara, agus ón bpobal ... dúirt go leor daoine a labhair linn go raibh an cruthúnas maidir le rath an chónasctha in éachtaí pleanála na Comhairle le dhá bhliain anuas. (lch 25)

Chuir an Coimisiún Rialtais Áitiúil pleananna chun cónascadh den chineál céanna a dhéanamh ar chomhairlí i réigiún Wellington ar fáil i mí an Mheithimh 2015. Luaigh an Coimisiún nach raibh dóthain tacaíochta ag na pleananna ón bpobal.

Brisbane

(An chuid seo tógtha ó O'Riordan, 2012 den chuid is mó)

Freastalaíonn Comhairle Cathrach Brisbane ar dhaonra díreach os cionn 1.1 milliún agus í as eascairt as cathracha, bailte agus síreanna a cumascadh i 1925. Luaitear go minic Brisbane mar shampla de chathair ollmhór rathúil as an Astráil nach bhfuil struchtúr rialtais áitiúil deighilte inti.

Tá 26 barda sa chomhairle cathrach agus ardmhéara agus 26 comhairleoir. Is iad áitritheoirí Brisbane go léir a thoghann an tArdmhéara agus bíonn na toghcháin ar siúl gach ceithre bliana. Tá an méid seo a leanas le háireamh i ról an Ardmhéara atá sainithe in Acht 2010: 'Is faoin méara é ról fhísiúil agus straitéiseach a sholáthar i mbainistíocht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil Brisbane. Tá freagrachtaí breise ar an méara a bheith mar cheannaire i measc daoine ar comhchéim lena chéile. Is é an méara an t-aon duine a bhfuil cumhacht aige treoir a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach agus d'fhostaithe sinsearacha ar chonradh.'

Déantar na comhairleoirí a thoghadh ar bhonn barda ag déanamh ionadaíochta

ar idir 30-35,000 duine. Tá oifig bharda acu go léir agus lucht pearsanra na comhairle cathrach ag obair ann

ag déanamh maoirseachta ar sheachadadh seirbhísí áitiúla. Is sainmharc de ról polaitiúil gach comhairleora é rannpháirtíocht fhorleathan sa phobal. Úsáidtear é sin lena chinntiú go mbíonn obair leanúnach á déanamh le pobail áitiúla in éagmais struchtúir áitiúla faoi bhun na comhairle cathrach. Tá freagrachtaí an mhéara, an chomhairleora agus an phríomhfheidhmeannaigh breactha go soiléir sa City of Brisbane Act 2010.

Ceann de phríomhuirlisí an mhéara in Brisbane ná gur scairshealbhóir í an chomhairle sna fóntais a dhéanann soláthar don réigiún agus sa ról sin déantar ionadaíocht ar na boird ábhartha. Áirítear leo sin fóntais uisce agus iompair agus uirlisí forbartha/infheistíochta eile don réigiún.

Pointe eile is cóir a lua ó Brisbane ná go gcuirtear smaointeoireacht fhadtéarmach i bhfeidhm maidir lena forbairt. Tá straitéis eacnamaíoch na Cathrach ag síneadh chomh fada amach leis na 2030'ídí agus mar bhonn is mar thaca ag a gar-próiseas toilithe áitiúil tá mórphróiseas comhairliúcháin bunaithe ar chomharsanachtaí áitiúla. I mbeagán focal sula n-ullmhaíonn an fhoireann ghairmiúil na pleananna ní mór dóibh gabháil do bhunsmaointeoireacht chruthaitheach ar dtús le pobail áitiúla faoi cheannaireacht na gcomhairleoirí ábhartha ar na bardaí. Cuirtear béim sa City of Brisbane Act 2010 agus i rialacháin ghaolmhara ar rannpháirtíocht an phobail. Sonraítear san Acht nach mór don chomhairle plean pobail a bheith aici agus beartais rannpháirtíochta pobail.

Perth

Ceapadh Painéal Athbhreithnithe Cathrach don Rialtas Áitiúil i Meitheamh 2011 chun imscrúdú a dhéanamh ar na saincheistanna réigiúnacha, sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha atá ag cur isteach, nó is dóigh a chuirfidh isteach, ar fhás chathair Perth as seo go ceann 50 bliain, chomh maith le cúinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta reatha agus réamh-mheasta. Bhí sé mar chúram ar an bpainéal na struchtúir rialtais áitiúil agus na samhlacha rialachais ab oiriúnaí a mholadh le haghaidh chathair Perth.

Tá na socruithe rialachais reatha in Perth sách casta. Chomh maith leis an 30 rialtas áitiúil tá sé rialtas áitiúil réigiúnacha agus roinnt eagraíochtaí réigiúnacha de chuid na gcomhairlí. Táthar ag súil go sroichfidh an daonra 2.3 milliún duine

faoi 2026, agus b'fhéidir 3.5 milliún faoi 2050, mar sin tá ráta fáis thar cuimse ag tarlú i limistéar cathrach Perth i láthair na huaire.

Chonaic an painéal laigí sna socruithe rialtais áitiúil reatha sa chathair (Painéal Athbhreithnithe Cathrach an Rialtais Áitiúil, 2012):

- Tá leibhéal suntasacha de dhúbailt oibre agus acmhainní á gcur amú.
- Tá neamhréireacht mhór i bpróisis agus i gcur chuigí agus dá bharr sin bíonn deacrachtaí ag gnóthaí, cailleann pobail amach ar dheiseanna, agus bíonn míthuiscint ar thomhaltóirí.
- Mar thoradh ar an gcur chuige deighilte i leith na pleanála áitiúla fágann sé go bhfuil córas ann atá casta agus gan gá dó bheith, níl sé comhordaithe go maith agus níl aon fócas straitéiseach aige.
- Níl ciall ar bith ar roinnt de na teorainneacha rialtais áitiúil.
- Tá éagsúlacht mhór idir méid agus acmhainn na rialtas áitiúil.
- Tá difear mór i leibhéal seirbhíse idir rialtais áitiúla éagsúla.
- Tá cumas teoranta ag an struchtúr aghaidh a thabhairt ar saincheisteanna ar fud an réigiúin.
- Ní fhreastalóidh an struchtúr reatha ar riachtanais Perth sa todhchaí

Nuair a d'éisigh sé a dhréacht-thorthaí, mheas an painéal gurb iad seo a leanas na roghanna ab oiriúnaí:

- idir 10 agus 12 rialtas áitiúil
- idir cúig nó sé rialtas áitiúil
- rialtas áitiúil cathrach amháin

Taispeánadh san aiseolas a tháinig ó na haighneachtaí go raibh tacaíocht theoranta d'idir cúig agus sé rialtas áitiúil, agus do rialtas áitiúil amháin. Tar éis plé breise, lena n-áirítear machnamh a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh i láthair sna haighneachtaí chinn an painéal go bhfearr leis samhail de struchtúr bunaithe ar 12 rialtas áitiúil.

Rinneadh machnamh ar mhéid Chathair Perth san athbhreithniú, go háirithe ó roinneadh Cathair Perth mar a bhí sí isteach i gceithre rialtas áitiúil i 1993. Creideann an painéal go bhfuil cás láidir chun méid Chathair Perth a mhéadú agus ról níos fearr a thabhairt dó. Ní mór don Chathair a bheith sách mór le bheith ina himreoir náisiúnta agus idirnáisiúnta go dáiríre, agus chun tacú leis an limistéar cathrach ina hiomláine. Nuair a mhéadaítear an chathair, cuirfear dlús faoi acmhainn agus freagrúlacht na Cathrach, ag éagsúlú a daonra, agus ag feabhsú a seasamh idirnáisiúnta. Meastar go mbeidh daonra Chathair athraithe Perth ag thart ar 116,000.

An Bhreatain Bheag

Thuairiscigh Coimisiún ar Rialachas agus Seachadadh na Seirbhíse Poiblí (2014) ar imscrúdú a rinneadh ar gach gné de rialachas agus seachadadh san earnáil phoiblí athraithe sa Bhreatain Bheag. Áiríodh leis sin an tsaincheist maidir le hatheagrú an rialtais áitiúil. Cé nach ndearnadh aon rud maidir le torthaí na tuarascála go dtí seo, tá smaointeoireacht an Choimisiúin maidir le cónascthaí an rialtais áitiúil spéisiúil go leor.

Is beag fianaise a aimsíonn an Coimisiún go soláthraíonn údaráis bheaga seirbhísí níos measa ná údaráis mhóra. Mar sin féin, faigheann siad amach go mbíonn fíor-dhúshlán ag baint le fairsinge agus le doimhneacht an chumais agus go háirithe athléimneacht na n-eagraíochtaí beaga. Creideann siad go bhfuil roinnt réimsí ann ina gcruthaíonn scála beag rioscaí criticiúla agus doghlactha maidir le rialachas agus seachadadh seirbhíse. Creideann siad go háirithe:

...go ndírítear in eagraíochtaí beaga ar dhíreach seirbhísí ó lá go lá a sholáthar ar bhealaí seanbhunaithe. Ní féidir an saineolas, ná na cistí, ná an cheannaireacht a bheith ann chun aon rud eile a dhéanamh. Go háirithe, aontaímid leis na príomhrialaitheoirí go bhféadfadh easpa solúbthachta a bheith sna heagraíochtaí beaga chun brúnna a thagann chun cinn a mheas agus freagairt dóibh; agus é sin a dhéanamh go héifeachtach agus leis an luas agus leis an leanúnachas is gá. Is féidir leo easpa físe nó cumais a bheith acu freisin cur chuigí nuálacha a fhorbairt agus a ghlacadh maidir le soláthar agus bainistíocht seirbhísí. Níltear ag cáineadh na ndaoine atá bainteach leis: ach nuair a bhíonn sé chomh dúshlánach gnáthsheachadadh mar sin a bhainistiú, is deacair an spás nó an acmhainn a fháil chun aon rud níos straitéisigh nó níos fadtéarmaí a dhéanamh (lgh 80-81).

Nuair a bhíonn líon mór eagraíochtaí beaga ann faightear amach go méadaítear an t-iomaíochas eatarthu chun na ceannairí, na bainisteoirí agus na gairmithe is fearr a fháil, agus ciallaíonn sé nach mbíonn an tallann scaipthe sách forleathan.

Tugann siad faoi deara go ndéanann eagraíochtaí beaga iarracht go minic oibriú ar sheirbhísí agus iad a roinnt d'fhonn an cumas agus an saineolas a theastaíonn uathu a fháil. Ach chuala siad fianaise go mbíonn sé níos deacra ag eagraíochtaí

beaga comhoibriú go héifeachtach, mar gheall go gcaitheann siad acmhainn mhór bainistíochta a thabhairt dó sin, agus go mbíonn

sé deacair ag eagraíochtaí náisiúnta agus ar leibhéal réigiúnach comhoibriú leis an oiread sin eagraíochtaí eile (lgh 81-82).

Molann an Coimisiún go gcónasfaí an 22 údarás áitiúil agus go ndéanfaí aonaid níos mó díobh:

Is cosúil gurb é sin an rogha is fearr chun dul i ngleic leis na rioscaí atá le scála beag agus go deimhin an t-aon cheann atá inmharthana agus inseachadta go gearr- nó go meántéarmach. Tá clár den sórt sin riachtanach chun an daonlathas áitiúil a choimeád, coigiltí costais a sheachadadh agus údaráis áitiúla a chruthú a bhfuil teacht aniar iontu agus iad níos ábalta na dúshláin atá rompu a shárú. Is rogha é freisin lena mbeifear in ann feidhmiú caoithiúil a dhéanamh agus an tionchar is lú aige ar sheachadadh seirbhísí túslíne (lgh 87-88).

I mí an Mheithimh 2015 leag rialtas na Ríochta Aontaithe síos roghanna le haghaidh atheagrú féideartha na gcomhairlí sa Bhreatain Bheag ina bhfeicfí líon na gcomhairlí á ngearradh go dtí ocht nó naoi gcomhairle. D'áireofaí leis sin comhairle Cardiff a chónascadh le Vale of Glamorgan agus Swansea le Neath Port Talbot.

Manchain

Ba iad na deich n-údarás i Mórcheantar Mhanchain na chéad chinn sa RA a d'fhorbair comhúdarás reachtúil a chomhordaíonn príomhfhorbairt eacnamaíoch, feidhmeanna athnuachana agus iompair. Bunaíodh Comhúdarás Mhórcheantar Mhanchain (GMCA) an 1 Aibreán 2011. Tá sé tábhachtach a rá go bhfuil na deich n-údarás chomhoibritheacha ann fós, mar sin ní cónascadh nó athrú teorann a bhí i gceist, ach leibhéal rialtais níos airde ar leibhéal réigiúnach. Mar chomhlacht, cuimsítear sa GMCA Ceannairí 10 gcomhairle toghcheantair i Mórcheantar Mhanchain (nó a gcuid ionadaithe). Buailéann sé le chéile ar an Aoine deiridh de gach mí.

Tá sé de chumhacht ag an GMCA comhchoistí, coistí, coimisiúin agus gníomhaireachtaí straitéiseacha a bhunú. Tá siad sin ceaptha chun feidhmeanna Bhord Feidhmiúcháin GMCA a chur i gcrích maidir le réimsí oibre faoi leith amhail:

- Mol Ísealcharbóin Mhórcheantar Mhanchain (an Coimisiún Comhshaoil roimhe seo)

- Bord Sláinte agus Féinleasa Eatramhach Mhórchéantar Mhanchain (an Coimisiún Sláinte roimhe seo)
- An Coimisiún Pleanála agus Tithíochta
- An Coiste um Iompar do Mhórchéantar Mhanchain
- Teaghlach Mhanchain / Ionad Barrfeabhais

Tá meascán de chomhaltaí toga agus ionadaithe ó chomhpháirtithe eile, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, gníomhaireachtaí eile san earnáil phoiblí agus an earnáil dheonach ina gceannaireacht. Níl na hionadaithe ann chun ionadaíocht a dhéanamh ar limistéir thírleolaíoch faoi leith, ar ghrúpaí polaitiúla nó ar leasanna earnála, ach chun ról a chur i gcrích do réigiún na cathrach trí chéile; agus ceaptar iad bunaithe ar a gcuid scileanna agus ar a dtaithe. Dá bharr sin, níl sé i gceist go mbeidh ionadaí ag gach údarás áitiúil ar gach ceann díobh sin thuas.

Faoi shocruithe a comhaontaíodh le déanaí leis an Rialtas beidh na cumhachtaí seo a leanas ag Méara Mhórchéantar Mhanchain a bheidh tofa go díreach:

- Freagracht as buiséad iompair déabhlóidithe agus comhdhlúite.
- Freagracht as seirbhísí bus saincheadaithe (faoi réir comhairliúcháin ag Mórcheantar Mhanchain), chun ticéadú cliste a chomhtháthú ar fud gach modh iompair áitiúil, agus iniúchadh práinneach a dhéanamh ar na deiseanna chun stáisiúin iarnróid a chineadh ar fud limistéar Mhórchéantar Mhanchain.
- Cumhachtaí maidir le pleanáil straitéiseach, lena n-áirítear an chumhacht creat spásúlachta reachtúil a chruthú le haghaidh Mhórchéantar Mhanchain. Caithfear é sin a cheadú trí vóta d'aon toil ó Chomh-aireacht an Mhéara.
- Smacht ar Chiste Infheistíochta Tithíochta nua ar fiú £300 milliún é.
- Smacht ar mhargadh leasaithe um thuilleamh ar ais, leis an gclúdach reatha £30 milliún sa bhliain ar feadh 30 bliain.
- An ról atá cumhdaithe ag an gCoimisinéir Póilíní agus Coireachta a thógáil

ar láimh.

Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag Comhúdarás Mhórcheantar Mhanchain (GMCA):

- Freagracht as buiséid thacaíochta gnó déabhlóidithe, lena n-áirítear an Brostaitheoir Fáis, an tSeirbhís um Chomhairle Déantúsaíochta agus Comhairle maidir le hOnnmhairiú Trádála agus Infheistíochta na Ríochta Aontaithe.
- Smacht ar an Deontas Printíseachta d'Fhostóirí i Mórcheantar Mhanchain agus an chumhacht an soláthar Breisoideachais a athmhúnlú agus a athstruchtúró laistigh de Mhórcheantar Mhanchain.
- Smacht ar threoir-thionscnamh leathnaithe *Working Well*, le maoiniú ón rialtas láir a bheadh nasctha le feidhmíocht mhaith suas go dtí teorainn DEL socraithe in ionad comhroinnt riosca.
- An deis a bheith mar chomhchoimisinéir leis an Roinn Oibre agus Pinsean le haghaidh an chéad chéim eile den Chlár Oibre.
- Tabharfar cuireadh don GMCA agus do Ghrúpaí Coimisiúnaithe Cliniciúla Mhórcheantar Mhanchain chun plean gnó a fhorbairt ar mhaithe le cúram sláinte agus sóisialta a chomhtháthú ar fud Mhórcheantar Mhanchain, bunaithe ar smacht ar bhuiséid sláinte agus chúraim shóisialta reatha.

Birmingham

Bhí Comhairle Cathrach Birmingham sa nuacht sa Ríocht Aontaithe i ndiaidh athbhreithniú a bheith déanta ag Sir Bob Kerslake, rúnaí buan sa Roinn Pobal agus Rialtais Áitiúil ar an gcomhairle (Kerslake, 2014). Rinne ceannaire Chomhairle Cathrach Birmingham agus Rúnaí Stáit na bPobal agus Rialtais Áitiúil coimisiúnú ar an athbhreithniú i ndiaidh imní maidir lena bhainistiú agus lena rialachas i scoileanna.

Sa tuarascáil, aibhsíonn Kerslake fadhbanna atá fréamhaithe go daingean mar lucht saothar ar bheagán oiliúna, dearcadh sotalach maidir le comhpháirtíochtaí, an iomad pleananna agus straitéisí nach leantar suas agus gan aon fhís shoiléir curtha i láthair don chathair. Saincheist amháin a tháinig chun cinn ná méid na

comhairle cathrach. Le daonra 1.1 milliún duine is í Comhairle Cathrach Birmingham an t-údarás áitiúil cathrach is mó i Sasana.

Fuair Kerslake (2014: 15) amach go bhfuil idir bhuntáiste is míbhuntáiste ag baint le méid na Cathrach. Tá daoine mórtasach as an gcathair agus as a bheith ag obair don chomhairle. Mar gheall ar chomh mór leis an gcomhairle tá an acmhainn aici tograí suntasacha a ghlacadh a mbeadh údaráis áitiúla eile ag streachailt leo ag iarraidh iad a bhaint amach astu féin, go háirithe cinn a bhaineann le forbairt eacnamaíoch. Mar sin féin, i réimsí eile feictear méid na comhairle mar fhadhb. Dúradh san athbhreithniú:

- spreagadh cultúr ina bhféachtar isteach in ionad féachaint amach agus eagraíocht a smaoiníonn agus a dhéanann rudaí mar bheadh tuismitheoir ann agus gach a bhaineann leis sin;
- roimh seo bhí roinnt seirbhísí, lena n-áirítear oideachas agus seirbhísí leanaí, rómhór chun iad a bhainistiú ón lár agus ní raibh an fios gnó is gá acu chun feidhmiú go héifeachtach;
- tá bardaí na comhairle cathrach i measc na gcinn is mó sa tír rud a fhágann ualach mór oibre ar na comhairleoirí agus bíonn sé deacair acu a bheith i dteagmháil leis na pobail ar a bhfreastalaíonn siad; agus,
- cé gur éirigh le húdaráis áitiúla eile na comhpháirtíochtaí a theastaigh chun feidhmiú thar limistéar eacnamaíoch feidhmiúil bhí Comhairle Cathrach Birmingham ag streachailt roimhe seo chun na comhaontuithe a theastaíonn uaithe lena dhéanamh a fhorbairt.

Fuair Kerslake amach go gcothaíonn méid na comhairle cultúr agus dearcadh nach bhfuil an-chabhrach. Mar sin féin, dúirt sé nach hé méid na comhairle an t-aon chúis go bhfuil fadhbanna aici. Tá sé den tuairim in achomair nach luíonn fadhbanna na comhairle ina méid: 'Is féidir le heagraíochtaí móra a bheith rathúil ach amháin má aithnítear agus má théitear i ngleic leis na fadhbanna a chruthaítear le scála. Tá údaráis mhóra eile, cosúil le Comhairle Cathrach Leeds, ag iarraidh é sin a dhéanamh anois' (lch 16). Rinneadh scrúdú san athbhreithniú ar roinnt socruithe malartacha rialachais laistigh de chomhairle cathrach coinnithe agus moladh samhail nua i gcomhair dílárú.

Béal Feirste

I dTuaisceart Éireann i mí Aibreáin 2015 laghdaíodh an 26 comhairle a bhí ann

roimhe sin go dtí 11 údarás áitiúil a raibh raon feidhmeanna breise acu. I gcás Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste

tógadh cinneadh síneadh a chur leis an gcomhairle cathrach chun an limistéar uirbeach comhtheagmhálach a chur san áireamh d'fhonn údarás uirbeach comhtháite a dhéanamh de. Mar thoradh ar leathnú a chur ar an teorainn tháinig méadú ar an daonra ó 270,000 go dtí 335,000. Bhí na limistéir nua mar chuid de Chomhairle Cathrach Lios na gCearrbhach, Comhairle Buirge an Chaisleáin Riabhaigh agus Comhairle Buirge an Dúin Thuaidh roimhe sin. Bhí forbairt gheilleagrach ar cheann de na príomhrudaí a bhí taobh thiar den chinnidh an teorainn a leathnú.

4. Tuairimí ginearálta

Mar a dúradh thuas tá treocht ghinearálta i dtreo líon níos lú údarás áitiúil níos mó i roinnt tíortha de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta. Ag an am céanna, tá fianaise theoranta ann de choigiltí móra nó barainneachtaí scála, nó feabhas ar fheidhmíocht ó chónaisc agus cumaisc den sórt sin. Tá an bonn cirt i dtéarmaí saincheisteanna atá níos deacra a mheas cosúil le feabhsúcháin i gcumas straitéiseach eagraíochtaí, na teorainneacha atá leis na buntáistí maidir le seirbhísí comhroinnte agus comhoibriú, agus an deis bonn scileanna líon beag údarás áitiúil a fheabhsú mar gheall ar níos lú iomaíochta eatarthu. Anseo, tugtar aird ar roinnt de na saincheisteanna sin i gcomhthéacs roinnt de na critéir a úsáideadh chun roghanna rialtais áitiúil Chorcaí a mheas.

Forbairt gheilleagrach agus shóisialta

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar thaithí na hAstráile agus na Nua Shéalainne maidir le cumas agus cónaisc rialtais áitiúil, tugann Aulich et al (2011) faoi deara:

...go soláthraíonn comhdhlúthú deiseanna tábhachtacha chun barainneachtaí réimse a ghabháil agus acmhainn straitéis an rialtais áitiúil a fheabhsú. Méadaíonn barainneachtaí réimse an acmhainn atá ag comhairlí tabhairt faoi fheidhmeanna nua agus seirbhísí nua nó seirbhísí feabhsaithe a sheachadadh nárbh fhéidir a sheachadadh roimhe sin. Rud tábhachtach fúthu, ná go gcuireann siad ar chumas comhairlí díriú ar a gcuid oibríochtaí ar bhonn níos straitéisigh. Déanaimid an argóint go mbaineann an acmhainn straitéiseach mhéadaithe sin i bpáirt le méid agus leibhéal acmhainní méadaithe, ach baineann sé freisin leis na

féidearthachtaí a chruthaítear nuair a thionsaítear eolas agus saineolas. Is féidir leis an bpróiseas comhdhlúthaithe fócas a chruthú ina ndéantar teorainneacha aonair rialtais áitiúil a tharchéimniú agus ina spreagtar comhairlí feidhmiú i gcomhthéacs níos leithne – ceann atá níos réigiúnaí

nó bunaithe ar an gcóras ar fad – agus a chuireann ar a gcumas a bheith bainteach ar bhealach níos éifeachtaí le rialtais láir. Dealraíonn sé go bhfuil acmhainn straitéiseach níos fearr riachtanach do rath fadtéarmach an rialtais áitiúil mar chomhpháirtí luachmhar i gcóras rialtais, agus tháinig sé sin chun cinn mar an tsaincheist is tábhachtaí is dóigh do chomhairlí lena machnamh a dhéanamh orthu nuair a bhí modhanna difriúla á meas i gcomhair comhdhlúthú (lch 10).

Luann Aulich et al (2011: 11-12) lena chois sin, áfach, go dtugtar le fios ina gcás-staidéir agus agallaimh go bhfuil scoithphointe i gceist i dtéarmaí comhdhlúthú féideartha, go háirithe nuair atá achair fhada taistil i gceist. D'fhéadfadh sé nach mbeadh seirbhísí comhroinnte praiticiúil nó d'fhéadfaidís buntáistí an-teoranta a chruthú; cuireann achar taistil cosc ar chónaisc éifeachtacha; ar uiríoll dhaonlathach toisc díreach iad a bheith ródhian; agus éiríonn sé deacair aon chineál pobal leasa a leagan síos.

Rialachas, cuntasacht agus daonlathas áitiúil

Tugtar le fios ó thaithí as Auckland, agus as Birmingham, má lorgaítear cumasc mar rogha, go mbeidh gá le hacmhainn rialachais a bheidh bunaithe ar an réigiún go léir agus dírithe ar shaincheisteanna straitéiseacha, agus go gcuirfear leis sin le tuilleadh socruithe rialachais áitiúil a fhágann go mbeifear in ann dul i ngleic le saincheisteanna áitiúla ar bhealach éifeachtach, agus go gcoinnítear agus go bhforbraítear an caidreamh áitiúil idir saoránaigh agus an chomhairle.

Tugtar le fios ó thaithí ar atheagrú an rialtais áitiúil sa Danmhairg (Kjaer et al, 2010) go mbíonn nós sna bardasachtaí nua agus níos mó an tionchar a bhogadh ó ghnáth-chomhairleoirí agus i dtreo cúpla duine a mbíonn tionchar níos mó laistigh den chomhairle (an ciorcal inmheánach), i.e. an méara agus cathaoirligh coistí. Fuarthas amach freisin gur neartaigh na cumaisc tionchar an riaracháin i gcomparáid leis na comhairleoirí. Is minic go méadaítear ualach oibre na gcomhairleoirí freisin nuair a tharlaíonn cónascadh. Tugann Though Hansen (2014) faoi deara freisin, ag féachaint dó ar thaithí na Danmhairge gur treochtaí imeallacha iad seo agus luann sé cé go mbaineann roinnt costais dhaonlathacha le cumaisc bhardais gur costais bheaga atá i gceist agus nár cheart áibhéil a dhéanamh maidir leo.

Seachadadh seirbhísí

Tá fianaise teoranta ann ón litríocht nó ó na cásanna ar a ndearnadh imscrúdú faoin tionchar a bhíonn ag cónascadh agus ag cumasc ar sheachadadh seirbhísí. In athbhreithniú ar an litríocht acadúil, fuair Callanan, Murphy agus Quinlivan (2014) amach go dtugtar le fios i gcúpla staidéar go bhféadfadh sé nach mbíonn údaráis áitiúla móra chomh freagrúil, agus go mbíonn níos mó maorlathais le sonrú iontu. Tugtar le fios freisin sna staidéir toisc go bhfuil sé de nós ag údaráis áitiúla móra tabhairt faoi bhreis gníomhaíochtaí 'intí' ná mar a thugann údaráis áitiúla níos lú gur lú seans atá ann go mbainfidh siad úsáid as córais sheachadta mhalartacha. I ndiaidh dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar tháscairí seirbhíse roghnaithe fheidhmíocht an rialtais áitiúil in Éirinn, fuair siad amach freisin:

go bhfuil fianaise an-teoranta ann d'aon ghaol idir méid an údaráis áitiúil ar lámh amháin agus líon mór táscairí seirbhíse ar an lámh eile, lena n-áirítear bailiú ioncaim (iasachtaí tithíochta, rátaí tráchtála agus táillí uisce nach mbaineann leis an teach cónaithe), tréimhsí ama chun iarratais phleanála a phróiseáil agus iarratais ar mótarcháin agus ar cheadúnais tiomána, leibhéil uisce gan tasc, leibhéil truailliú ó bhruscar, rátaí athchúrsála, agus forfheidhmiú pleanála agus rialú foirgníochta. Sna réimsí sin, agus go deimhin i réimsí eile, tugtar le fios sna torthaí nach bhfuil aon nasc inbhraite idir méid an daonra agus feidhmíocht an údaráis áitiúil (lgh 389-390).

Dar le Príomhfheidhmeannach Durham County Council i Sasana go bhfuil roinnt buntáistí le feiceáil de bharr údarás aonadach a chruthú don chontae (Garlick, 2014):

- Beartas coiteann maidir le leithdháiltí - rogha tithíochta
- Cosc ar easpa dídine ar fud an chontae
- Bailiúcháin dramhaíl ghlas leathnaithe
- Bailiúcháin bruscair chuidithe
- Príomh-tháillí agus muirir comhchuibhithe
- Seirbhís pleanála comhtháite
- Ceadúnú tacsaithe comhchuibhithe agus feabhsaithe

I gcuid mhaith cásanna feictear cónascadh mar rud tábhachtach ó thaobh acmhainn phroifisiúnta na n-údarás áitiúil a neartú chomh mór le héifeachtúlacht a fheabhsú nó níos mó ná sin fiú. Ceist lárnach anseo ná acmhainn a thógáil agus a choinneáil lena chinntiú go gcoinnítear agus go bhforbraítear seirbhísí

agus d'fhonn

foireann atá cáilithe go cuí a mhealladh. Baineann sé le heagraíocht nó eagraíochtaí a fhorbairt a bhfuil dóthain acmhainne agus mais chriticiúil acu chun gach leibhéal foirne a fhorbairt agus pleanáil comharbais a chruthú chun tacú le riachtanais phearsanta agus eagraíochta. Díritear ar fhoireann ardoilte a fháil, a choinneáil agus a fhorbairt atá riachtanach chun ordú a choinneáil ar an measra méadaithe laistigh de sheirbhísí rialtais áitiúil.

Saincheist thábhachtach do na roghanna go léir lena mbaineann athrú ná an éifeacht shuaiteach a bhíonn ag athrú uaireanta ar spreagadh agus ar fheidhmíocht na foirne. Fuarthas amach i staidéar ar údarais áitiúla i Sasana a raibh atheagrú le déanamh orthu gur tháinig meath ar fheidhmíocht sular tugadh struchtúir nua isteach. Cuirtear saincheistanna lena n-áirítear laghdú ar mheanma na foirne, cailleadh saineolais bainistíochta mar gheall ar láimhdeachas méadaithe, 'meath pleanála' nuair a chuirtear cinntí straitéiseacha ar fionraí go dtí go mbunaítear an eagraíocht nua, agus seachrán ó phríomhaidhm an tsoláthair seirbhíse, rudaí go léir ar thit feidhmíocht mar gheall orthu. Sa chás sin, bhí iarmhairtí diúltacha ag iarmhairtí gearrthéarmacha an atheagraithe (Andrews and Boyne, 2011). Ionas nach gcuirfear isteach ar fheidhmíocht agus ar mheanma agus ar spreagadh, ní mór aon athrú a phleanáil agus a chéimniú go cúramach.

Éifeachtúlacht

Is cosúil go bhfuil an-éagsúil ag baint le cónascadh, agus díospóid faoi na costais agus na buntáistí. Tugann staidéir éagsúla torthaí éagsúla a thagann salach ar a chéile uaireanta.

Mheas Aulich et al (2011: 10) gur beag fianaise atá ann go mbainfear barainneachtaí scála amach le cónascadh as féin a bheadh aon cheo níos mó ná iad sin a d'fhéadfaí a bhaint amach trí chineálacha eile comhdhlúthú, nó go bhfuil barainneachtaí den sórt sin ar fáil thar chuid mhaith d'fheidhmeanna an rialtais áitiúil is cuma cén cineál bealach a bhfuil siad ar fáil. Fuair siad amach nach bhfuil mórán samplaí láidre sa litríocht, sna cás-staidéir ar a ndearnadh imscrúdú, nó i dtaithí agus in eolas na saineolaithe lenar labhair siad. Fós féin tugann siad faoi deara go gcreideann siad i gcónaí sa rialtas lár – agus roinnt sa rialtas áitiúil – gur féidir coigiltis mhóra a dhéanamh agus gur chóir iad a dhéanamh.

Tá roinnt fianaise idirnáisiúnta ann go bhféadfadh údarás áitiúil níos mó, go mór mhór cinn atá dian ar shaothar, a bheith níos daoire ná níos saoire, ar bhonn coibhneasta, agus

go bhféadfadh seirbhísí níos déine ar chaipiteal a bheith ann mar thoradh ar choigiltí (Callanan, Murphy and Quinlivan, 2014).

Is sa Danmhairg a rinneadh ceann de na staidéir ba láidre inar thángthas ar an tionchar a bhíonn ag cónascadh an rialtais áitiúil. Sa tréimhse ó 2005-2010 tharla athchóiriú cathrach ar scála mór, áit ar cónascadh 238 bardas agus rinneadh 65 aonán nua díobh, agus ní dheachthas gar in aon chor do 33 bardas. Fuarthas amach in anailís chomparáideach ar na bardais sin a bhí cónasctha i gcomparáid leo sin nach ndearnadh aon cheo leo go bhfuil an caiteachas ar chúrsaí riaracháin níos ísle sna bardais nach ndeachthas i ngar dóibh. In 2007, láithreach bonn tar éis an athchóiriú a dhéanamh, chaith bardais a cónascadh 0.2 faoin gcéad níos lú ná na bardais sin nach ndeachthas i ngar dóibh in aon chor. In 2008, ba ionann na coigiltis agus 3.2 faoin gcéad; in 2009 6.4 faoin gcéad, agus in 2010, 8.4 faoin gcéad (Blom-Hansen et al, 2011).

Tagairtí

Andrews, R. and G.A. Boyne (2011), 'Structural change and public service performance: the impact of the reorganization process in English local government', *Public Administration*, 89 (4): 1-15

Aulich, C. M. Gibbs, A. Gooding, P. McKinlay, S. Pillora and G. Sansom (2011), *Consolidation in Local Government: A Fresh Look*, Broadway, NSW: Australian Centre of Excellence for Local Government

Blom-Hansen, J., K. Houlberg and S. Serritzlew (2011), 'Scale effects in local government? Evidence from local government amalgamations in Denmark', cuireadh an páipéar i láthair ag comhdháil XX NORKOM in Gothenburg, An tSualainn, Samhain 24-26

Callanan, M., R. Murphy and A. Quinlivan (2014), 'The Risks of Intuition: Size, Costs and Economies of Scale in Local Government', *The Economic and Social Review*, 45 (3): 371–403

Chatry, I. (2015), *Recent trends in territorial reforms in the OECD*. Cur i láthair don Choiste Eorpach ar Dhaonlathas agus Rialachas. Páras: ECFE

An Coimisiún ar Rialachas sa tSeirbhís Phoiblí agus an Tuarascáil Iomlán um Sheachadadh (2014), Cardiff: Rialtas na Breataine Bige

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (2012), *Auckland Council: Transition and Emerging Challenges*, Wellington: Oifig an Ard-Iniúcháir

Dollery, B. and M. Kortt (2013), *Bigger Is Not Always Better: An Evaluation of Future Prosperity of the Hawkes Bay Region and Potential Costs and Savings of Local Government Reform in Hawkes Bay*, New England Education and Research Proprietary Limited

Dollery, B. (2014), *Getting it Right: Structural change in Perth Local Government*, City of Subiaco

Garlick, G. (2014) cur i láthair ón bPríomhfheidhmeannach, Durham County Council dar teideal Local Government Reorganisation: County Durham, ag comhdháil 2014 Chumann Rialtais Áitiúil Thuaisceart Éireann

Hansen, S. W. (2014), 'The democratic costs of size: how increasing size affects citizen satisfaction with local government', *Political Studies*, 63 (2): 373-389

Kerslake, B. (2014), *The way forward: an independent review of the governance and organisational capabilities of Birmingham City Council*, Londain: HMSO

Kjaer, U., U. Hjelm and A. L. Olsen (2010), 'Municipal amalgamations and the democratic functioning of local councils: the case of the Danish 2007 structural reform', *Local Government Studies*, 36:4, 569-585

An Coimisiún Rialtais Áitiúil (2014a), *Draft Proposal for Reorganisation of Local Government in Wellington*, Imleabhar 1 Tuarascáil phoiblí: Doiciméad achoimre, Wellington: An Coimisiún Rialtais Áitiúil

An Coimisiún Rialtais Áitiúil (2014b), *Draft Proposal for Reorganisation of Local Government in Wellington*, Imleabhar 2 Tuarascáil theicniúil: Meastóireacht ar na roghanna agus dréacht-thogra, Wellington: An Coimisiún Rialtais Áitiúil

Painéal Athbhreithnithe an Rialtais Áitiúil Bhardais (2012), *Final Report of the Independent Panel*, Perth

Mouat, C. and J. Dodson (2014), 'Reviewing the Auckland 'super city': towards an ongoing agenda for evaluating super city governance', *Australian Planner*, 50 (2): 138-147

O'Riordan, S. (2012), Brisbane and Auckland: Possible models for Dublin?, <http://seanoriordain.ie/brisbane-and-auckland-possible-models-for-dublin/>

Aguisín 5 Anailís bunaithe ar ilchritéir de na roghanna le haghaidh socruithe rialtais áitiúil i nGaillimh

Tuarascáil de chuid an Fhorais Riaracháin le haghaidh

Coiste Rialtais Áitiúil na Gaillimhe

Deireadh Fómhair 2015



Cúlra

D'iarr an coiste ar an bhForas Riaracháin athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheistean a bhí ag teacht chun cinn ó na haighneachtaí a cuireadh chuig an gCoiste ag éirí as próiseas an chomhairliúcháin phoiblí, agus as athbhreithniú ar litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le hathchóiriú an rialtais áitiúil. Bhí an t-athbhreithniú bunaithe ar chur chuige anailíse inar cuimsíodh ilchritéir. Is modh é anailís ilchritéir ina dtugtar foramharc ar na costais agus tairbhí a bhaineann le roghanna éagsúla atá beartaithe chun cuspóir₃ a bhaint amach, sa chás seo soláthar éifeachtúil agus éifeachtach ar rialtas áitiúil le haghaidh chathair agus contae na Gaillimhe. Nuair a úsáidtear modh bunaithe ar anailís ilchritéir, déantar na roghanna atá á meas a mheasúnú maidir lena dtionchar i gcoinne roinnt critéar. Caithfidh an Coiste agus iad ag teacht ar bhreithiúnas sa deireadh thiar chun ualú a thabhairt do na torthaí faoi na critéir éagsúla.

Ba iad seo a leanas na roghanna a shocraigh an Coiste lena measúnú:

- *Gan athrú*– rogha chaighdeánach le haghaidh MCA, ina dtugtar bonnlíne ónar féidir athruithe a shocrú. Sa chás seo, leanfadh na comhairlí cathrach agus contae orthu mar aonáin ar leithligh.
- *Síneadh teorann le haghaidh chathair na Gaillimhe* – sa rogha seo, bheadh teorainn na cathrach ina leathnú níos teoranta chun na hArdáin agus an Pháirc Mhór a chuimsiú nó ceann níos leithne ag cuimsiú ceantar lena n-áirítear Bearna, Órán Mór, Maigh Cuilinn agus Baile Átha an Rí.
- *Seirbhísí radacacha comhroinnte*– comhairlí cathrach agus contae ar leithligh a choimeád, agus a struchtúir bainistíochta agus gaolmhara féin ag gach ceann díobh, ach iad ag soláthar seirbhísí riaracháin comhroinnte don dá chomhairle. D'áireofaí leis sin seirbhísí cúloifige mar AD, TF, etc.; seirbhísí speisialaithe cosúil le soláthar, seirbhísí iniúchóireachta agus teicniúla; agus roinnt seirbhísí líne tosaigh, cosúil le forbairt eacnamaíoch agus roinnt seirbhísí tithíochta.
- *Cumasc iomlán*– comhtháthú na cathrach agus an chontae i gcomhairle amháin, ar bhonn polaitiúil agus riaracháin araon.

Is iad na critéir faoina ndearnadh measúnú ar na roghanna seo ná:

3 An Roinn Pobal agus Rialtais Áitiúil (2009), *Multi-criteria analysis: a manual*, Londain: An Roinn Pobal agus Rialtais Áitiúil

- *Fís / acmhainn straitéiseach / forbairt gheilleagrach agus shóisialta*- an cumas atá ag an rogha fís shoiléir a éascú do Ghailimh agus freastal ar riachtanais na cathrach agus an chontae faoi cheann 20/30 bliain eile. Na himpleachtaí d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus 'glór' rialtas áitiúil na Gaillimhe ar leibhéal réigiúnacha agus náisiúnta. Saincheisteanna cosúil le cén cumrú is dóigh a mbeidh ról feabhsaithe do Ghailimh mar thoradh air i dtéarmaí suíomh tarraingteach a bheith ann le haghaidh forbairt eacnamaíoch agus shóisialta.
- *Rialachas agus cuntasacht*- na himpleachtaí le haghaidh rialachas polaitiúil agus feidhmiú an daonlathais go háitiúil. Áirítear leis sin saincheisteanna cosúil le maoirseacht agus cuntasacht polaitiúil go háitiúil, agus ról agus socrú na limistéar cathrach agus bardasach.
- *Seachadadh seirbhísí*- an tionchar ar sheachadadh seirbhísí. An phríomhcheist anseo ná tionchar na roghanna ar chaighdeán agus ar rochtain ar sheirbhísí, agus seachadadh éifeachtúil ar an talamh.
- *Bainistíocht acmhainní daonna*- na himpleachtaí do chúrsaí foirne. I measc na saincheisteanna a bheidh le plé anseo tá na himpleachtaí le haghaidh acmhainne agus nuálaíochta, spreagadh agus feidhmíocht na foirne.
- *Éifeachtúlacht*- an costas féideartha nó coigiltí eile a bhainfeadh leis an rogha sin a ghlacadh. Tá saincheisteanna cosúil le forchostais chorparáideacha agus costais aonaid chun seirbhísí a sheachadadh tábhachtach anseo.
- *Inbhuanaitheacht airgeadais*- téann sé i ngleic leis an riachtanas nach bhfuil aon chostais bhreise leanúnacha ar an rialtas láir trí fhóirdheontas méadaithe.

Téamaí uileghabhálacha is dóigh a thiocfaidh trasna ar roinnt de na critéir:

- chomh casta leis an soláthar seirbhísí poiblí (a mhéid is a bhíonn tionchar ag na socruithe ar chastacht an tsoláthair seirbhísí poiblí i nGaillimh)
- ceannaireacht, cultúr agus luachanna (tábhacht leis seo toisc gurb ionann aon athruithe struchtúrtha agus tionchar na socruithe ar cheannaireacht áitiúil agus ar chultúr na n-eagraíochtaí atá i gceist)
- teacht aniar agus freagrúlacht (tionchar na roghanna ar chumas na n-eagraíochtaí atá i gceist freagairt do dhúshláin agus do dheiseanna)

Sa chuid eile den tuarascáil seo, tugtar faoi anailís ar na roghanna i gcoinne gach ceann de na critéir. I ngach cás tacaítear leis an anailís trí thráchttaireacht ábhartha ar thaithí náisiúnta/idirnáisiúnta nuair atá sé ar fáil.

Fís / acmhainn straitéiseach / forbairt gheilleagrach agus shóisialta Maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, is fiú smaoineamh ar ról na n-údarás áitiúil i dtimpeallacht dhomhandaithe níos mó agus níos mó. An cheist is mó atá le breithniú maidir le roghanna sa chomhthéacs seo is cén cumrú is dóigh is mó a mbeidh ról áit-chruthú feabhsaithe mar thoradh air le haghaidh na Gaillimhe faoi cheann scór nó deich mbliana fichead eile. An ról is fearr a leagan síos don rialtas áitiúil ó thaobh spás comhtháite a sholáthar inar féidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta tarlú. Má táthar chun féinleas ceantair agus a phobail áitiúla a fheabhsú is gá don rialtas áitiúil freagracht a ghlacadh as cúrsaí mar aon leis na freagrachtaí atá orthu as soláthar seirbhíse.

Bhí a lán le rá i roinnt aighneachtaí faoi conas a d'fhéadfadh athchóiriú an rialtais áitiúil rannchuidiú le fís a fhorbairt le haghaidh na Gaillimhe sa todhchaí. Déantar an pointe i bhformhór na n-aighneachtaí nach bhfeiceann siad aon fhadhb reatha a dteastaíonn caoi a chur air, agus sa chomhthéacs sin sa todhchaí feiceann siad an stádas reatha nó an status quo mar rud sásúil. Ba í aighneacht Chumann Tráchtála na Gaillimhe an ceann ba fhollasaí ó thaobh imlíne a thabhairt den todhchaí, ag léiriú conas a d'fhéadfadh an rialtas áitiúil cuidiú chun an deis eacnamaíoch chun poist agus infheistíocht a thabhairt chuig Bealach Eacnamaíoch an Atlantaigh a chur i gcrích. Tugann aighneacht na comhairle cathrach ar aird go bhfuil an chathair agus an contae ag obair le chéile ar straitéis eacnamaíoch a chur i gcrích don chathair agus don chontae.

Ag féachaint ar an taithí idirnáisiúnta, agus athbhreithniú á dhéanamh ar thaithí na hAstráile agus na Nua Shéalainne maidir le cumas agus cónaisc rialtais áitiúil, tugann Aulich et al (2011) faoi deara:

...go soláthraíonn comhdhlúthú deiseanna tábhachtacha chun barainneachtaí réimse a ghabháil agus acmhainn straitéis an rialtais áitiúil a fheabhsú. Méadaíonn barainneachtaí réimse an acmhainn atá ag comhairlí tabhairt faoi fheidhmeanna nua agus seirbhísí nua nó seirbhísí feabhsaithe a sheachadadh nárbh fhéidir a sheachadadh roimhe sin. Rud tábhachtach fúthu, ná go gcuireann siad ar chumas comhairlí díriú ar a gcuid oibríochtaí ar bhonn níos straitéisigh. Déanaimid an argóint go mbaineann an acmhainn straitéiseach mhéadaithe sin i bpáirt le méid agus leibhéal acmhainní méadaithe, ach

baineann sé freisin leis na féidearthachtaí a chruthaítear nuair a thiomasaítear eolas agus saineolas. Is féidir leis an bpróiseas comhdhlúthaithe fócas a chruthú ina ndéantar teorainneacha aonair rialtais áitiúil a tharchéimniú agus ina spreagtar comhairlí feidhmiú

i gcomhthéacs níos leithne – ceann atá níos réigiúnaí nó bunaithe ar an gcóras ar fad – agus a chuireann ar a gcumas a bheith bainteach ar bhealach níos éifeachtaí le rialtais láir. Dealraíonn sé go bhfuil acmhainn straitéiseach níos fearr riachtanach do rath fadtéarmach an rialtais áitiúil mar chomhpháirtí luachmhar i gcóras rialtais, agus tháinig sé sin chun cinn mar an tsaincheist is tábhachtaí is dóigh do chomhairlí lena machnamh a dhéanamh orthu nuair a bhí modhanna difriúla á meas i gcomhair comhdhlúthú (lch 10).

Luann Aulich et al (2011: 11-12) lena chois sin, áfach, go dtugtar le fios ina gcás-staidéir agus agallaimh go bhfuil scoithphointe i gceist i dtéarmaí comhdhlúthú féideartha, go háirithe nuair atá achair fhada taistil i gceist. D'fhéadfadh sé nach mbeadh seirbhísí comhroinnte praiticiúil nó d'fhéadfaidís buntáistí an-teoranta a chruthú; cuireann achar taistil cosc ar chónaisc éifeachtacha; ar uiríoll dhaonlathach toisc díreach iad a bheith ródhian; agus éiríonn sé deacair aon chineál pobal leasa a leagan síos.

[Gan athrú](#)

Le cás gan athrú leanfadh an chathair agus an contae ag obair leo chun an cumas forbartha eacnamaíche agus sóisialta is fearr a bhaint amach dá limistéir faoi seach. Déantar an pointe i bhformhór na n-aighneachtaí go bhfuil beartais comhordaithe go maith faoi láthair, agus comhoibriú agus cumarsáid mhaith idir an dá chomhairle, ach tá coimhlint nó iomaíochas in ann tarlú eatarthu i gcónaí.

[Leathnú teorann le haghaidh chathair na Gaillimhe](#)

Seans go láidreodh cathair leathnaithe 'glór' agus láithreach na cathrach i dtéarmaí a cumas láithreach láidir a sholáthar chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn. D'fhéadfadh sé an aidhm maidir le pleanáil go comhsheasmhach don chathair sa todhchaí. I gcontrátha leis sin, d'fhéadfaí cur isteach go tromchúiseach ar an gcontae sa mhéid is go bhféadfaí a rá go mbeadh ísliú céime á thabhairt dá sheasamh agus dá láithreach. Sa chás seo d'fhéadfadh níos lú ualú a bheith ag glór an chontae agus ag a chomhdhamhnaí i gcinntí maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta sa todhchaí.

[Seirbhísí radacacha comhroinnte](#)

Gach seans go mbeidh tionchar teoranta ach dearfach ag an rogha seirbhísí radacacha comhroinnte ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Beadh cur chuige níos comhordaithe maidir le forbairt indéanta ar leibhéal riaracháin. Ach bheadh an dá chomhairle fós mar aonáin lena riachtanais a bheadh ag comhlánú a chéile ach b'fhéidir a bheadh in iomaíocht lena chéile ag amanna freisin. Ar ndóigh d'fhéadfadh

dúbailt oibre agus/nó coimhlint teacht as sin nuair a bheifí, mar shampla, ag bualadh le hinfheisteoirí ionchais.

Cumasc iomlán

Ceist lárnach anseo ná cibé an fearr a bheadh dhá údarás nó údarás amháin in ann cuidiú chun forbairt a bhrú chun cinn i nGaillimh agus san iarthar. Comhaontaíodh sna haighneachtaí go léir a bheag nó a mhór, beag beann ar a gcuid tuairimí maidir leis an rogha ab fhearr, go raibh gá le ról láidir don chathair taobh istigh de cibé socrú ar a dtiocfar. Déanann lucht tacaíochta an chumaisc an pointe go dteastaíonn cinnteoireacht ar scála fo-réigiúnach nó réigiúnach anois níos mó ná riamh ó fheidhmeanna rialtais áitiúil. Teastaíonn smaointeoireacht ar scála fo-réigiúnach agus réigiúnach chun déileáil le saincheistanna a bhíonn le réiteach ag údaráis áitiúil, cosúil le bainistíocht dramhaíola agus cosaint an chomhshaoil, uisce, tithíocht agus pleanáil. Tá na mórdhúshláin maidir le bonneagar, déimeagrafaic, forbairt eacnamaíoch, guaiseacha agus bainistíocht chomhshaoil réigiúnach ó thaobh scála, cineáil agus éifeachta. Téann a dtionchar thar theorainneacha comhairle reatha, agus ní mór d'fhreagairtí rialtais áitiúil a bheith fo-réigiúnach agus réigiúnach ó thaobh scála. Tá cinnteoireacht reatha ag an leibhéal seo ag brath ar chinnteoireacht chomhoibritheach agus ar ghníomh idir comhairlí.

Ina gcás siúd ar fearr leo cumasc, ag féachaint ar bhonn níos fadtéarmaí tá bealaí ann don rialtas áitiúil tuilleadh feidhmeanna a thógáil ar lámh ón rialtas láir agus ag feabhsú dá réir sin a ról straitéiseach agus forbartha, agus sin aidhm a ghabhann le *Putting People First*. D'fhéadfaí an argóint a dhéanamh go mbeadh údarás cumaiscthe le guth amháin le haghaidh na Gaillimhe agus le bonn scileanna saineolais feabhsaithe i réimsí feidhme i bhfad níos fearr chun cás a dhéanamh le haghaidh tuilleadh cumhachtaí a aistriú chuig an rialtas áitiúil (gnéithe sláinte, oideachais, seirbhísí sóisialta etc. mar shampla). D'fhéadfadh sé a bheith níos deacra ag údarás cumaiscthe, de réir scála agus seasaimh, neamhaird a dhéanamh don rialtas láir nó é a chur ar leataobh, mar a tharla d'údaráis áitiúla roimhe seo.

Is maith a d'fhéadfadh údarás amháin a bheith in ann stádas geata na Gaillimhe a fheabhsú mar a aithnítear é sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus sa Straitéis Spásúlachta Náisiúnta. D'fhéadfadh údarás cumaiscthe straitéisí forbartha eacnamaíche agus sóisialta comhtháite a chinntiú agus 'glór' agus pointe iontrála amháin údarásach agus inchreidte a sholáthar cuir i gcás do ghnóthaí ar mian leo lonnú nó forbairt i nGaillimh. Is maith ábalta a bheadh an t-údarás in ann ceannasaíocht a ghlacadh agus tionchar a bheith aige ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Bheadh sé in ann freisin leas a bhaint as maoiniú, infheistíocht agus tacaíocht. D'fhéadfadh údarás cumaiscthe cuidiú chun stádas an cheantair a chinntiú agus a bheith mar thiománaí gníomhaíochta eacnamaíche sa chathair agus sa

chontae. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé comhordú agus comhtháthú ar leibhéal áitiúil a fheabhsú san earnáil phoiblí i gcoitinne.

Ach tá imní ann, agus cuireadh an imní sin in iúl i roinnt freagairtí comhairliúcháin go bhféadfadh tionchar tromchúiseach a bheith ag cumasc ar ról chathair na Gaillimhe mar gheata. Sa chas sin,

de bharr acmhainní caolaithe agus fócas laghdaithe ar an gcathair mar gheall ar an gcumasc (toisc go gcónaíonn formhór den daonra lasmuigh den chathair) d'fhéadfaí deireadh a chur leis an gcumas a bheadh ag Gaillimh a stádas mar gheata a fhorbairt. Chaillfeadh Gaillimh amach d'ionaid réigiúnacha eile, ag lagú a stádais mar gheata fiú níos mó fós. Léiríodh imní freisin ó thaobh forbairt shóisialta de, ag glacadh le scála na ndúshlán a bhaineann le míbhuntáiste atá le sárú ag an gcathair go háirithe, nach mbeadh aon rud a d'fhéadfadh an fócas a chur ar seachrán ó na dúshlán sin chun leas an phobail in aon chor. Chomh maith leis sin, maidir le cineachadh feidhmeanna don rialtas áitiúil, is beag fianaise atá ann i gcleachtas den rialtas láir á thiomáint sin nó a rá go mbeadh comhairle chumaiscthe ar aon bhealach níos éifeachtaí ó thaobh cineachadh.

Ardaíodh ceist faoi ról na Gaeltachta agus réigiún Chonamara i roinnt aighneachtaí a fuarthas. Bhí imní ann dá mbreithneofaí cumasc mar rogha, nár chóir go dtógfadh sé an aird ó cheisteanna Gaeltachta agus riachtanais Chonamara.

Rialachas agus cuntasacht

Tá ról lárnach ag comhairleoirí ó thaobh cúram a chur ar an bhfeidhmeannas as seirbhísí ina gceantar áitiúil agus as a chinntiú go bhfuil siad freagrach dá bpobail áitiúla. Tugtar le fios ó thaithí ar atheagrú an rialtais áitiúil sa Danmhairg (Kjaer et al, 2010) go mbíonn nós sna bardasachtaí nua agus níos mó an tionchar a bhogadh ó ghnáth-chomhairleoirí agus i dtreo cúpla duine a mbíonn tionchar níos mó laistigh den chomhairle (an ciorcal inmheánach), i.e. an méara agus cathaoirligh coistí. Fuarthas amach freisin gur neartaigh na cumaisc tionchar an riaracháin i gcomparáid leis na comhairleoirí. Is minic go méadaítear ualach oibre na gcomhairleoirí freisin nuair a tharlaíonn cónascadh. Tugann Though Hansen (2014) faoi deara freisin, ag féachaint dó ar thaithí na Danmhairge gur treochtaí imeallacha iad seo agus luann sé cé go mbaineann roinnt costais dhaonlathacha le cumaisc bhardais gur costais bheaga atá i gceist agus nár cheart áibhéil a dhéanamh maidir leo.

Tugtar le fios i dtaithí ó thuairiscí idirnáisiúnta maidir le hatheagrú an rialtais áitiúil, má thriailtear cumasc mar rogha, go mbeidh gá le hacmhainn rialachais a bheidh bunaithe ar an réigiún go léir agus dírithe ar shaincheisteanna straitéiseacha, agus go gcuirfead leis sin le tuilleadh socruithe rialachais áitiúil a fhágann go mbeifear in ann dul i ngleic le saincheisteanna áitiúla ar bhealach éifeachtach, agus go gcoinnítear agus go bhforbraítear an caidreamh áitiúil idir saoránaigh agus an chomhairle.

Gan aon tionchar suntasach ar chórais rialachais agus chuntasachta.

Leathnú teorann le haghaidh chathair na Gaillimhe

D'fhéadfadh comhairle níos mó don chathair agus comhairle níos lú don chontae a bheith ann de bharr na rogha sin. Ag brath ar scála an athraithe teorann, d'fhéadfadh líon coibhneasta na gcomhaltaí tofa méadú sa chathair agus laghdú sa chontae, go speisialta i gcomhthéacs leathnú chun ceantair mar Bhearna agus Órán Mór a chur san áireamh. Bheadh gá ina dhiaidh sin athruithe a dhéanamh ar na ceantair bhargasacha a bheadh i gceist. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige freisin ar chothromaíocht na hionadaíochta polaitiúla sa chathair agus sa chontae araon. Bheadh an méid tábhachta a bheadh leis na hathruithe sin ag brath ar mhéid leathnú na teorann.

Seirbhísí radacacha comhroinnte

Ní bheartaítear aon athrú a dhéanamh ar mhaoirseacht agus ar chuntasacht pholaitiúil faoin rogha seo. Dúshlán mór amháin a d'fhéadfadh a bheith ag lucht bainistíochta agus ag a bhfoireann faoin socrú seo ná dul i ngleic le riachtanais agus le ceanglais chuntasachta an dá chomhairle. Go háirithe i gcás ina bhfuil dhá thuairim dhifriúla idir na comhairlí cathrach agus contae ar cheisteanna, d'fhéadfaí deacrachtaí a chruthú mar gheall ar an mbrú a chuirtear ar lucht bainistíochta.

Cumasc iomlán

Bheadh 'guth' cathrach agus contae níos comhtháite ar leibhéal polaitiúil ina ghné thábhachtach chun dul i ngleic le saincheisteanna eacnamaíochta agus forbartha sóisialta. Ach d'fhéadfaí féachaint ar chumasc mar ghuth chodanna difriúla den chathair agus den chontae mar rud a mbeadh tionchar míchothrom nó tromchúiseach orthu, agus 'buaiteoirí' agus 'cailliúnaithe' mar dhea ann i dtéarmaí ionadaíochta polaitiúla. Ardaíodh inní i gcuid mhaith de na haighneachtaí maidir le hionadaíocht agus tionchar polaitiúil a chailliúint, agus measadh go bhféadfadh laghduithe in infheistíocht agus i soláthar seirbhíse a bheith mar thoradh air sin. Mheas roinnt acu go mbeadh cumasc i bhfabhar leasanna na tuaithe níos mó ná leasanna na cathrach, agus mheas daoine eile gur malairt scéil a bheadh ann. Nuair a rinne siad féin machnamh ar an gceist, dúirt Coiste Rialtais Áitiúil Luimnigh go raibh 'an Coiste sásta gur féidir le socruithe rialtais áitiúil athraithe, ach iad a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i gceart, torthaí den sórt sin a sheachaint. Déanann Comhairlí Contae cosúil le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Dhún Laoghaire Ráth an Dúin agus Fine Gall ionadaíocht rathúil agus freastalaíonn siad ar riachtanais éagsúla na ndaonraí uirbigh agus tuaithe'.

Sna haighneachtaí ina ndearnadh pointí i gcoinne cumaisc tugadh le fios go bhféadfadh cumasc ról agus stádas chathair na Gaillimhe a chaolú sna socruithe

rialachais athbhreithnithe a bheadh riachtanach. Is é an argóint atá ann ná go mbeadh an chathair ina ceantar bardasach nó cathrach den chomhairle nua agus go laghdófaí a stádas dá réir sin. Sa chomhthéacs sin, cé go bhfuil sé róluath breithiúnais chinnte a chruthú ó

réigiún Luimnigh agus Phort Láirge, luafadh an lucht bainistíochta ansin an cumas pleanáil níos fearr don réigiún leathnaithe mar láidreacht de na socruithe nua agus mar fheabhas ar stádas na cathrach.

Seachadadh seirbhísí

An phríomhcheist anseo ná tionchar an athraithe teorann, na seirbhísí roinnte nó an chónasctha ar chaighdeán na seirbhísí agus ar rochtain chucu, agus seachadadh éifeachtúil ar an talamh. Úsáideadh feabhsúchán seirbhíse mar bhonn cirt a úsáideadh i roinnt cónascthaí idirnáisiúnta. Maidir le coigiltí ar chostais agus ar éifeachtúlacht, tá an fhianaise chun tacú leis an iomarbhá atá sa litríocht teoranta. Ba ghnách le go leor comhairlí a rinne cumasc a bheith ag iarraidh fanacht le chéile agus ní tharlaíonn sé ach i fíorbheagán cásanna (go mór mhór in Queensland san Astráil) gur léirigh siad go raibh fonn orthu filleadh ar shocruithe roimhe sin, an fhoireann nó úsáideoirí seirbhíse. Tá roinnt fianaise idirnáisiúnta ann go bhféadfadh údarás áitiúil níos mó, go mór mhór cinn atá dian ar shaothar, a bheith níos daoire ná níos saoire, ar bhonn coibhneasta, agus go bhféadfadh seirbhísí níos déine ar chaipiteal a bheith ann mar thoradh ar choigiltí.

Fuair Callanan, Murphy agus Quinlivan (2014) amach go dtugtar le fios i gcúpla staidéar go bhféadfadh sé nach mbíonn údarais áitiúla móra chomh freagrúil, agus go mbíonn níos mó maorlathais le sonrú iontu. Tugtar le fios freisin sna staidéir toisc go bhfuil sé de nós ag údarais áitiúla móra tabhairt faoi bhreis gníomhaíochtaí 'intí' ná mar a thugann údarais áitiúla níos lú gur lú seans atá ann go mbainfidh siad úsáid as córais sheachadta mhalartacha. I ndiaidh dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar tháscairí seirbhíse roghnaithe fheidhmíocht an rialtais áitiúil in Éirinn, fuair siad amach freisin:

go bhfuil fianaise an-teoranta ann d'aon ghaol idir méid an údarais áitiúil ar lámh amháin agus líon mór táscairí seirbhíse ar an lámh eile, lena n-áirítear bailiú ioncaim (iasachtaí tithíochta, rátaí tráchtála agus táillí uisce nach mbaineann leis an teach cónaithe), tréimhsí ama chun iarratais phleanála a phróiseáil agus iarratais ar mótarcháin agus ar cheadúnais tiomána, leibhéil uisce gan tásca, leibhéil truailliú ó bhruscar, rátaí athchúrsála, agus forfheidhmiú pleanála agus rialú foirgníochta. Sna réimsí sin, agus go deimhin i réimsí eile, tugtar le fios sna torthaí nach bhfuil aon nasc inbhraite idir méid an daonra agus feidhmíocht an údarais áitiúil (lgh 389-390).

Gan athrú

Seachas obair leanúnach ar fheabhsú seirbhíse a bhí ag tarlú ar bhonn rialta, níl aon

scóip ann do thairbhí breise a bheith ag teacht chun cinn ón rogha gan athrú a dhéanamh.

Leathnú teorann le haghaidh chathair na Gaillimhe

Ag glacadh leis an leibhéal ard comhoibriú idir an chathair agus an contae ar chúrsaí seachadta seirbhíse, ní dóigh go mbeidh tionchar suntasach ag athrú na teorann ar sheachadadh díreach seirbhíse ar an bpobal trí chéile. D'fhéadfaí an argóint a dhéanamh go bhféadfadh seirbhísí chuig na hArdáin agus an Pháirc Mhór tairbhe a bhaint as comhairle amháin a bheith ag déanamh pleananna agus á soláthar.

Seirbhísí radacacha comhroinnte

Trí bhainistíocht chomhaontaithe, pleanáil agus seachadadh seirbhísí níos comhordaithe, agus trí dhea-chleachtais agus nuálaíochtaí a chomhroinnt, tá sé de chumas ag an rogha seirbhísí comhroinnte éifeachtúlacht agus éifeachtacht seirbhísí a fheabhsú má chuirtear i bhfeidhm iad go críochnúil agus go héifeachtach. Chomh maith leis sin, d'fhéadfá cás a shamhlú ina bhféadfaí seirbhís níos saincheaptha a sheachadadh bunaithe ar phróifíl tíreolaíoch, déimeagrafach, eacnamaíoch etc. faoin rogha maidir le seirbhís radacach comhroinnte, trí sheirbhísí a dhearadh ar bhealach ionas go bhfreastalaíonn siad ar bhealach níos oiriúnaí ar riachtanais na cathrach agus an chontae.

Rud amháin a d'fhéadfadh teorainn a chur le seirbhísí radacacha comhroinnte ó thaobh seachadadh seirbhíse a fheabhsú is ea an pointe a rinne na daoine a bhí i gcoinne cumaisc go mbíonn na riachtanais seachadta seirbhíse i gceantair uirbeacha agus thuaithe difriúil ar go leor bealaí, agus go mbíonn gá le samhla agus le cur chuigí seachadta seirbhíse difriúla. Tá argóint den chineál céanna i gceist i gcás seirbhísí radacacha comhroinnte.

Cumasc iomlán

Ach an oiread leis an rogha maidir le seirbhísí radacacha comhroinnte, tá sé de chumas ag comhairle chumaiscthe éifeachtúlacht agus éifeachtacht seirbhísí a fheabhsú. Seans go mbeidh scóip ann, áfach, faoi chomhairle amháin agus le cumasc iomlán seirbhísí a athchumrú ar fud na cathrach agus an chontae.

Mar sin féin, is dúshlán d'údaráis mhóra áitiúla gan éirí ró-scoite amach ó shaoránaigh. Tá an chontúirt ann go bhféadfadh údaráis mhóra áitiúla a bheidh i gcoimhlint leis an mbéim mhéadaithe ar an ngá atá d'údaráis áitiúla nascadh le saoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus iad a bheith rannpháirteach ann. Tugadh le fios i roinnt aighneachtaí go bhfuil an cumas ag codanna den limistéar atá cumhdaithe seirbhísí laghdaithe a fháil go héifeachtach toisc nach bhféadfadh an t-údarás cumaiscthe aird iomlán a thabhairt do gach limistéar. Bhí éagsúlacht sna haighneachtaí ó thaobh na limistéir a bhféadfaí tionchar a imirt orthu, tugadh le fios i

roinnt acu go mbeadh an chathair síos leis, daoine eile a deir go bhféadfadh áiteanna mar Chonamara nó oirthear an chontae agus bailte móra mar Tuaim, Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe agus Baile Locha Riach agus an daonra mór tuaithe iontu a bheith síos leis toisc nach bhfaighidís an oiread airde anois.

Rinne na daoine a bhí i gcoinne cumaisc go mbíonn na riachtanais seachadta seirbhíse i gceantair uirbeacha agus thuaithe difriúil ar go leor bealaí. Mar shampla, an leibhéal ard míbhuntáiste sóisialta i roinnt limistéar uirbeach, agus an t-éileamh scaipthe i gceantair thuaithe i gcomparáid leis na seirbhísí sa chathair atá níos láraithe. I gcontrátha leis sin, rinneadh an argóint go gciallaíonn an leibhéal ard comhoibriú idir an chathair agus an contae i gcúrsaí seachadta seirbhíse nach dóigh go mbeadh tionchar suntasach ag cumasc nó ag athrú teorann ar sheachadadh díreach seirbhísí don saoránach.

Bainistíocht acmhainní daonna

I gcuid mhaith cásanna idirnáisiúnta a ndearnadh imscrúdú orthu, feictear síntí teorann nó cónascaí mar rudaí tábhachtacha ó thaobh acmhainn phroifisiúnta na n-údarás áitiúil a neartú chomh mór le héifeachtúlacht a fheabhsú nó níos mó ná sin fiú. Ceist lárnach anseo ná acmhainn a thógáil agus a choinneáil lena chinntiú go gcoinnítear agus go bhforbraítear seirbhísí agus d'fhonn foireann atá cáilithe go cuí a mhealladh agus a choinneáil. Baineann sé le heagraíocht nó eagraíochtaí a fhorbairt a bhfuil dóthain acmhainne agus mais chriticiúil acu chun gach leibhéal foirne a fhorbairt agus pleanáil comharbais a chruthú chun tacú le riachtanais phearsanta agus eagraíochta. Díritear ar fhoireann ardoilte a fháil, a choinneáil agus a fhorbairt atá riachtanach chun ordú a choinneáil ar an measra méadaithe laistigh de sheirbhísí rialtais áitiúil.

Saincheist thábhachtach do na roghanna go léir lena mbaineann athrú ná an éifeacht shuaiteach a bhíonn ag athrú uaireanta ar spreagadh agus ar fheidhmíocht na foirne. Fuarthas amach i staidéar ar údarais áitiúla i Sasana a raibh atheagrú le déanamh orthu gur tháinig meath ar fheidhmíocht sular tugadh struchtúir nua isteach. Cuirtear saincheistanna lena n-áirítear laghdú ar mheanma na foirne, cailleadh saineolais bainistíochta mar gheall ar láimhdeachas méadaithe, 'meath pleanála' nuair a chuirtear cinntí straitéiseacha ar fionraí go dtí go mbunaítear an eagraíocht nua, agus seachrán ó phríomhaidhm an tsoláthair seirbhíse, rudaí go léir ar thit feidhmíocht mar gheall orthu. Sa chás sin, bhí iarmhairtí diúltacha ag iarmhairtí gearrthéarmacha an atheagraithe (Andrews and Boyne, 2011). Ionas nach gcuirfeadh isteach ar fheidhmíocht agus ar mheanma agus ar spreagadh, ní mór aon athrú a phleanáil agus a chéimniú go cúramach.

Gan athrú

Seans nach mbeidh ag an rogha gan athrú a dhéanamh ach tionchar beag ar fhoirne go gearrthéarmach ar a laghad.

[Leathnú teorann le haghaidh chathair na Gaillimhe](#)

Ag brath ar chleachtadh díchill chuí a chur i gcrích, d'fhéadfadh an rogha an líon foirne a bheadh ar fáil don chathair a mhéadú, ach go mbeadh an contae as póca dá bharr, de réir mar a aistríonn foirne atá bainteach le hobair don limistéar a bheadh i gceist ag aistriú ón gcontae chuig an gcathair. Má tharlaíonn

sé sin, d'éascódh sé líon níos mó foirne sa chathair agus thacódh sé le foireann atá cáilithe go cuí a choinneáil. Ar an taobh eile den scéal, seans go mbeadh dúshlán níos mó os comhair an chontae de réir mar a laghdódh an líon foriomlán foirne. D'fhéadfadh dúshlán a bheith ag baint le saincheisteanna meanma agus spreagtha i gcás den sórt sin. Bheadh tionchar ag méid an leathnú teorann ar mhéid an aistriú foirne, agus leathnú mór teorann ag méadú an seans go ndéanfar tuilleadh foirne a aistriú.

Seirbhísí radacacha comhroinnte

D'fhéadfaí líon foriomlán na foirne a laghdú, nó d'fhéadfaí foireann a athfhostú i réimsí eile, faoin rogha seirbhísí radacacha comhroinnte. Thabharfadh comhordú phleanáil an lucht oibre a spreagfadh seirbhísí comhroinnte comhthéacs ina bhféadfaí leibhéil foirne, forbairt scileanna agus mar sin de a phleanáil ar bhealach níos réasúnaí ná dá dtabharfadh dhá aonán fúthu astu féin. Seans go méadófaí an cumas cumraíochtaí foirne a phleanáil ar bhealach comhordaithe don dá chomhairle. Ach bheadh deighilt éigin fós ann a d'fhéadfadh a bheith teoranta mura mbainistefoí go stuama é. Nuair a thabharfaí aghaidh ar riachtanais an dá chomhairle chruthófaí dúshlán maidir le cumrú foirne níos comhtháite freisin.

Cumasc iomlán

D'fhéadfadh cumasc iomlán pleanáil comharbais níos soiléire, forbairt foirne agus seirbhísí tacaíochta a spreagadh a bheadh dírithe ar a chinntiú go gcoinneodh an chathair agus an contae foireann d'ardchaighdeán. Cinntítear dá réir sin leis an gcumas foireann a choimeád agus a fhorbairt go bhforbrófar timpeallacht oibre roghnaithe agus gur féidir leis cabhrú chun athrúchán foirne a íoslaghdú rud a mbíonn tionchar dearfach aige ar sheachadadh seirbhíse. Is dóigh má dhéantar comhordú iomlán ar phleanáil an lucht saothair go mbeifear in ann dá bharr sin an úsáid is éifeachtúla a bhaint as an acmhainn foirne.

Tá an baol cur isteach, go háirithe sa chéim aistrithe, níos mó áfach faoi chumasc iomlán. Beidh tionchar ag cumasc ar fhéiniúlacht agus ar mhisean, agus ar chultúir an dá eagraíocht reatha, agus seans go gcuirfear isteach orthu.

Rud dearfach, ná i gcuid mhaith cásanna feictear cónascadh mar rud tábhachtach ó thaobh acmhainn phroifisiúnta na n-údarás áitiúil a neartú chomh mór le héifeachtúlacht a fheabhsú nó níos mó ná sin fiú. Ceist lárnach anseo ná acmhainn a thógáil agus a choinneáil lena chinntiú go gcoinnítear agus go bhforbraítear seirbhísí agus d'fhonn foireann atá cáilithe go cuí a mhealladh agus a choinneáil. Baineann sé le heagraíocht a fhorbairt a bhfuil dóthain acmhainne agus mais chriticiúil aici chun

gach leibhéal foirne a fhorbairt agus pleanáil comharbais a chruthú chun tacú le riachtanais phearsanta agus eagraíochta. Díritear ar fhoireann ardoilte a fháil, a choinneáil agus a fhorbairt atá riachtanach chun ordú a choinneáil ar an meascra méadaithe laistigh de sheirbhísí rialtais áitiúil.

Éifeachtúlacht

Tá tagarmhairc agus comparadóirí teoranta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir le héifeachtúlachtaí agus coigiltí costais. Go náisiúnta, níl aon chuntas suntasach tugtha ar an méid coigiltí a rinneadh i Luimneach, Port Láirge agus Tiobraid Árann, mar sin ní féidir coigiltí agus an méid éifeachtúlachta atá bainte amach a dheimhniú, ach i ngach cás dar leo go bhfuil roinnt coigiltí á ndéanamh. I dTiobraid Árann, mar shampla, faoi Fheabhra 2015, tugadh faoi deara coigiltí párolla de bhreis is €3 milliún. Tá an figiúr sin bunaithe ar athruithe a tharla ó fógraíodh an cumasc, lúide na poist a líonadh arís le cead ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Áiríodh le costais an chumaisc caiteachas aonuaire ar chomhchuibhiú TF, feabhsuithe oifige agus brandáil chorparáideach agus meastar iad ag €1.7 milliún, beagán níos ísle ná an figiúr réamh-mheasta. Beidh costais athfhillteacha, mar gheall ar chomhchuibhiú rátaí corparáideacha i limistéar iar-Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh chuig an-leibhéal a bhí i bhfeidhm i gComhairle Contae Thiobraid Árann Theas €330,000 in aghaidh na bliana. Baineadh amach éifeachtúlachtaí agus saoradh am foirne le haghaidh tosaíochtaí eile a bhain le deireadh a chur le dúbailt roinnt gníomhaíochtaí, cosúil leis an ngá atá anois le díreach plean forbartha amháin, tuarascáil bhliantúil amháin, sraith cuntas amháin, iniúchadh amháin etc.

Go hidirnáisiúnta, is cosúil go bhfuil taithí an-éagsúil ag baint le hatheagrú, agus díospóid faoi na costais agus na buntáistí. Tugann staidéir éagsúla torthaí éagsúla a thagann salach ar a chéile uaireanta. Mheas Aulich et al (2011: 10) gur beag fianaise atá ann go mbainfear barainneachtaí scála amach le cónascadh as féin a bheadh aon cheo níos mó ná iad sin a d'fhéadfaí a bhaint amach trí chineálacha eile comhdhlúthú, nó go bhfuil barainneachtaí den sórt sin ar fáil thar chuid mhaith d'fheidhmeanna an rialtais áitiúil is cuma cén cineál bealach a bhfuil siad ar fáil. Fuair siad amach nach bhfuil mórán samplaí láidre sa litríocht, sna cás-staidéir ar a ndearnadh imscrúdú, nó i dtraithí agus in eolas na saineolaithe lenar labhair siad. Fós féin tugann siad faoi deara go gcreideann siad i gcónaí sa rialtas lár – agus roinnt sa rialtas áitiúil – gur féidir coigiltis mhóra a dhéanamh agus gur chóir iad a dhéanamh.

Tá roinnt fianaise idirnáisiúnta ann go bhféadfadh údarás áitiúil níos mó, go mór mhór cinn atá dian ar shaothar, a bheith níos daoire ná níos saoire, ar bhonn coibhneasta, agus go bhféadfadh seirbhísí níos déine ar chaipiteal a bheith ann mar thoradh ar choigiltí (Callanan, Murphy and Quinlivan, 2014).

Is sa Danmhairg a rinneadh ceann de na staidéir ba láidre inar thángthas ar an tionchar a bhíonn ag cónascadh an rialtais áitiúil. Sa tréimhse ó 2005-2010 tharla

athchóiriú cathrach ar scála mór, áit ar cónascadh 238 bardas agus rinneadh 65 aonán nua díobh, agus ní dheachthas gar in aon chor do 33 bardas. Fuarthas amach in anailís chomparáideach ar na bardais sin a bhí cónasctha i gcomparáid leo sin nach ndearnadh aon cheo leo go bhfuil an caiteachas ar chúrsaí riaracháin níos ísle sna bardais nach ndeachthas i ngar dóibh.

In 2007, láithreach bonn tar éis an athchóiriú a dhéanamh, chaith bardais a cónascadh 0.2 faoin gcéad níos lú ná na bardais sin nach ndeachthas i ngar dóibh in aon chor. In 2008, ba ionann na coigiltis agus 3.2 faoin gcéad; in 2009 6.4 faoin gcéad, agus in 2010, 8.4 faoin gcéad (Blom-Hansen et al, 2011).

Gan athrú

Ar ndóigh, níl thagann aon choigiltí costais nó éifeachtúlachta chun cinn ó chónascadh sa rogha gan athrú a dhéanamh. Bheadh na coigiltí leanúnacha á gcur i bhfeidhm, áfach, ar fud an chórais rialtais áitiúil ar fad a bhaineann le clár éifeachtúlachta an rialtais agus leis an seasamh buiséadach ginearálta. Bheadh feidhm leis na coigiltí sin i dtaca leis na roghanna go léir.

Leathnú teorann le haghaidh chathair na Gaillimhe

Is deacair coigiltí a bhaineann leis an rogha seo a shamhlú, toisc go mbaineann sé go príomha le hathchumrú teorainneacha agus le haistrithe gaolmhara foirne etc. Níl aon amhras ach go mbeadh costais trasdula ag baint leis an rogha sin freisin.

Seirbhísí radacacha comhroinnte

Mar a tugadh le fios i roinnt aighneachtaí, ag glacadh le scála na gcoigiltí éifeachtúlachta a baineadh amach sa rialtas áitiúil le roinnt blianta anuas, ní dóigh go mbainfear amach aon choigiltí móra faoi rogha maidir le seirbhísí radacacha comhroinnte. Níl aon amhras faoi ach go dtiocfadh roinnt éifeachtúlachtaí chun cinn, mar sin, de réir mar a laghdófaí dúbailt oibre. Chuirfeadh costais aistrithe teorainn leis an scóip i gcomhair éifeachtúlachtaí i rith na hidirthréimhse. Chaithfí coigiltí foirne agus oibríochta a chéimniú isteach agus thógfadh sé cúpla bliain coigiltí a bhaint amach. Tá costais idirbheartaíochta freisin a bhaineann le seirbhísí comhroinnte a bhainistiú, cosúil le comhaontuithe seirbhíse a chomhaontú agus a fhaire.

Cumasc iomlán

Gach seans go mbeadh coigiltí breise i gcostais oibríochta mar thoradh ar chumasc iomlán go meán nó fadtéarmach thar sheirbhísí radacacha comhroinnte, toisc go bhféadfaí cur chuige níos comhtháite a chur i bhfeidhm ar shaincheisteanna cosúil le ceannach agus úsáid acmhainní, agus bheadh scóip ann deireadh a chur le dúbailt oibre ag leibhéal foirne níos sinsearaí. Thabharfadh an taithe ó Thiobraid Árann, Phort Láirge agus Luimneach, agus taithe idirnáisiúnta le fios, nach raon sprice míréasúnta i gcomhair coigiltí a bheadh i roinnt coigiltí ar chostais oibríochta, b'fhéidir ag thart ar 2 faoin gcéad. Ach tugtar le fios san fhianaise nach ráthaítear agus nach mbaintear coigiltí den sórt sin amach go héasca; bíonn planáil agus bainistiú stuama ag

teastáil uathu.

D'fhéadfaí freisin le cumasc dúbailt oibre riaracháin a laghdú agus acmhainní a shaoradh suas, i gcomhair úsáid tháirgiúil, a bhí síte suas roimhe sin ag próisis éagsúla cosúil le dhá phlean forbartha a chur le chéile, cuntais, tuarascálacha bliantúla, rátáil, pleananna corparáideacha, iniúchadh, etc., ina mbeadh costais foirne agus neamh-foirne i gceist. D'fhéadfadh deireadh nó laghdú ar chostais den sórt sin a bheith ina bhuntáiste de chumasc, cé nach hionann sin agus a rá go dtarlódh coigiltí párolla dá bharr, go gearrthéarmach ar aon nós. Agus d'fhéadfaí roinnt de na héifeachtúlachtaí sin a shlogadh suas ag freastal ar na struchtúir nua rialachais a bhainfeadh le comhairle chumaiscthe.

Inbhuanaitheacht airgeadais

Baineann an mhír seo go bunúsach leis an tsaincheist maidir le cúiteamh a d'fhéadfadh a bheith dlite i gcás leathnú teorann ó chomhairle amháin go dtí comhairle eile, chun cúiteamh do chaillteanas ioncaim ó rátaí, cáin mhaoine, forbairt etc., tar éis aon choigiltí caiteachais a d'fhéadfadh fabhrú a chur san áireamh.

Gan athrú

Toisc nach dteastódh aon chúiteamh leis an rogha seo, ní bhaineann aon saincheistanna inbhuanaitheachta airgeadais leis an rogha seo.

Leathnú teorann le haghaidh chathair na Gaillimhe

Bunaithe ar thaithí roimhe seo i dtaca le hathruithe teorann, chaithfí socruithe a chur i bhfeidhm a chinnfeadh (a) an méid cúitimh a theastódh ón gcathair don chontae (saincheistanna maidir leis an méid ioncaim a chaillfí agus a gheofaí a chomhaontú, talamh agus aistrithe fiach, etc.) agus (b) a chinnteodh córas láidir, comhaontaithe le haghaidh aistrithe idir na comhairlí thar roinnt blianta. Chaithfí próiseas díchill chuí a chur chun cinn i rith chéim pleanála forfheidhmithe an tionscadail. Is é seasamh an rialtais, mar atá leagtha síos sna téarmaí tagartha, ná nár cheart aon chostas breise leanúnach a ghearradh ar an rialtas láir trí fhóirdheontas méadaithe ag éirí as aon rogha a roghnófaí, rud a leagfadh síos comhthéacs eile le haghaidh inbhuanaitheacht airgeadais. Bheadh scóip ann le haghaidh easaontú idir an chathair agus an contae faoi cad ba chóir a chur san áireamh, agus seans go dtógfadh sé roinnt ama é sin a réiteach. Is dóigh go mbeadh gá le próiseas neamhspleách eadrána de chineál éigin.

Cosúil le sampla amháin roimhe sin, i gCorcaigh, i 1960 rinne an Bardas achainí ar an Aire go leathnófaí teorainn na cathrach. Chuir Comhairle Contae Chorcaí ina choinne sin. Bhí fiosrúchán ar bun i 1961 agus i 1962, agus i ndiaidh cainteanna forleathana comhaontaíodh leathnú teorann i 1965 ag cumhdach 6,250 acra (ar chostas

£1.55 milliún don chathair i ndiaidh nósanna imeachtaí eadrána an-fhada).

Seirbhísí radacacha comhroinnte

Toisc nach dteastódh aon chúiteamh leis an rogha seo, ní bhaineann aon saincheisteanna inbhuanaitheachta airgeadais leis an rogha seo.

Cumasc iomlán

Toisc nach dteastódh aon chúiteamh leis an rogha seo, ní bhaineann aon saincheisteanna inbhuanaitheachta airgeadais leis an rogha seo.